



TOSAÍOCHTAÍ CHUN RATHÚNAIS



An Banc Eorpach
Infheistíochta | Grúpa

TOSAÍOCHTAÍ CHUN RATHÚNAIS

Tuarascáil Ghníomhaíochta 2024



An Banc Eorpach
Infheistíochta | Grúpa

Tuarascáil Gníomhaíochta Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, 2024
Tosaíochtaí chun rathúnais

© An Banc Eorpach Infheistíochta, 2025.

98 -100, boulevard Konrad Adenauer
L-2950 Lucsamburg

Gach ceart ar cosaint.

Ba cheart gach ceist a bhaineann le cearta agus ceadúnú a chur chuig publications@eib.org.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le gníomhaíochtaí an BEI, téigh chuig ár láithreán gréasáin, www.eib.org.

Mar mhalairt air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le info@eib.org. Cláraigh le haghaidh ár ríomh-nuachtlitreach ag www.eib.org/sign-up.

© Creidiúintí grianghraf: BEI, Energy Dome, Verkor, Swappie, Matr Foods, Rim Foam, Shutterstock, GettyImages.

Arna fhoilsiú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Arna chur i gcló ar pháipéar FSC®.

A BHFUIL SA TUARASCÁIL SEO

Bíonn daoine agus gnólachtaí ag súil go dtacóidh an Eoraip le hinfheistíochtaí don am atá le teacht. Infheistíochtaí lena gcuirtear feabhas ar shaolta. Infheistíochtaí lena n-atreistear an tslándáil agus lena gcuirtear deiseanna nua ar fáil. In 2024, sheol Grúpa an BEI Treochlár Straitéiseach chun é sin go léir a dhéanamh. Bunaithe ar ár bpríomhthosaíochtaí straitéiseacha, tá sé mar aidhm againn dlús a chur leis an aistriú glas, nuálaíocht teicneolaíochta a threisiú, slándáil agus cosaint a neartú, agus tacú leis an gcomhtháthú réigiúnach agus le bonneagar sóisialta. Tugann ár dtiomantas don fhorbairt idirnáisiúnta agus do chomhtháthú na margaí caipitil cosaint do sheasamh láidir na hEorpa ar an ardán idirnáisiúnta. **Cuireann ár dtosaíochtaí le fás, le rathúnas agus le dul chun cinn teicneolaíochta agus sóisialta sna Ballstáit aonair, ar fud an Aontais Eorpaigh ar fad, agus ar fud an domhain.** Tá ár dtosaíochtaí ag teacht le clár oibre cheannairí na hEorpa maidir leis an iomaíochas, leis an neamhspleáchas straitéiseach agus leis an tslándáil eacnamaíoch. Cuireann ár gcuid oibre sna réimsí sin le guth láidir don Eoraip ar fud an domhain trí chéile agus cabhraíonn an obair sin le dul i ngleic le dúshlán gheopholaitiúla ár linne. Cuirtear béim sa tuarascáil seo ar thionscadail ina léirítear ár gcuid oibre i ngach ceann de na tosaíochtaí sin.

CLÁR NA nÁBHAR

2 **BUAICPHOINTÍ 2024, SONRAÍ IASACHTAITHE AGUS TIONCHAIR**

4 **GRÚPA AN BEI I DO THÍR**

6 **AN BEI AR FUD NA CRUINNE**

9 **ÁR bPRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA**

1. GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

- 12 An Ghearmáin: Fuinneamh ón domhan féin
- 13 An Ghearmáin: Eangach le haghaidh an chroí ghlais
- 14 An Fhrainc: Gigea-spreagadh le haghaidh ceallraí
- 16 An Iodáil: Cruinneachán fuinnimh in-athnuaite
- 18 An Pholainn: Sábháilte ar deireadh thiar

2. DIGITÍÚ AGUS NUÁLAÍOCHT TEICNEOLAÍOCHTA

- 22 An Bheilg: Ní gá masc codlata níos mó
- 23 An Fhionlainn: Teicneolaíocht gan dáta éaga
- 24 An Ghearmáin: Teilea-thuras sa ghluaisteán
- 25 An Iodáil: Todhchaí leictrithe
- 26 An Spáinn: Éabhlóid gluaisrothar a spreagadh
- 27 An Ostair: Réiteach glas don chruach
- 28 An Spáinn agus an tSualainn: Rabharta nuálaíochta
- 29 An Pholainn: Léim mhór i gcúrsaí solais
- 30 An Fhrainc: Antasubstaintí inchoigeartaithe

3. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

- 34 An Danmhairg: Athchruthú Esbjerg

4. BEARTAS COMHTHÁTHAITHE NUA-AIMSEARHA

- 38 An Iodáil: Cinneadh deacair
- 39 An Rómáin: Aistriú ar na díonta
- 40 An tSlóivéin: Cur leis an bhfuinneamh glas
- 41 An Pholainn: Iarnród chun an aigéin

72 **CÁ AS A dTAGANN AN tAIRGEAD?**

74 **CÚRSAÍ RIALACHAIS**

75 **PLEAN OIBRIÚCHÁIN AN GHRÚPA 2025-2027: BUAICPHOINTÍ**

5. BONNEAGAR SÓISIALTA

- 44 An Chipir: Lóistín le fás
- 45 An Ostair: Go leor lóistín ar cíos
- 46 An tSeicia: Encore Ostrava
- 47 An Iodáil: Ní ocsamórón atá ann

6. TALMHAÍOCHT AGUS BITHGHEILLEAGAR

- 50 An Ghréig: Taiscumar na hathléimneachta
- 51 An Spáinn: Ola de bhunús eile
- 52 An Danmhairg: 'Feoil' mhionaithe ó mhícéiliam
- 54 An Ghearmáin: Nuachóiriú na huachtarlainne
- 55 An Ghearmáin: Réiteach blasta

7. INFHEISTIÚ DOMHANDA ARDTIONCHAIR

- 58 An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin: Sruth i dtreo na todhchaí
- 62 An Albáin: Ar an mbóthar iarainn ceart
- 63 An Úcráin: Táimid go léir ag tarraingt le chéile
- 64 An Afraic Theas, Mósaimbíc, an Téaváin: Baintear spriocanna amach le cothromas
- 65 An Mháratáin: Éagsúlacht na todhchaí

8. AONTAS NA MARGAÍ CAIPITIL

- 68 An Spáinn agus an Fhrainc: Ardáin le haghaidh caipitil

BUAICPHOINTÍ 2024

**GRÚPA AN BEI
IN 2024**

**€88.8
billiún**

**AN BANC
EORPACH INFHEISTÍOCHTA
IN 2024**

**€68.2 billiún
laistigh den Aontas**

**€8.4 billiún
lasmuigh den
Aontas**

**AN CISTE
EORPACH
INFHEISTÍOCHTA
IN 2024**

**€14.4
billiún**

Déanann an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI), ar cuid de Ghrúpa an BEI é, sainchúram den mhaoiniú riosca le tacú le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide agus le fás agus nuálaíocht a spreagadh fud fad na hEorpa. Cuireann sé idir mhaoiniú agus saineolas ar fáil i dtaca le hinfheistíochtaí stuama, inbhuanaithe agus oibríochtaí ráthaíochta. I measc scairshealbhóirí an CEI tá an BEI, an Coimisiún Eorpach, bainc phoiblí agus phríobháideacha agus institiúidí airgeadais.

TIONCHAR AN BEI

238 500
ha

Foraoisíú agus athchóiriú
foraoisí

854 000

Líon na síntiúsóirí
nua 5G

368 000

Líon na mac léinn i saoráidí
oideachais atá ag baint
tairbhe as maoiniú

20 964
MWh

Acmhainn giniúna
leictreachais ó fhoinsí
in-athnuaite fuinnimh

100 400

Líon na n-aonad tithíochta
in ar cuireadh feabhas ar an
bhfeidhmíocht fuinnimh

14.7 milliún

Líon na dteaghlach a
bhfuil fáil acu ar
chumhacht

107 370 km

Línte cumhachta a
tógadh/a uasghrádaíodh

7.2 milliún

Líon na méadar cliste a
suiteáladh

14.9 milliún

Líon na ndaoine a bhfuil fáil
acu ar sheirbhísí feabhsaithe
sláinte

67.5 milliún

Líon na ndaoine a bhfuil fáil
acu ar bhonneagar uirbeach/
réigiúnach níos fearr

305 mhilliún

Líon na dturas breise a
rinneadh ar mhodhanna
iompair phoiblí

19 800

Líon na n-aonad tithíochta
sóisialta nó inacmhainne a
tógadh nó a athchóiríodh

2.5 milliún

Líon na ndaoine a bhfuil
córais nua bailithe
dramháiola acu

5.9 milliún

Líon na ndaoine a bhfuil
fáil acu ar shláintíocht
níos fearr

13.7 milliún

Líon na ndaoine a bhfuil
fáil acu ar uisce óil
sábháilte

2 mhilliún

Líon na ndaoine atá i
mbaol laghdaithe tuitte

49

An líon satailítí a seoladh

1.5 milliún


Líon na bpost nua a
chruthófar faoi 2028

1.1%

Tionchar ar OTI an Aontais
faoi 2028

Torthaí a mheastar a bheith ar oibríochtaí
nua a síníodh in 2024.
Figiúirí neamhniúchta
sealadacha atá sna figiúirí uile.


GRÚPA AN BEI I DO THÍR



Dá dhorchá an dath is ea is mó an infheistíocht mar chéatadán den OTI.



AN BEI AR FUD NA CRUINNE





**IOMLÁN
LASMUIGH
DEN AONTAS
€8.4 billiún**

**AN ÁISE
€1.3 billiún**

Maidir le stádas dlíthiúil aon chríoch, teorainneacha, dathanna, ainmníochtaí nó faisnéise atá léirithe ar an léarscáil seo, ní thacaíonn an Banc Eorpach Infheistíochta leis, ní ghlacann leis ná ní thugann breithiúnas air.

Tar éis smachtbhannaí an Aontais i gcoinne an tSíría i mí na Samhna 2011, chuir an BEI gach gníomhaíocht iasachtaithe agus chomhairleach sa tír ar fionraí. Mar sin féin, tá an BEI páirteach i groighrúpa deontóirí atá ag déanamh monatóireachta ar an gcás faoi chomhcheannaireacht an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe.

ÁR bPRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA



€50.7
billiún

Éascaítear iompórtáil amhábhhar agus easpórtáil a cheallraí mar thoradh ar shuíomh ghigeamhonarcha Verkor gar do Dunkirk.

GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

“

Cur le teicneolaíochtaí glana atá ag teacht chun cinn, tá sé ar cheann de na dúshláin is práinní atá le sárú ag an Eoraip sa lá atá inniu ann. Tá fás thar cuimse ar an nuálaíocht sa teicneolaíocht ghlan, ach is tasc ollmhór atá dian ar chaipiteal i gcónaí é forbairtí a aistriú ina réitigh inscálaithe atá réidh don mhargadh – go háirithe trí léirithe céaduaire. Is minic a bhíonn rioscaí móra ag baint leis na tionscadail cheannródaíoch sin, rud a fhágann gur gá comhpháirtíochtaí láidre a bhunú idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach chun na bacainní sin a shárú. Táimid tiomanta don bhearna mhaoiniúcháin ríthábhachtach sin a dhúnadh le haghaidh cuideachtaí atá ag fás agus do bhorradh a chur faoi chomhpháirtíochtaí a mbeidh tionchar mór acu chun dlús a chur le húsáid teicneolaíochtaí claochlaitheacha. Ach tacú leis na fiontair teicneolaíochta glaine is mó a bhfuil gealladh fúthu san Eoraip, tá sé d’aidhm againn ár n-aistriú fuinnimh a bhrú chun cinn, an athléimneacht eacnamaíoch a chothú, agus staid na hEorpa sa gheilleagar glan domhanda a neartú. ”

Irene Gálvez Verdú, ceann an chaipitil cothromais agus forbraíochta don teicneolaíocht ghlan, Oibríochtaí an BEI

“

Is tábhachtaí anois ná riamh maoiniú don bhonneagar glas athléimneach mar gheall ar stoirmeacha, triomaigh agus fuarlaigh bháistí nua atá idir scriosach agus scanrúil. Tá sé de phribhéid ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a bheith in ann rannchuidiú ar scála, tacú le beartais na rialtas agus méideanna móra caipitil phríobháidigh a mhealladh i dtreo an mhaoinithe don aeráid. Mar bhanc aeráide an Aontais Eorpaigh, creidim gur féidir linn a bheith níos sofhreagrúla arís i ngach a ndéanaimid, níos mó a dhéanamh, agus treoir bheartais fhadtéarmach shoiléir a choinneáil ar bun, rud a chuireann thar cionn le gach tosaíocht straitéiseach eile. ”

Dirk Roos, ceann na gclár aistrithe fuinnimh, Tionscadail an BEI

FUINNEAMH ÓN DOMHAN FÉIN

Tá druileáil ar siúl sa Ghearmáin chun leas a bhaint as teas agus fuinneamh ón gcarraig fodhromchla. Is réiteach nuálach atá ann nach mbraitheann ar thaiscumair uisce

D'oibrigh Daniel Mölk in Geretsried sa Bhaváir den chéad uair go luath sna 2010idí ar thionscadal inar cuardaíodh taiscumair uisce fodhromchla the do phlean a bhí ag an bhfóntas áitiúil fuinneamh hidriteirmeach a ghiniúint. Níor aimsigh siad uisce, ach d'fhoghlaim Mölk agus an fhoireann gach rud, nach mór, faoin talamh féin agus faoi na foirmíochtaí carraige sa cheantar sin. Ba leis an obair sin a leagadh síos an bhunchloch le haghaidh saothar geoteirmeach ceannródaíoch san áit chéanna 13 bliana níos déanaí.

Is é atá i gceist le tionscadail fuinnimh gheoteirmigh, den chuid is mó, teas a ghabháil ó uisce fodhromchla nó ó thaiscumair ghailé trí dhruileáil. Mar sin féin, in Geretsried agus in go leor áiteanna eile, níl aon uisce faoin talamh nó níl fáil éasca air. Mar sin, bíonn Mölk, stiúrthóir bainistíochta Eavor Germany, fochuideachta d'Eavor, cuideachta i gCeanada, ag druileáil go domhain sa talamh agus úsáideann sé an teas sa charraig féin.

Tá an chéad Eavor-Loop ar scála tráchtála á thógáil in Geretsried le cuidiú ó dheontas €91.6 milliún ón gCiste AE don Nuálaíocht agus maoiniú €45 ón mBanc Eorpach Infheistíochta. Is nuálaíocht atá ann lena soláthrófar teas agus leictreachas glan in-athnuaite do choibhéis 30 000 teaghlach sa réigiún.

Tá an córas cosúil le radaitheoir ollmhór faoi thalamh. Déanann teicneoirí Eavor dhá thobar ingearacha a dhruileáil atá idir 4 500 agus 5 000 méadar ar doimhneacht. Ansin, druileálann siad 12 phéire de chainéil chliathánacha chothrománacha atá idir 3 000 agus 3 500 méadar ar a bhfad ó bhun gach tobair, agus is ionann é sin agus fad druileála thart ar 80 km in aghaidh gach lúibe. (Ceithre lúb den sórt sin a bheidh i gcóras Geretsried.) Líontar an radaitheoir ollmhór le huisce glan ansin. Úsáidtear caidéal chun tús a chur le sruth an uisce. Nuair a mhúchtar an caidéal, leanann an córas d'fheidhmiú go nádúrtha ar "theirmeashíofón". Ciallaíonn sé sin go mbíonn an t-uisce ag bun an chórais á théamh ag an gcarraig faoin talamh trí sheoladh. Ardaíonn an t-uisce sin go nádúrtha go barr an chórais, áit ar féidir úsáid a bhaint as go díreach le haghaidh téamh ceantair nó chun cumhacht a ghiniúint. Is lú an gás ceaptha teasa a astaítear ón gcóras i gcomparáid le gnáthchórais gheoteirmeacha mar ní gá sreabháin nua a chur isteach sa chóras agus ní gá úsáid fairsing a bhaint as caidéal ann.

Tá an chéad lúb de thionscadal Eavor-Loop Geretsried le bheith i mbun feidhme faoi dheireadh na bliana 2024. Tá coinne leis go mbeidh na ceithre lúb ar fad i mbun feidhme faoi 2026. Tá an chuideachta i mbun oibre ar an dara tionscadal in Hannover.

“Nuair a mhúchtar an caidéal, leanann an córas d'fheidhmiú go nádúrtha.”

EANGACH LE hAGHAIDH AN CHROÍ GHLAIS

Uasghrádú ar eangach Thuringia chun fadhbanna ar bhóthar an dícharbónaithe a réiteach

Chun a hastaíochtaí CO₂ a laghdú agus chun a slándáil fuinnimh a neartú, tá infheistíocht ollmhór á déanamh ag an Eoraip i gcineálacha fuinnimh in-athnuaite amhail cumhacht ghaoithe agus grianchumhacht. Mar sin féin, mar gheall ar an soláthar eadrannach leictreachais ó sholas na gréine agus ón ngaoth a bhíonn ag brath ar chúrsaí aimsire, bíonn deacrachtaí ag oibreoirí eangaí an soláthar leictreachais agus an t-éileamh ar leictreachas a thuar agus a bhainistiú. D'fhéadfadh sé gur dheacra d'eangacha minicíocht sheasmhach leictreachais a choinneáil ar bun freisin dá mbeifí ag brath ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Bíonn riosca ag baint leis sin dá gcobhsaíocht mar bíonn sé níos deacra ar an gcóras cur in aghaidh suaití tobanna, mar shampla cailleadh gineadóra mhóir nó maolú tobann ar an ngaoth.

Tá TEAG, oibreoir na heangaí dáileacháin i réigiún Thuringia na Gearmáine, ar cheann le líon mór cuideachtaí eangaí san Eoraip a bhfuil infheistíocht á déanamh anois acu chun na fadhbanna sin ar bhóthar an dícharbónaithe a réiteach. Tá cáil ar Thuringia mar “chroí glas na Gearmáine” mar gheall ar na foraoisí dlútha atá ann, agus gineann an réigiún breis is 57% dá leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, 22.4% ón ngaoth san áireamh.

I mí Aibreáin 2024, shínigh TEAG iasacht €400 milliún faoi phlean REPowerEU de chuid an Aontais Eorpaigh leis an mBanc Eorpach Infheistíochta chun cuidiú le clár infheistíochta €600 milliún a mhaoiniú chun uasghrádú a dhéanamh ar a eangach réigiúnach fhairsing. Freastalaíonn an eangach ar 620 bardas, agus tá cuid mhór díobh sin beag go maith gan ach idir 10 000 agus 20 000 duine ina gcónaí iontu. Mar thoradh ar an iasacht, beidh sé ar chumas TEAG an dá oiread infheistíochtaí a dhéanamh san eangach leictreachais agus 300 ball foireann sa bhreis ar a laghad a fhostú.

“ Tá coinne againn le méadú ollmhór ar fad ar an ngá le foinsí in-athnuaite fuinnimh. ”

“Tá coinne againn le méadú ollmhór ar fad ar an ngá le foinsí in-athnuaite fuinnimh”, arsa Mike Karaschinsky, bainisteoir rannóige le TEAG. “Tá an Ghearmáin tar éis aistriú ó chóras an-láraithe bunaithe ar stáisiúin chumhachta ghualbhreoslaithe agus núicléacha lonnaithe gar d’ionaid tomhaltais i dtreo córas an-díláraithe faoina ngintear cumhacht nuair is fearr na dálaí aimsire. An dúshlán atá ann ná a thuiscint cén áit a mbeidh na sreafaí amach anseo agus cé na bealaí is gnóthaí a bheidh ann.”

Eangach chliste

Mar chuid den chlár infheistíochta, suiteálfar cáblaí cumhachta nua agus línte lasnairde ar gach voltas, agus cuirfear cáblaí nua in ionad seancháblaí a bhí ann cheana. Ní mór fostáisiúin a thógáil freisin agus beidh gá le comhpháirteanna eangaí nua-aimseartha le haghaidh seachadadh uathobrithe digiteach. Tá gá leis na hinfeistíochtaí chun an eangach a uasghrádú le níos mó táirgeoirí agus úsáideoirí díláraithe grianchumhachta agus cumhachta ón ngaoth a nascadh. Orthu sin, tá tomhaltóirí ar mian leo grianphainéil, teaschaidéil, agus boscaí balla a chur isteach chun leas a bhaint as an gclaochlú digiteach.

“Tá méadú tagtha ar an leictrea-shoghluaisteacht, agus is ann do cheallraí cairr agus córais luchtaithe ar féidir leo cur leis an eangach, agus dá bhrí sin is gá dúinn infheistíocht a dhéanamh in eangach i bhfad níos cliste,” arsa Karaschinsky.

GIGEA-SPREAGADH LE hAGHAIDH CEALLRAÍ

Tá gigeamhonarcha á tógáil ag Verkor, gnólacht nuathionscanta ón bhFrainc, in Dunkirk chun ceallraí a olltáirgeadh le haghaidh 300 000 carr leictreach gach bliain

Chuir Benoît Lemaignan agus cúigear eile tús le Verkor, cuideachta déanta ceallraí sa Fhrainc, i mí Iúil 2020. Tagraíonn ainm na cuideachta do shléibhte Vercors gar do Grenoble, áit dúchais Lemaignan. Tá méadú chomh mór leis na sléibhte sin tagtha ar fhás na cuideachta.

Tar éis do Verkor méid tosaigh €250 milliún a bhailiú le haghaidh a ionaid nuálaíochta in Grenoble, d'éirigh leis an gcuideachta maoiniú breise a aimsiú, lena n-áirítear fóirdheontais €650 milliún ón stát faoi phlean France 2030 arb é is aidhm dó cabhrú le tionscal na Fraince coinneáil suas trí infheistíochtaí ollmhóra a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nuálacha agus san aistriú glas. Ar na fóirdheontais sin, bhí €60 milliún ó réigiún Hauts-de-France agus €30 milliún ó Dunkirk.

I mí Aibreáin 2024, cheadaigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasachtaí díreacha €270 milliún do Verkor chun cabhrú leis an gcuideachta an ghigeamhonarcha in Dunkirk a thógáil, le tacaíocht ó InvestEU. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an mBanc iasachtaí idirghafa a shíniú le bainc thráchtála rannpháirteacha lena bhféadfaí an maoiniú iomlán ón mbanc don tionscadal a thabhairt go €400 milliún.

Margaí luaineacha

Níl an infheistíocht sin go léir gan riosca.

“Ní éasca an rud é do ghnólachtaí nuathionscanta amhail Verkor na billiúin euro a thiomsú i maoiniú cothromais agus fiachais i margadh na gceallraí feithicle leictrí,” arsa Olivier Kueny, oifigeach iasachtaí ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a d'oibrigh ar an gcomhaontú. “Is luaineach an t-éileamh a bhíonn ar charranna leictreacha agus praghsanna amhábhar, agus bíonn rioscaí teicneolaíochta, margaidh agus tógála ag gabháil leis na tionscadail ollmhóra sin a fhágann gur cigilteach an rud é an maoiniú a struchtúrú le haghaidh urraitheoirí agus iasachtóirí.”

Idir 30% agus 50% de chostas feithicle leictrí atá i gceist leis na gceallraí, agus is costasáí feithiclí leictreacha i gcónaí ná carranna inchomparáide ina n-úsáidtear breosla iontaise. Tá déantóirí carranna ag obair chun an costas a laghdú le gur féidir le carranna leictreacha a bheith iomaíoch i gcomparáid le carranna ina n-úsáidtear breosla iontaise agus feithiclí leictreacha ón Áise. “Is earnáil an-iomaíoch í,” arsa Jonas Wolff, duine de na príomhinnealtóirí ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. “Tá riosca teicneolaíochta ann mar teastaíonn ó na déantóirí i gcónaí na teorainneacha a shárú chun cur le feidhmíocht na gceall le gur féidir leo an praghas a íslíú.”

Conas teorainneacha a shárú

Croí-chomhpháirt de cheallraí ian litiam atá sa chatóid, mar shampla, agus tá meascán de nicil, mangainéis agus cóbalt inti, mar aon le roinnt litiam agus miotail áirithe eile. “Is dílsithe an t-oidéas don mheascán sin,” arsa Wolff.

Tá na miotail costasach agus an-luaineach, agus bíonn slabhraí casta soláthair agus próisis chasta eastósctha agus déantúsaíochta ag baint leo. An treocht atá ann ná laghdú a dhéanamh ar mhéid na miotal costasach luaineach sa mheascán chun na costais a laghdú agus chun an chobhsaíocht praghsanna a mhéadú. Is ann do ghnéithe comhlíontachta ó thaobh slabhraí soláthair de atá le cur san áireamh freisin, agus is minic a bhíonn na slabhraí soláthair sin lonnaithe lasmuigh den Aontas Eorpach. “Déanaimid iarracht úsáid a bhaint as ábhair a thairgtear go háitiúil ar dtús agus ansin ábhair a lorg san Eoraip agus níos faide i gcéin,” arsa Lemaignan, bunaitheoir na cuideachta. “Beidh orainn roinnt ábhar a fháil ón Afraic, ó Mheiriceá Theas agus ón Áise i gcónaí. Ach, go hiondúil, is ón Eoraip a thagann ár soláthar litiam. Ón Eoraip a thagann cuid den soláthar nicile agus ó Mharacó a thagann cuid den soláthar cóbailt. Tá na slabhraí breisluacha sin á bhforbairt againn i gcomhar le Renault.”

Mar thoradh ar shuíomh na gigeamhonarchan gar do chalafort Dunkirk, éascófar an iompórtáil amhábhhar agus an easpórtáil táirgí críochnaithe chuig monarchana Renault. Ceithre líne tháirgthe atá sa ghigeamhonarcha, agus tá coinne leis go dtáirgfear ceallraí le haghaidh suas le 300 000 feithicil in aghaidh na bliana. Meastar go gcruthóidh an tionscadal idir 1 500 agus 2 000 post in Dunkirk faoi 2030.

“**Sásaítear gach aon éileamh leis an oibríocht seo. Is gnólacht nuathionscanta Eorpach é atá nuálach, éascaíonn sé aistriú glas earnáil Eorpach na ngluaisteán, agus cuireann sé le hiomaíochas domhanda na hEorpa in earnáil ríthábhachtach.**”

CRUINNEACHÁN FUINNIMH IN-ATHNUAITE

An dé-ocsaíd charbóin is cúis leis an athrú aeráide. Ach tá cuideachta ón lodáil tar éis a thuiscint conas an dé-ocsaíd charbóin a úsáid chun fuinneamh in-athnuaite a stóráil – agus chun dul i ngleic leis an téamh domhanda

I lár na Sairdine, tá balún ollmhór le feiceáil ar fhíor na spéire. Tá sé lán le dé-ocsaíd charbóin, ceann de na príomhgháis ceaptha teasa is cúis le hathruithe contúirteacha don aeráid. Ach b'fhéidir go bhféadfaí úsáid a bhaint as an ngás féin is cúis leis an téamh domhanda chun cur in aghaidh an athraithe aeráide. Úsáideann Energy Dome, gnólacht nuathionscanta atá lonnaithe i Milano, an balún ollmhór, ar a dtugtar an cruinneachán freisin, mar chuid ríthábhachtach dá Cheallra CO₂.

“Tá foinsí in-athnuaite fuinnimh chun tosaigh faoi láthair i dtéarmaí giniúint cumhachta, ach tá míbhuntáiste ag baint leo freisin – ní bhíonn an ghrian ag taitneamh i gcónaí ná ní bhíonn an ghaoth ag séideadh i gcónaí,” arsa Paolo Cavallini, ceann foirne Energy Dome. “Ag an am céanna, teastaíonn leictreachas in-athnuaite uainn de ló is d’oíche. Mar gheall air sin, teastaíonn stóráil fuinnimh fhadtéarmach uainn.”

Tá an stóráil ar an lúb ar lár i réabhlóid an fhuinnimh in-athnuaite. Ní mór do thairgeoirí fuinnimh a bheith in ann an fuinneamh a ghintear leis an ngaoth nó leis an ngrian a stóráil le gur féidir é a úsáid nuair nach ngintear ach leibhéal íseal cumhachta. Tá triail á baint ag nuálaithe as roinnt modhanna éagsúla. Ar na modhanna sin, tá cumas na maitheasa ar mhodh Energy Dome. Is féidir le táirge nuálach na cuideachta seo fuinneamh a stóráil ar feadh suas le deich n-uair an chloig ar leath an chostais de cheallraí ian litiam. “Tá an-tábhacht ar fad leis an tréimhse ama sin, mar fágann sé gur féidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh ionad breoslaí iontaise a ghlacadh agus suas le 90% de mheascán fuinnimh na hEorpa a sholáthar,” arsa Cavallini.

Tá saoráid taispeána Energy Dome ar an gcéad saoráid dá leithéid agus tá sí i mbun oibríocháin le dhá bhliain anuas. Tá saoráid lán-scála, inar féidir 200 MWh de leictreachas a ghiniúint in aon díluchtú amháin (rud is ionann agus 2 439 gceallra Tesla Model 3 Long Range), á tógáil i mbardas Ottana sa tSairdín.

“Tá an stóráil fhadtéarmach fuinnimh ar an lúb ar lár chun an t-aistriú fuinnimh a bhaint amach,” arsa Cavallini, “agus creidimid gur féidir linn a bheith chun tosaigh san aistriú sin lenár gcuid teicneolaíochta.”

Ó dhiúltach go deimhneach

I rith an lae, úsáideann an ceallra CO₂ an fuinneamh sa bhreis ón eangach áitiúil – a ghintear leis an ngrianchumhacht go hiondúil – chun dé-ocsaíd charbóin a chomhbhrú agus a leachtú, agus stóráiltear in umair chruach í. Sa phróiseas sin, úsáidtear an cumas atá ag an dé-ocsaíd charbóin athrú ina leacht faoi bhrú ard ag teocht chomhthimpeallach, murab ionann agus an t-aer. Gintear teas leis an gcomhbhrú sin freisin, agus stóráiltear an teas sin in aonaid speisialta stórála fuinnimh theirmigh. An próiseas céanna droim ar ais a úsáidtear nuair a bhíonn gá le leictreachas. An dé-ocsaíd charbóin leachtach atá stóráilte, téitear í trí na

haonaid stórála agus athraíonn sí ina gás arís. Aistrítear an gás sin ar ais chuig an gcruinneachán ansin. Ach, sula mbaineann sé an cruinneachán amach, casann sé tuirbín chun leictreachas a ghiniúint.

“Lúb iata atá sa phróiseas ar fad, agus cuirtear ar ais san eangach 75% den fhuinneamh a úsáideadh le linn luchtú,” arsa Cavallini. “Maireann sé suas le 30 bliain gan aon díghrádú, i gcomparáid le teicneolaíochtaí leictreiceimiceacha eile a bhíonn ag díghrádú go tapa.”

Tacú le haistriú glas na hEorpa

Chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, tá plean uailmhianach ag an Aontas Eorpach aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Chun an sprioc sin a bhaint amach, beidh ar an Eoraip foinsí saor ó astaíochtaí, go háirithe foinsí in-athnuaite fuinnimh amhail an ghaoth agus an ghrian, a chur in ionad na hacmhainneachta giniúna ó bhreoslaí iontaise.

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta agus Breakthrough Energy Catalyst, a bhunaigh Bill Gates, ag tacú le réiteach stórála Energy Dome le maoiniú €60 milliún ar an iomlán. Tá réitigh den sórt sin rithábhachtach chun spriocanna na hEorpa ó thaobh na haeráide de a bhaint amach. “Is spreagúil an sampla é seo de theicneolaíocht chlaochlaitheach agus tá breis teicneolaíocht den sórt sin ag teastáil uainn san Eoraip agus ar fud na cruinne,” arsa Alessandro Ronzoni, oifigeach iasachtaí ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a d’oibrigh ar an gcomhaontú. “Cuideoidh an maoiniú seo leis an suíomh a thógáil, leis an teicneolaíocht a chur in úsáid, agus le slógadh cistí príobháideacha.”

Todhchaí na stórála fadtéarmaí

Is iontach go deo iad ceallraí Energy Dome chun cothromaíocht a aimsiú idir an soláthar fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus an t-éileamh ar fhuinneamh, chomh maith le stóras cúltaca a sholáthar ar feadh roinnt laethanta chun an eangach a chobhsú le linn adhaimsire nuair a chuirtear isteach ar an nginiúint cumhachta ó phainéil fhótavoltacha gréine.

Is ceallraí ar leith iad ceallraí dé-ocsaíde carbóin freisin mar gheall ar a n-inacmhainneacht. Déantar iad le hábhair neamhdhíobhálacha don chomhshaol agus le comhphárteanna atá le fáil i siopa. Mar gheall air sin, is féidir leo leictreachas a ghiniúint ar phraghas níos ísle ná ceallraí ian litiam.

“Tá ár saoráid sa tSairdín ar an gcéad mhodúl lánscála den sórt sin, agus tá sé i gceist againn an modúl sin a chóipeáil ar fud an domhain mhóir,” arsa Cavallini. “Is féidir an cruinneachán a fheidhmiú ar mhéideanna agus ar chumraíochtaí iomadúla.”

“**Tá an stóráil fhadtéarmach fuinnimh ar an lúb ar lár chun an t-aistriú fuinnimh a bhaint amach.**”

SÁBHÁILTE AR DEIREADH THUAR

Tharla tuile uafásach in iardheisceart na Polainne i mí Mheán Fómhair 2024. Chosain taiscumar Racibórz Dolny na milliúin daoine, agus léirigh sé an chumhacht a bhaineann le cosaintí in aghaidh tuile

Shamhlaigh Czesław Burek, wójt Lubomia, toadhchá ina mairfeadh muintir Nieboczowy gan bheith i mbaol tuile de shíor. Bhí tuile 1997 ar Abhainn an Odra ar an tuile ba mheasa riamh sa réigiún, agus rinneadh dochar mór don tsráidbhaile in iardheisceart na Polainne an tráth sin. Scríosadh áiteanna cónaithe agus cailleadh cuid mhór daoine, agus bhí drochbhail ar an bpobal. Gheall Burek, a dtagraíonn a theideal dá phost mar cheannaire ar roinnt sráidbhailte tuaithe, go gcuirfeadh sé cosc ar thubaistí den sórt sin. Fuair sé an deis nuair a chinn rialtas na Polainne taiscumar mór Racibórz Dolny a thógáil i nGleann an Odra, gar don sráidbhaile. Mar sin féin, bhí constaic mhór roimh mhuintir na háite le go gcuirfí an tionscadail i gcrích: b'éigean dóibh athlonnú. "Bhíodh srutháin thart timpeall orainn, agus tharlaíodh tuilte le linn adhamsire" arsa Burek. "Bheadh deireadh leis an sráidbhaile dá bhfanfaimis mar a raibh."

Bhunaigh an pobal Nowe Nieboczowy. Tógadh an "Nieboczowy nua" sin achar gairid ó shuíomh an tsráidbhaile bunaidh. Cinneadh deacair a bhí ann, ach b'fhiú go mór é mar a chonacthas nuair a bhuail tuile thubaisteach iardheisceart na Polainne i mí Mheán Fómhair 2024. Ní dhearnadh dochar don sráidbhaile le linn na dtuilte sin, a bhúí leis an taiscumar ollmhór nua. Anuas ar Nowe Nieboczowy a chosaint, maolaíonn an taiscumar tionchar na dtuilte ar bhreis is 2.5 milliún duine a bhfuil cónaí orthu i dtrí chúige: An tSiléis, an tSiléis Íochtarach agus Opolskie. "B'éigean dúinn fanacht beagnach 19 mbliana agus aghaidh a thabhairt ar go leor dúshlán, ach ar deireadh d'éirigh linn teacht ar bhealach chun an pobal a chosaint agus ár n-oidhreacht a chaomhnú," arsa Burek.

An chéad fhíorthástáil

Is comhpháirtíocht é JASPERS atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, agus chuidigh sé le hullmhú thaiscumar Racibórz Dolny agus le tionscadail cosanta eile ar thuilte ar aibhneacha an Odra agus an Nysa. "Tá an taiscumar mar a bheadh maolaire ollmhór ann, agus rialaíonn sé na tuilte ó aibhneacha an Odra agus an Nysa," arsa Łukasz Wyr, innealtóir sinsearach uisce ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a d'oibrigh ar an tionscadal. "Is comhpháirt ríthábhachtach é den chóras cosanta ar thuilte ar an Odra."

Cuireadh dúshlán mór roimh an taiscumar i mí Mheán Fómhair 2024. Bhí an réigiún buailte ag na tuilte ba mhó a cláraíodh riamh. Ba mheasa na tuilte, fiú amháin, ná an tuile stairiúil a thit amach in 1997 a rinne dochar tubaisteach agus a chuaigh i bhfeidhm ar 600 000 in Wrocław. Thar thréimhse ceithre lá i rith stoirm Boris, thit cúig oiread níos mó báistí ná mar a thiteann i mí Mheán Fómhair go hiondúil, agus rinne an stoirm dochar mór ar fud dheisceart na Polainne. Bhí muintir na háite an-sásta ar fad lena éifeachtaí a bhí an taiscumar, agus d'fhág siad na mílte léirmheasanna ar Google Maps chun buíochas a ghabháil leis na sráidbhailte a aslonnaíodh as an íobairt a rinne siad le gurbh fhéidir an taiscumar a thógáil. "Shábháil sé Racibórz, baile dúchais mo mháthar agus a tuismitheoirí," a scríobhadh i léirmheas amháin. "Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na daoine a mbíodh cónaí orthu in Ligota Tworkowska agus Nieboczowy, agus leis an 240 teaghlach a aslonnaíodh."

Cosaint ar thuilte ar fud na Polainne

Is léir ó thuilte le déanaí an tábhacht a bhaineann le tionscadail bainistithe riosca tuilte agus a thábhachtaí a bhí fadbhreathnaitheacht rialtas na Polainne chun tús a chur le tionscadail uailmhianacha cosanta ar thuilte i gceantair a bhí i mbaol timpeall na tíre, mar shampla Kotlina Kłodzka, Sandomierz, Słubice, Żuławy agus Węzeł Oświęcimski.

“Le tacaíocht ó mhaoiniú ón Aontas Eorpach, thugamar 119 dtionscadal chun críche a bhí dírithe ar an oiriúnú don aeráid. Ar na tionscadail sin, bhí infheistíochtaí chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht i gcás tuilte, coinneáil uisce, agus forbairt córas réamhaisnéisithe bagairtí agus tarrthála sa Pholainn,” arsa Jarosław Orliński, an stiúrthóir ag an Aireacht Cistí Forbartha agus Forbartha Réigiúnaí. “Gan na hinfeistíochtaí sin, ba tubaisteach ar fad an dochar a dhéanfaí, i bhfad ní ba mheasa ná mar a tharla.”

Feiniméan atá ag dul i méid

Tá tuilte ar cheann de na tubaistí nádúrtha is scriosaí dá bhfuil ann, agus is minice agus is measa anois iad mar thoradh ar an athrú aeráide. Measann eolaithe go mbeidh dílí báistí ceithre lá dhá oiread níos minice ar a laghad agus 7% níos déine. Dá dtiocfadh ardú 2° Celsius ar theocht an domhain, d’fhéadfadh sé go dtarlódh stoirmeacha den sórt sin thart ar 50% ní ba mhinice.

“Teastaíonn breis tionscadail den sórt sin uainn, agus ní mór an bonneagar atá ann cheana féin a leathnú agus a fheabhsú, mar tá lamhálacha sábháilteachta á gcailleadh againn,” arsa Eckart Tronnier a bhí ina cheannaire ar fhoireann chomhairleach JASPERS. “Cuid mhór den am, ní bhaintear aon úsáid as an mbonneagar cosanta ar thuilte ach is ann dó i gcónaí. Nuair a bhuaileann tubaiste, áfach, tuigimid an tábhacht atá leis an mbonneagar sin chun beatha daoine a shábháil agus chun dochar ar scála mór a sheachaint.”

Faoin sannachán nua, tá an fhoireann chomhairleach theicniúil ag tacú le húdaráis na Polainne chun tionscadail nua bainistithe riosca tuilte a shainiú agus a thabhairt dóibh.

Is féidir le tionscadail cosanta ar thuilte beocht nua a chur i gcathracha, freisin.

“Osclaíodh bialanna agus siopaí in Wrocław de réir a chéile, agus athraíodh na bruacha ina spásanna glasa agus raonta rothar orthu,” arsa Eckart Tronnier. “Ar an gcaoi sin, rinne an t-uisce maitheas don chathair arís.”



€14.4
billiún

Cuireann Swappie, cuideachta ón bhFionlainn, síneadh le saolré fón cliste agus laghdaíonn astaíochtaí carbóin.

2

DIGITIÚ AGUS NUÁLAÍOCHT TEICNEOLAÍOCHTA

“Tacaímid le teicneolaíochtaí úrnua amhail an intleacht shaorga, agus tá an tacaíocht sin tábhachtach chun dlús a chur le fionnachtana san eolaíocht, borradh a chur faoin táirgiúlacht agus faoin iomaíochas, agus samhlacha gnó a chlaohlú. Cuireann sé dlús freisin leis an aistriú fuinnimh agus cuireann sé feabhas ar chúrsaí slándála agus cosanta, mar shampla, trí theicneolaíochtaí na cibearshlándála.”

Antonello Locci, ceann na dteicneolaíochtaí digiteacha nuálacha agus na dtionscal monaraíochta, Tionscadail an BEI

“Ní hamháin go bhfuil teorainneacha na teicneolaíochta á sárú ag na cuideachtaí sin ar fad ach, ina theannta sin, neartaíonn siad neamhspleáchas na hEorpa amach anseo in earnálacha ríthábhachtacha.”

Yu Zhang, ceann na teicneolaíochta doimhne, agus na n-eolaíochtaí digiteacha agus beatha, Oibríochtaí an BEI

“Táimid an-ghníomhach i gcistiú na nuálaíochta agus an digitithe, rud a thacaíonn le hiarrachtaí na hEorpa chun cur lena hiomaíochas. Bíonn bunchlocha láidre eolaíochta agus teicneolaíochta á maoiniú againn, mar aon le rochtain thapa ar sheirbhísí faisnéise agus digiteacha. Cuireann sé sin le hacmhainneacht nuálaíochta na hEorpa agus, sa deireadh thiar, cuireann sé leis an bhfostaíocht san Eoraip freisin.”

Christine Garburg, ceann an Rannáin Chorporáidigh i Rannóg Mhuir Bhailt agus Thuaisceart na hEorpa, Oibríochtaí an BEI

“Teicneolaíochtaí nuálacha an leighis, ar teicneolaíochtaí iad atá ag céim luath, tá baint mhór acu le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha san Eoraip lena ngintear torthaí dearfacha ó thaobh an eolais de. Leis na cineálacha infheistíochta sin, tugtar aghaidh ar ríachtanais leighis nach ndéantar freastal orthu a bhfuil tionchar socheacnamaíoch mór ag baint leo, agus bíonn buntáistí móra don tsláinte ina dtoradh orthu freisin.”

Dana Burduja, ceann rannóg eolaíochtaí na beatha agus na sláinte, Tionscadail an BEI

NÍ GÁ MASC CODLATA NÍOS MÓ

Is é atá sa táirge nuálach ó Nyxoah cóireáil íostach ar an aipnia chodlata bhacúil atá ar an neamhord codlata is coitianta ar domhan

D'aithin Nyxoah, cuideachta teicneolaíochta leighis, an aipnia chodlata bhacúil mar mhargadh criticiúil de bharr riachtanas ollmhór i measc na n-othar agus theorainneacha na roghanna cóireála atá ann faoi láthair. Ba é sin a spreag an cuideachta ón mBeilg feiste nua a fhorbairt chun cóireáil a chur ar an neamhord codlata. “Ceann de na cúiseanna ba mhó a spreag muid ná an ráta ard othar a éiríonn as teiripe brú aerchonaire, an chóireáil chaighdeánach tosaigh ar aipnia chodlata bhacúil,” arsa Olivier Taelman, príomhfheidhmeannach Nyxoah. “Ba léir nach rabhthas ag freastal ar an ngá soiléir a bhí ag othair le haghaidh réiteach othar-lárnach, agus ba é sin a thug orainn feiste néaraspreagtha íosionrach a chruthú.”

D'fhéadfadh sé gurbh fhorbairt mhór é dearadh nuálach Nyxoah don fheiste Genio le haghaidh an 14% d'fhir agus 7% de mhná a bhfuil aipnia chodlata idir measartha agus trom orthu.

Úsáidtear meaisíní lena gcruthaítear brú dearfach leanúnach san aerchonair, agus is gá masc míchompordach a chaitheamh i gcaitheamh na hoíche. Is iomaí othar nach bhfuil in ann an chóireáil a sheasamh mar tá sé míchompordach nó cuireann sé isteach ar an gcodladh. Éiríonn leath na n-úsáideoirí as an gcóireáil tar éis roinnt blianta.

D'aithin an Banc Eorpach Infheistíochta an fhéidearthacht a bhaineann le Genio agus rinne an Banc infheistíocht €37.5 milliún i mí Iúil 2024 chun tacú le taighde agus forbairt bhreise agus chun an táirgeadh a mhéadú ó scála.

“Is é is aidhm dár dteicneolaíocht néaraspreagtha feabhas a chur ar an gcompord agus ar an gcomhlíonadh, agus tabharfaidh an teicneolaíocht caighdeán beatha níos fearr do na hothair le réiteach éifeachtach atá áisiúil d'othair a théann i ngleic le riachtanas mór leighis nach ndéantar freastal air,” arsa Taelman.

Íosionrach

Mar thoradh ar an aipnia chodlata bhacúil, stopann agus atosáíonn an t-análú arís agus arís eile mar gheall ar bhac san aerchonair. Sleabhcadh fíocháin bhoig sa scornach is cúis leis sin go minic. Léiríodh i staidéir chliniciúla go dtagann méadú mór le himeacht ama ar ráta básmhaireachta othar a bhfuil aipnia chodlata bhacúil orthu nach gcuirtear cóireáil orthu. Má fhágtar gan chóireáil é, d'fhéadfadh méadú faoi dhó teacht ar an riosca go mbuailfeadh stróc duine, agus d'fhéadfadh méadú faoi chúig teacht ar an riosca mortlaíochta mar thoradh ar fhadhbanna cardashoithíocha. Aipnia chodlata gan chóireáil, bíonn sé ina chúis freisin le codlatacht i rith an lae agus gan an duine a bheith in ann a aird a choimeád ar rud ar bith, agus tagann méadú ar an riosca go dtiocfadh brú fola ard agus diaibéiteas chineál 2 ar dhuine.

Déantar feiste Genio a ionphlandú faoin smig, thart ar 2 cm faoin gcráiceann, le linn gnáthamh gasta mar othar seachtrach. Feidhmíonn sé gan ceallra seachtrach ná comhpháirteanna is féidir a fheiceáil, rud a fhágann go mbíonn sé idir compordach agus neamhfheiceálach. Is é an géineaglosas an matán is tábhachtaí sa teanga, agus tugtar an néaróg hipeaglosach ar néaróg an mhatáin sin. Spreagann Genio an néaróg sin ar thaobh na láimhe deise agus na láimhe clé araon, díreach faoin smig, rud a thionscnaíonn cnapadh na coda cúil den teanga a bhrúfar chun tosaigh go réidh. Tríd an néaróg sin a spreagadh, cuireann an córas bac ar thitim na teanga siar sa scornach, rud a fhágann go mbíonn an aerchonair ar oscailt ar feadh na hoíche.

TEICNEOLAÍOCHT GAN DÁTA ÉAGA

Bíonn Swappie, cuideachta ón bhFionlainn, i mbun nuálaíochta in athchóiriú fón cliste chun astaíochtaí carbóin agus dramhthrealamh leictreonach a laghdú, agus amhábhair ríthábhachtacha a chaomhnú

Cheannaigh muintir na hEorpa 130 milliún fón cliste nua in 2023. Astaíodh 80 kg de CO₂ i monarú gach aon fhóin díobh. Tá lorg carbóin 78% níos ísle ag fóin chliste athchóirithe le hais fóin nua, ach ní athdhíoltar ach 25% d'fhóin athláimhe san Eoraip. Is ionann é sin agus beagnach 98 milliún fón cliste nach n-athchóirítear iad – deis mhór nach dtapaítear chun astaíochtaí carbóin a laghdú. Déanann Swappie, cuideachta ón bhFionlainn, fóin chliste a athchóiriú agus a athdhíol chun cabhrú le custaiméirí a lorg carbóin a laghdú agus cur leis an ngeilleagar ciorclach.

Cuireadh tús leis nuair a rinneadh scéiméireacht ar Sami Marttinen.

“Cheannaigh mé fóin athláimhe ar líne,” arsa Marttinen, “ach níor tháinig sé chomh fada liom riamh.” Nuair a thuig sé gur rud coitianta iad na camscéimeanna sin, chonaic Marttinen agus a chomhpháirtí go raibh deis ghnó ann. “Dhúisigh an fiontraí ionam an lá dár gcionn. Rinneamar roinn taighde agus is ar an gcaoi sin a bunaíodh Swappie.”

Sa lá atá inniu ann, tá an chuideachta sin a bhunaigh Marttinen ar an gcuideachta is mó a dhéanann athchóiriú ar iPhone san Eoraip. Tá breis is 2 mhilliún custaiméir in 13 thír ag an gcuideachta. “Má tá muinín ag daoine sa mhargadh, beidh siad níos toilteanaí táirgí ciorclacha a cheannach,” arsa Marttinen. “Má chuirtear síneadh bliana le saol fóin chliste, laghdófar astaíochtaí carbóin saolré an fhóin sin faoina dtrian.”

Amhábhair a chaomhnú

Gineann an tAontas Eorpach 5 mhilliún tona de dhramhthrealamh leictreonach in aghaidh na bliana. Tá an-tábhacht ar fad le fóin chliste ina leith sin mar tá amhábhair ríthábhachtacha iontu mar shampla cóbalt agus litiam. Mura ndéanfaí athchóiriú nó athchúrsáil ach ar 50% de na fóin chliste a díoladh in 2023, d'fhéadfadh an Eoraip 1 365 thona de cóbalt agus 195 thona de litiam a shábháil nó a aisghabháil. Is ionann é sin agus níos mó ná leath na 380 tona a eastóscadh an bhliain sin sa Phortaingéil, an táirgeoir is mó san Eoraip.

Is ar an gcúis sin a thacaigh an Banc Eorpach Infheistíochta leis an gcuideachta agus chuir sé maoiniú fiachais fiontair €17 milliún ar fáil di, le tacaíocht ó chlár InvestEU. “Tá obair Swappie ag teacht lenár dtiomantas i leith an gheilleagair chiorclaigh agus na nuálaíochta inbhuanaithe,” arsa Iwona Biernat, an t-oifigeach iasachtaí a bhí ag obair ar an tionscadal.

Tacóidh an iasacht le cúrsaí taighde agus forbartha sa chuideachta agus le róbataic le gur féidir deisiúcháin iPhone a dhéanamh ar bhealach níos tapa agus níos iontaoifa. Mar sin féin, le go dtiocfaidh méadú ar an earnáil athchóirithe, tá gné thábhachtach eile in easnamh. De réir Eurostat, déanann níos lú ná leath de mhuintir na hEorpa a seanfhóin a dhíol nó a athchúrsáil, agus coinníonn beagnach leath díobh na seanfhóin sa bhaile. “Caithimid tabhairt ar dhaoine seanfhóin chliste a dhíol,” arsa Marttinen.

TEILEA-THURAS SA GHLUAISTEÁN

Cuireann Vay, gnólacht nuathionscanta sa Ghearmáin, tús le feithiclí leictreacha arna dteilithiomáint ag tiománaithe cianda

Nuair a bhí tointeálaithe féintiomána á dtógáil ag Thomas von der Ohe in Silicon Valley in 2017, chreid gach aon duine go mbeadh feithiclí uathrialaitheacha ar fáil go forleathan laistigh de thrí bliana. “Cuireadh síneadh bliana i gcónaí leis an tréimhse trí bliana sin gach aon bhliain,” arsa von der Ohe, comhbhunaitheoir Gearmánach agus príomhoifigeach feidhmiúcháin Vay, gnólacht nuathionscanta in earnáil na soghluaisteachta gan tiománaí. Ach bhuaíl smaoinemh ansin é. In ionad fanacht go gcuirfí barr feabhais ar feithiclí uathrialaitheacha, cén fáth nach bhféadfaí comhroinnt ghlan éifeachtúil carranna a thabhairt isteach i bhfeithiclí a rialódh teilithiománaí iad go cianda? Scoir sé dá phost, d’aistrigh sé thar n-ais chuig an Eoraip agus chuaigh sé i bpáirt le beirt innealtóirí eile ón Eoraip: Fabrizio Scelsi agus Bogdan Djukic. Chuir an triúr acu tús le Vay i mBeirlín.

Mar seo a oibríonn teicneolaíocht Vay: Is féidir le húsáideoir carr a ordú trí aip na cuideachta, agus tiomáineann teilithiománaí oile an fheithicil go cianda chuig an áit a bhfuil an custaiméir. Nuair a thagann an carr chomh fada leis, glacann an t-úsáideoir rialú na feithicle de lámh agus tiomáineann sé é mar a bheadh gnáthfheithicil ann. Tar éis dó a thuras a dhéanamh, cuireann an t-úsáideoir deireadh leis an tréimhse chíos san aip agus imíonn sé den fheithicil, agus is é an teilithiománaí a dhéanann an fheithicil a pháirceáil nó a thiomáint chuig an gcéad chustaiméir eile. Bíonn na teilithiománaithe lántumtha i dtiomáint na feithicle. Braitear a bhfuil thart timpeall ar an gcarr le braiteoirí ceamara agus seoltar an fhaisnéis chuig scáileáin sa stáisiún teilithiomána. Seoltar fuaimneanna tráchtá, mar shampla feithiclí éigeandála agus comharthaí foláirimh eile, le micreadfón chuig cluasáin an teilithiománaí. “Creidimid i dtodhchaí ina mbeidh daoine agus ríomhairí ag oibriú as lámha a chéile,” arsa von der Ohe. “An straitéis atá againn ná an tiomáint uathrialaitheach a chur i bhfeidhm de réir a chéile, seachas dul díreach ó 100% duine go 0% duine agus 100% ríomhaire.”

Vay in Las Vegas

Chuir Vay tús lena chéad seirbhís tráchtála in Las Vegas i mí Eanáir 2024, mar níl na rialacháin maidir le feithiclí uathrialaitheacha ann chomh dian céanna is atá siad san Eoraip faoi láthair. Tá sé i gceist ag an gcuideachta an tseirbhís in Las Vegas a mhéadú agus í a thabhairt isteach ar fud na hEorpa. Bhí Vay ar an gcéad chuideachta – agus ar an aon chuideachta amháin – san Eoraip chun tiomáint ar shráideanna poiblí gan tiománaí sábháilteachta tar éis di údarú a fháil ó Hamburg chun carr uathrialaitheach a oibriú sa chathair in 2023. I mí an Mheithimh 2024, d’fhógair Vay comhpháirtíocht le Poppy, oibreoir comhroinnte carranna sa Bheilg, chun an tiomáint chianda a thabhairt isteach ann. I mí Mheán Fómhair 2024, shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta infheistíocht fiachais fiontair €34 mhilliún, le tacaíocht ó InvestEU, chun cuidiú le Vay dlús a chur le forbairt a sheirbhíse agus a theicneolaíochta. “Chuidigh an Banc Eorpach Infheistíochta linn trí théarmaí maithe maoinithe a thabhairt dúinn chun dul chun cinn a dhéanamh ar ár dteicneolaíocht,” arsa von der Ohe. “Cuidíonn sé linn ár dteicneolaíocht a thabhairt isteach i mbreis margaid, go háirithe ar fud na hEorpa.”

“**Creidimid i dtodhchaí ina mbeidh daoine agus ríomhairí ag oibriú as lámha a chéile.**”

TODHCHAÍ LEICTRITHE

Déanann triúr innealtóirí ón Iodáil athrú ó bhonn ar ghnólacht teaghlaigh chun sreanga a fhorbairt a laghdaíonn astaíochtaí carbóin agus a chuireann feabhas ar fheidhmíocht mótar leictreach

Tar éis seal a chaitheamh le corparáidí móra, tháinig triúr innealtóirí Iodálacha – Filippo Veglia, Francesco Taiariol agus Piero Degasperi – le chéile chun teacht suas le cineál teicneolaíochta clúdaithe sreang lenar féidir sreang mhaighnéid ardfheidhmíochta a tháirgeadh atá inbhuanaithe agus saor ó thuaslagóirí. Bhunaigh siad cuideachta ansin darb ainm Tau Group chun an tsreang sin a mhonarú. “Theastaigh uainn go géar rud éigin fóinteach a chruthú,” arsa Taiariol, príomhfheidhmeannach Tau Group. Is mór an chéim ar aghaidh é le haghaidh mótar i bhfeithiclí leictreacha, rud a chabhraíonn leis na hinnill sin a dhéanamh chomh dlúth agus chomh héifeachtúil agus is féidir. Ar an gcaoi sin, cumasaítear an t-aistriú i dtreo an leictirthe agus astaíochtaí carbóin níos ísle, agus cuirtear dlús leis an aistriú sin.

“D’aimsigh na fir seo réiteach nuálach, tugann siad aghaidh ar riachtanas atá ag teacht chun cinn sa mhargadh agus ar easpa réitigh mhaithe ó tháirgeoirí atá ann faoi láthair,” arsa Alberto Casorati, an t-oifigeach iasachtaí ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a d’oibrigh ar an iasacht €20 milliún a thug an Banc do Tau Group agus a síníodh i mí na Samhna 2024. “D’aimsigh Tau Group an fhadhb nua seo a bhíonn ag cliant.” Le tacaíocht ó chlár InvestEU, cuideoidh an maoiniú le Tau Group cur leis an táirgeadh sreinge leictirí ó 2 000 tona sa bhliain go dtí suas le 12 000 tona.

Croí an leictirthe

Is é is sreang mhaighnéid ann sreang leictreach ar a bhfuil clúdach tanaí inslithe. Iompraíonn sé leictreachas a thiontaítear ina fhuinneamh maighnéadach nó meicniúil in innill, i ngineadóirí agus i gclaochladáin. Níor tháinig mórán athrú ar na hábhair a úsáidtear i sreanga maighnéid le 60 bliain anuas, in ainneoin an athraithe thapa a thagann ar mheaisíní leictreacha. “Is fadhb é sin, mar ní oibríonn na sreanga seo i gceart os cionn 800 volta, rud atá ríthábhachtach le haghaidh cuid mhór feidhmeanna i mótar leictreacha,” arsa Taiariol.

Faoi theicneolaíocht DryCycle Tau Group, cuirtear clúdach ar shreanga maighnéid le teicneapholaiméirí láidre solúbtha lena mbaineann friotaíocht níos fearr in aghaidh ceimiceán, insliú leictreach níos fearr, agus teirmeachobhsaíocht níos fearr. Mar thoradh air sin, is féidir le monaróirí carranna agus dearthóirí mótar leictreach an teorainn 800 volta a shárú agus seans go bhféadfaidís 1 000 volta a bhaint amach.

Gan tuaslagóirí, fuinneamh agus astaíochtaí carbóin níos lú

Na clúdaigh pholaiméire thraidisiúnta, cuirtear iad ar shreanga mar vearnaisí leachtacha tuaslagóra go hiondúil. Galaíonn na tuaslagóirí sin le linn an táirgthe, agus astaítear cáithníní díobhálacha. Ní mór iad a dhó freisin, rud is cúis leis na milliúin tonnaí de CO₂ ó tháirgeadh sreang ar fud an domhain. Seachnaítear úsáid tuaslagóirí agus breiseán le cur chuige nuálach DryCycle. Faoin gcur chuige sin, cuirtear clúdaigh an-tanaí polaiméire ar an tsreang in aon bhrat amháin, agus ar an gcaoi sin simplítear an táirgeadh, laghdaítear na costais agus cuirtear feabhas ar an bhfeidhmíocht. Úsáideann an próiseas sin gan tuaslagóirí thart ar 80% níos lú fuinnimh ná modhanna ina n-úsáidtear tuaslagóirí. “An rud is tábhachtaí in Tau ná an fuinneamh a úsáid go héifeachtúil,” arsa Taiariol.

ÉABHLÓID GLUAISROTHAR A SPREAGADH

Teastaíonn ó Stark Future tionscal na ngluaisrothar a athrú ó bhonn lena gcuid rothar smúitraoin chun borradh a chur faoin nuálaíocht, faoin inbhuanaitheacht, agus faoin ngeilleagar áitiúil sa Spáinn

Chuir Anton Wass spéis i ngluaisrothair den chéad uair nuair a bhí sé ina ghasúr agus nuair a bhreathnaigh sé ar chomharsa leis dul trína bhaile dúchais gar do Stócólm ar ghluaisrothar trastíre. Faoin am a bhí sé 16 bliana d’aois, bhí gnólacht ríomhthráchtála bunaithe ag Wass arb é comhpháirteanna spártha do ghluaisrothair sainchúram an ghnólachta, agus bhain an gnólacht áit amach mar cheannaire domhanda. In ainneoin an ratha a bhí air, theastaigh ó Anton i gcónaí rothar ceannródaíoch a chruthú. “Bhí brionglóid agam ar feadh na mblianta fada gur cheart go bhféadfaí gluaisrothair leictreacha a thógáil arbhfearr iad ná na gluaisrothair bhreosla is fearr,” ar sé.

Mar sin, bhunaigh sé Stark Future in 2019. In Barcelona atá an chuideachta bunaithe, agus tá sé mar aidhm aici tionscal na ngluaisrothar a athrú ó bhonn lena ngluaisrothair thrastíre leictreacha. Sheol an chuideachta an Stark VARG (“mac tíre láidir” sa tSualainnis), an gluaisrothar smúitraoin is cumhachtaí ar domhan, in 2021. “Ba chosúil le buama i dtionscal na ngluaisrothar é,” arsa Wass. “Creidim go raibh sé ar an seoladh ba rathúla a bhí ag aon chuideachta gluaisrothar riamh.”

Teastaíonn ón gcuideachta leanúint leis an nuálaíocht, agus tá sé beartaithe aici na gluaisrothair a dhéanamh níos sofaisticiúla fós. Is é sin an fáth a bhfuil an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú leis an gcuideachta le saoráid chreidmheasa €40 milliún a síníodh i mí Mheán Fómhair 2024.

Gluaisrothar gan chrág

Tá suas le 80 each-chumhacht i gceist le ceallra 6.5 KWh an ghluaisrothair smúitraoin leictreach ó Stark Future, i dteannta muinchille shaincheaptha snáithín carbóin don mhótar. Is ionann é sin agus 30% níos mó cumhachta ná gluaisrothar trastíre 450cc inchomparáide ina n-úsáidtear peitreal. Leis an gcumraíocht sin, is féidir suas le sé uair an chloig de rothaíocht theicniúil ar chonairí, nó rás trastíre iomlán, a dhéanamh agus ní theastaíonn ach dhá uair an chloig chun an ceallra a luchtú arís.

Tacóidh an maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta le hiarrachtaí na cuideachta chun ardáin gluaisrothar leictreach nua a fhorbairt agus cuideoidh sé freisin lena hacmhainneacht mhonaraíochta a mhéadú. Tá an maoiniú á chur ar fáil faoi InvestEU, clár suaitheanta an Aontais Eorpaigh chun níos mó ná €372 bhilliún d’infheistíocht bhreise a shlógadh ó chistí poiblí agus ón earnáil phríobháideach le tacú le spriocanna beartais an Aontais faoi 2027.

“Tá sé ríthábhachtach tacú le gnólachtaí nuathionscanta chun margadh iomaíoch a chothú agus eolas a choinneáil san Aontas Eorpach,” arsa Joanna Lisbia Tiago, oifigeach iasachtaí ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a d’oibrigh ar an gcomhaontú. “Tagann laghdú ar an margadh caipitil fiontair gan tacaíocht airgeadais, agus tagann laghdú ar an líon rannpháirtithe agus ar an éileamh atá ar riosca. An aidhm atá againn ná an bhearna sin a líonadh.”

“ Tá sé ríthábhachtach tacú le gnólachtaí nuathionscanta chun margadh iomaíoch a chothú agus eolas a choinneáil san Aontas Eorpach. ”

RÉITEACH GLAS DON CHRUACH

Ní féidir linn éirí as cruach a dhéanamh, ach tá cuideachta ón Ostair ag dul i ngleic le hastaíochtaí carbóin trí airgead mór a chur isteach sa taighde ar an bhfuinneamh glas agus ar an ardteicneolaíocht

An tionscal cruach atá freagrach as thart ar 7% d'astaíochtaí carbóin ar fud an domhain. Mar sin, ní féidir leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, arb é an t-infheisteoir is mó i gcúrsaí aeráide san Eoraip é, ach tacú le hinfeistíocht sa chruach atá idir inbhuanaithe agus nuálach. Beart amháin a bhí incháilithe ar thacaíocht in 2024 ab ea iasacht €300 milliún a ceadaíodh i mí an Mheithimh chun cuidiú le Voestalpine, cuideachta mhór cruach ón Ostair, taighde a dhéanamh ar tháirgí cruach nuálacha agus ar an monaraíocht inbhuanaithe.

Tá Voestalpine ar cheann de na monaróirí cruach is mó san Eoraip, agus úsáidfean an t-airgead thar thréimhse ceithre bliana chun taighde agus forbairt a dhéanamh ar phróisis ina n-úsáidtear níos lú fuinnimh, ina n-ídítear amhábhair níos lú agus lena gcuirtear le fad saoil táirgí cruach.

Conas fanacht céim chun tosaigh sa mhargadh cruach

Is féidir le breis taighde cuidiú leis an timpeallacht, ach tá sé ar an bpríomhbhealach freisin le gur féidir le Voestalpine a bheith iomaíoch ar scála domhanda sa mhargadh cruach, arsa Gerald Mayer, príomhoifigeach airgeadais na cuideachta. “Táimid ag feidhmiú i dtimpeallacht eacnamaíoch an-chasta ar fad, go háirithe le haghaidh cuideachtaí cruach ón Eoraip,” arsa Mayer. “Ar an dea-uair, bíonn an-tóir ar ár dtáirgí cruach nuálacha sna hearnálacha is éilithí.”

Greentec a thugtar ar an tionscadail cruach inbhuanaithe is déanaí de chuid Voestalpine. Laghdóidh sé astaíochtaí le suas le 30% ó 2027, i gcomparáid le leibhéal 2019, trí stuafhoirnéisí leictreacha a chur in ionad cuid de na foirnéisí soinneáin atá dian ar charbón.

I gcásanna áirithe, is féidir leis an mBanc Eorpach Infheistíochta a thacaíocht le haghaidh an tionscail cruach a leathnú níos faide ná an taighde amháin. Shínigh an Banc comhaontú €314 mhilliún ag tús 2024 le haghaidh saoráid nua cruach glaise H2 in Boden na Sualainne ina monarófar cruach ó iarnmhian trí úsáid a bhaint as hidrigin agus, mar thoradh air sin, astófar 95% níos lú carbóin.

Cuidiú le réigiún a ndéanfar an dochar is mó dóibh

Mar thoradh ar an nuálaíocht agus ar an infheistíocht, tá an tAontas Eorpach ar an dara táirgeoir cruach is mó ar domhan taobh thiar den tSín. Beagnach 180 milliún tona sa bhliain atá in aschur na hEorpa, nó 11% den táirgeadh domhanda, i gcomparáid le thart ar 1 bhilliún tona a mhonaraítear sa tSín.

Tá an Coimisiún Eorpach agus an Banc Eorpach Infheistíochta ag obair i gcomhar chun tacú leis an taighde agus leis an nuálaíocht i gcruach níos glaine. Faoi chlár infheistíochta, mar shampla Fís Eorpach, tugadh na billiúin euro de mhaoiniú do thaighde chun astaíochtaí a laghdú in earnálacha na cruach agus na stroighne agus in earnálacha eile atá dian ar charbón. Leis an gCiste um Aistriú Cóir, cuidítear le réigiúin agus le tíortha a bhíonn ag brath go mór ar an táirgeadh cruach, ar mhianadóireacht guail agus ar stroighin aistriú chuig sochaithe agus geilleagair níos inbhuanaithe.

RABHARTA NUÁLAÍOCHTA

Tá borradh á chur faoin nuálaíocht sa gheilleagar gorm le tionscnamh de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, lena gcuirtear chun cinn fás inbhuanaithe sna haigéin agus forbairtí i dteicneolaíochtaí agus in acmhainní mara

Chaith Rene Hansen breis is 20 bliain ag obair i dtionscail éagsúla ón gclársciáil go fuinneamh in-athnuaite, agus é ag cuidiú le cuideachtaí ar fud an domhain fás agus dul i mbun nuálaíochta. Tar éis a chuid fiontar ar fud na cruinne, theastaigh uaidh é féin a fhréamhú níos gaire don Iorua, a áit dúchais. Fuair sé an deis nuair a tháinig Konrad Bergström chuige mar bhí fás aige – báid leictreacha a chruthú. “Thuig mé gur theastaigh uaim mo chuid iarrachtaí a dhíriú ar chuideachta a leagann fíorluach ar an inbhuanaitheacht,” arsa Hansen. “Cheap mé gurbh iontach an deis a bhí ann mo chuid oibre a ailíniú le mo chuid luachanna agus tionchar mór a dhéanamh.”

An chuideachta a bhunaigh Bergström, tá sí lonnaithe sa tSualainn agus tá sé mar aidhm aici tionscal na mbád a athrú ó bhonn trí theacht ar bhealach chun báid a dhéanamh níos glaise. Cuireann X Shore gloine agus snáithín carbóin le chéile chun an meáchan, an fheidhmíocht agus an tionchar ar an gcomhshaol a bharrfheabhsú. An toradh: astaítear ceithre oiread níos lú CO₂ ná bád traidisiúnta ina n-úsáidtear peitreal. “Ba cheart don bhádóireacht a bheith ag teacht leis an nádúr,” arsa Hansen.

Is é sin an fáth a bhfuil X Shore ar cheann de na cuideachtaí a roghnaíodh le haghaidh Chlár AE na 20 Curadh Gorm. Is tionscnamh de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus an Choimisiúin Eorpaigh atá ann lena gcuirtear tacaíocht chomhairleach saor in aisce ar fáil do chuideachtaí a bhfuil na teicneolaíochtaí gorma agus na réitigh ghorma is fearr acu chun dul i ngleic leis na dúshláin sa gheilleagar gorm. Is é is aidhm don chlár borradh a chur faoina n-iomaíochas agus iad a ullmhú le haghaidh maoiniú féideartha ó infheisteoirí nó ón mBanc Eorpach Infheistíochta. Seoladh Clár na gCuradh Gorm i mí na Bealtaine 2024, agus roghnaíodh cuideachtaí a bhí lonnaithe ar fud na hEorpa a bhíonn ag plé le cúrsaí éagsúla mar shampla róbaic faoi uisce, réitigh ghlasa don loingseoireacht, bithscaglanna, feidhmeanna sonraí satailíte, agus fuinneamh gaoithe. Trína gcuimsiú sa chlár, aithnítear gur ceannródaíthe iad na cuideachtaí sin agus go bhfuil an earnáil á stiúradh acu i dtreo toadhcháin níos glaise. Is é is aidhm don tionscnamh geilleagar gorm níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus béim a chur ar an ngá atá le gníomh chun na haigéin a chosaint agus a aischothú le haghaidh glúnta amach romhainn.

Cur chuige ar leith

“Chonaiceamar go raibh gá le tacaíocht sa mhargadh chun teicneolaíochtaí gorma a fhorbairt san Eoraip,” arsa Paulina Brzezicka, comhairleoir airgeadais ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a bhunaigh na Curaidh Ghorma in éineacht le Antonella Calvia-Götz, duine de na príomhchomhairleoirí. “Thuigeamar gur ghá dúinn rud a dhéanamh a théann thar an gcur chuige a bhíonn againn go hiondúil, rud éigin nach ndearnamar go dtí sin.”

Faoin gcur chuige nua, úsáidtear glao oscailte chun teicneolaíochtaí gorma a shainiú a bhainfeadh tairbhe as tacaíocht chomhairleach saor in aisce, rud a d’fheabhsódh pleananna gnó na gcuideachtaí agus a d’ullmhódh iad do mhaoiniú féideartha ó ionstraim fiachais fiontar an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta nó ó infheisteoirí eile. Ní mór d’iarratasóirí a bheith ina gcuideachtaí atá i mbun fáis ag a bhfuil straitéis inchreidte infheistíochta fáis dar luach €15 milliún ar a laghad thar thréimhse cúig bliana, agus ba cheart do leath den mhéid sin a bheith á mhaoiniú ag infheisteoirí cheana féin. Ba cheart dóibh a bheith aibí go leor – nó gar do bheith – le bheith incháilithe ar mhaoiniú féideartha ón mBanc Eorpach Infheistíochta.

LÉIM MHÓR I gCÚRSAÍ SOLAIS

Teastaíonn ó chuideachta sa Pholainn borradh a chur faoin nuálaíocht Eorpach i bhfeistí laethúla trína teicneolaíocht fótónaice agus a braiteoirí infridhearga a fhorbairt

Sna 1970idí, thosaigh an tOllamh Józef Piotrowski ag cuardach an ábhair is fearr le haghaidh feidhmeanna braite. Rinne sé fionnachtain eolaíochta ag Acadamh Míleata Teicniúil Vársá a dhéanfadh athrú ó bhonn ar réimse na teicneolaíochta infridheirge. D'fhorbair Piotrowski agus a fhoireann braiteoirí nár ghá iad a fhuarú a thuilleadh le nítrigin leachtach. Réitigh an fhionnachtain sin an bealach do bhunú VIGO Photonics in 1987. Tá saineolas ag an gcuideachta ó shin ar ionstraimí a thairgeadh le haghaidh na fótónaice (teicneolaíocht toinne solais) agus na micrileictreonaice.

Adam Piotrowski, mac le Józef, atá i gceannas ar VIGO Photonics anois, agus is mian leis an gcuideachta leanúint le traidisiún na nuálaíochta le tionscnamh nua ar a dtugtar HyperPic. Féachann an tionscadal seo le léasair agus braiteoirí fótónaice a thabhairt le chéile ar aon slis bheag bhídeach amháin, rud a dhéanfaidh athrú ó bhonn ar an gcaoi a mbímid ag idirghníomhú le feistí laethúla. “Samhlaigh uaireadóir cliste a dhéanann monatóireacht fhíorama ar an leibhéal glúcóis san fhuil chomh maith le do chuid céimeanna a chomhaireamh, nó cuisneoir a thugann foláireamh duit nuair atá an bia ann ar tí imeacht ó mhaith,” arsa Filip Costa, bainisteoir airgeadais corparáideach VIGO. “Níl iontu sin ach cuid de na feidhmeanna a bheidh ag HyperPic sa leictreonaic thomhaltóra, sa chosaint comhshaoil, i gcúrsaí leighis agus i réimsí eile nach iad.”

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú le VIGO Photonics le fiachas fiontair €21 mhilliún, a síníodh i mí Mheán Fómhair 2024, chun a chinntiú go mbeidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta sa nuálaíocht fótónaice i gcónaí.

Nithe dofheicthe a bhrath

Tá saineolas ag VIGO Photonics ar bhraiteoirí infridhearga, modúil iomlána braite infridheirg agus sliseoga eipeatacsacha – táirgí a dheartar chun comharthaí infridhearga a ghabháil agus a phróiseáil. Tá iarrachtaí ar siúl ag an gcuideachta anois na comhpháirteanna sin a thabhairt le chéile ar shlis ar mhéid bharr na méire ar a dtugtar ciorcad iomlánaithe fótónaice. Tá na ciorcaid sin ar an gcéad dul chun cinn mór eile san earnáil, agus is iomaí feidhm mhór atá acu le haghaidh feistí laethúla agus feistí tí. Toisc go bhfuil siad chomh beag sin, is féidir trialacha casta a dhéanamh go héasca agus go háisiúil, rud a fhágann nach mbíonn saotharlann iomlán ag teastáil.

Cuideoidh an maoiniú ón Aontas Eorpach le VIGO Photonics feabhas a chur ar fheidhmíocht a bhraiteoirí agus a mhodúl agus dul chun cinn a dhéanamh ar thaighde agus ar fhorbairt le haghaidh braiteoirí nua.

“Tá bearna i margadh na hEorpa Láir chun teicneolaíochtaí atá an-nuálach, rioscúil agus bunathraitheach a mhaoiniú lena bhféadfaí tionscail iomlána a athrú ó bhonn agus difear a dhéanamh don gheilleagar domhanda san fhadtéarma,” arsa Philippe Hoett, an t-oifigeach sinsearach iasachta fiachais fiontair ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a bhí ina cheann ar an maoiniú le haghaidh VIGO Photonics.

ANTASUBSTAINTÍ INCHOIGEARTAITHE

D'fhéadfadh cóireálacha antasubstainte polaiclónaí ó ghnólacht sa Fhrainc stop a chur le bith-ionsaí nó leis an gcéad phaindéim eile trí choinneáil suas le víris a bhíonn ag só

As plánna a d'eascair Fabentech ar go leor bealaí. Tharla dhá ráig ghalair mhóra go gairid tar éis bhunú na cuideachta seo sa Fhrainc a mhonaraíonn cóireálacha le haghaidh víris agus bitocsainí marfacha: Ebola agus an fliú éanúil, ar a dtugtar "fliú na n-éan". Bhunaigh Bertrand Lépine an chuideachta in 2009 agus an smaoineamh a bhí aige mionchoigeartú a dhéanamh ar theicneolaíocht a fuair sé ar cheadúnas ó Sanofi Pasteur, lena mbíodh sé ag obair roimhe sin, chun cóireálacha antasubstainte polaiclónaí a chruthú lena ndéanfaí víris agus tocsainí marfacha a neodrú ar bhealach níos fearr ná na teicnící a bhí ann ag an am, amhail teiripí monaclónacha. Bhí cóireálacha antasubstainte polaiclónaí forbartha cheana féin ag Sanofi Pasteur lena cuireadh cosc ar nimh ó nathracha nimhe agus ó scairpeanna dul isteach i gcealla an duine. Shíl Lépine go bhféadfaí an cur chuige céanna a úsáid i gcás galair mharfacha.

Faoi 2012, bhí trialacha cliniúla á ndéanamh ag an gcuideachta ar chóireáil le haghaidh an fhliú éanúil, agus faoi 2015 bhí an chuideachta ag obair leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach ar theiripí le haghaidh Ebola. Chuaigh sé i gcomhar le harm na Fraince in 2017 chun frithnimh a fhorbairt le haghaidh bitocsain an-mharfach ó phlandaí. Bíodh is go raibh gealladh faoi na cóireálacha ar fad, ní raibh margadh mór ag ceann ar bith díobh. Roimh an bpaindéim, ní raibh an Eoraip ag dul i ngleic ar bhealach gníomhach le bagairtí féideartha bith-ionsaithe nó cineálacha nua galar tógálach. Ní hamhlaidh a bhí sna Stáit Aontaithe mar, tar éis ionsaithe an 11 Meán Fómhair, maoiníodh gnólachtaí nuathionscanta i réimse na bith-theicneolaíochta ann a raibh cóireálacha á bhforbairt acu. "Níorbh ann don ghnás san Eoraip inar ullmhaíodh le haghaidh bithbhagairtí," arsa Sébastien Iva, príomhfheidhmeannach Fabentech.

Ansin tháinig COVID-19 ar an saol.

"Athrú paraidíme a bhí ann, mar thosaigh gach tír san Aontas, mar aon le hinstitiúidí an Aontais, ar ullmhú do bhagairtí den sórt sin," arsa Iva, a tháinig go Fabentech in 2020, tráth a bhí an phaindéim ag teacht i réim. "Tosaíodh ar bhuiséid ar leith a leagan amach lena aghaidh."

Ullmhú le haghaidh bagairtí bitheolaíochta

Ar na buiséid sin, tá HERA Invest, maoiniú a bhíonn á chur ar fáil ag Údarás nua an Choimisiúin Eorpaigh um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA). Chruthaigh an Coimisiún Eorpach HERA in 2021. Cuid den sainchúram atá aige ná tacú le tíortha Eorpacha agus taighde Eorpach a théann i ngleic leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach, leis an mbithchosaint, agus leis an ullmhacht do phaindéimí.

Shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta comhaontú i mí Dheireadh Fómhair 2024 chun maoiniú fiachais fiontar €20 milliún a chur ar fáil do Fabentech. Is é sin an chéad infheistíocht a rinneadh faoi HERA. Úsáidfídh Fabentech an t-airgead chun forbairt bhreise a dhéanamh ar chóireálacha antasubstainte polaiclónaí FabShield dá chuid, a d'eascair as buntheicneolaíocht Sanofi Pasteur, agus chun táirgeadh teiripí a mhéadú

chun cóireáil a chur ar réimse pataiginí mar shampla víreas Nipah agus sarbacóivíris, an fhine víreas is cúis le COVID-19, mar aon le tocsainí ó phlandaí. “Is cara dílis linn HERA i ndáiríre mar cuideoidh sé linn ullmhú do bhagairtí bitheolaíocha amach anseo, cibé acu is ionsaí bithsceimhlitheoireachta d’aon turas nó eipidéimí nó paindéimí nádúrtha iad,” arsa Iva.

Tá Fabentech ina cheannaire ar chuibhreannas e-Fabric d’ollscoileanna agus de ghnólachtaí Eorpacha atá ag obair ar chóireálacha le haghaidh sarbacóivíreas, a sonraíonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ina leith go bhfuil riosca mór ann go gcuirfidís tús le paindéim eile. Is cuid d’fhine na sarbacóivíreas é SARS-CoV-2 – an víreas is cúis le COVID-19. Tá an cuibhreannas ag obair ar chóireálacha atá bunaithe ar chóireálacha antasubstainte polaclónaí de chuid Fabentech, agus fuair an cuibhreannas deontas €7.7 milliún ón gclár Fís Eoraip i mí Eanáir 2024.

“Bhí an t-airgead sin curtha i leataobh cheana féin ag HERA agus ag an gCoimisiún Eorpach,” arsa Henri-François Boedt, an t-oifigeach iasachtaí ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a bhí i gceannas ar an infheistíocht in Fabentech. Agus tá taighde ar siúl ag an gcuibhreannas ar ábhar ina bhfuil cuid mhór taighde agus maoiniú mór ag teastáil.”

An ceann mór: COVID-19

Nuair a tháinig Iva chuig Fabentech i mí Iúil 2020, dúirt bord na cuideachta leis béim an ghnólachta a aistriú i dtreo cóireálacha ardphróifíle le haghaidh COVID-19. D’fhorbair Fabentech cóireáil antasubstainte polaclónaí ar a dtugtar FabenCOV le haghaidh COVID-19 agus na n-athraitheach go tapa, le tacaíocht ó chistí ón Aontas. Mar thoradh ar an bhforbairt a rinneadh ar luas lasrach ar vacsaíní COVID-19 agus ar shócháin den víreas, ní raibh gá mór leis an gcóireáil sin, bíodh is go raibh gealladh fúithi chun na hathraithigh COVID-19 a bhí ar eolas ag an am a neodrú.

Ach thuig an Eoraip ar an bpointe gur ghá víris mharfacha eile a aithint a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le paindéimí agus stoc cóireálacha féideartha a fhorbairt. Úsáideadh antasubstaintí monaclónacha spriocdhírthe i gcuid mhór de na cóireálacha le haghaidh COVID-19. Is éard a dhéanann siad, go bunúsach, ná ceangal leis an spícephróitéin ar dhromchla víreas SARS-CoV-2 agus ar an gcaoi sin cuireann siad cosc ar an víreas dul isteach sna cealla. Faoi mar a shónn an víreas, áfach, cailleann cuid mhór de na cóireálacha sin a n-éifeachtacht.

Glactar cur chuige níos fairsinge i gcóireálacha antasubstainte polaclónaí chun dul i ngleic le víreas nó le tocsain. Aithníonn siad gabhdóirí, nó eipeatóip, éagsúla ar antaigin agus díríonn siad orthu sin. Is próitéin, lipid nó aigéad núicléasach atá in antaiginí go hiondúil, agus bíonn siad ar fáil ar dhromchla víris nó tocsaine. Ceanglaíonn na hantasubstaintí polaclónacha le roinnt láithreacha (eipeatóip) ar aon antaigin amháin. Nuair a cheanglaíonn siad leis na heipeatóip, déanann siad an víreas nó an tocsain a neodrú, go bunúsach, trí bhac a chur ar a chumas dul isteach i gcealla an duine agus a bheith ina chúis le hionfhabhtú nó le tinneas. “Tabharfaidh na cóireálacha polaclónacha aghaidh ar an víreas ó gach aon taobh,” arsa Iva. “I gcás inar shóigh víreas, ní bheidh cóireálacha monaclónacha in ann ceangal leis chomh maith céanna, mar sin ní bheidh siad chomh héifeachtach céanna. Beidh an chóireáil pholaclónach in ann ceangal i gcónaí le cuid den antaigin agus, mar gheall air sin, beidh sé ar a cumas an víreas nó an tocsain a neodrú.”

“ **Is cara dílis linn HERA i ndáiríre mar cuideoidh sé linn ullmhú do bhagairtí bitheolaíocha amach anseo, cibé acu is ionsaí bithsceimhlitheoireachta d’aon turas nó eipidéimí nó paindéimí nádúrtha iad.** ”



€1
bhiliún

Tá Esbjerg, calafort sa Danmhairg, tábhachtach do thionscal na gaoithe amach ón gcósta cheana féin. Beidh ról slándála aige anois freisin.

3

SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

“

Tá ról ríthábhachtach againn chun feabhas a chur ar an tslándáil agus ar an gcosaint san Eoraip trí bhonneagar bunriachtanach a mhaoiniú agus trí thacú le cuideachtaí a spreagann an nuálaíocht san earnáil. Trí infheistiú sa chibearshlándáil, i dteicneolaíochtaí dé-úsáide agus i mbonneagar athléimneach, neartaíonn an Banc Eorpach Infheistíochta acmhainneacht an Aontais Eorpaigh chun dul i ngleic le dúshlán slándála agus a mhuintir a chosaint. Cuireann ár maoiniú spriocdhírthe ar a gcumas do thionscail na hEorpa freagairt do bhagairtí a thagann chun cinn agus tacú le hEoraip shlán neamhspleách. ”

Timo Kihja, ceann an iasachtaithe earnála poiblí (an Ostair, an Ghearmáin, agus na tíortha Nordacha), Oibríochtaí an BEI

ATHCHRUTHÚ ESBJERG

Freastalóidh an calafort sa Danmhairg ar shoithí míleata agus ar thionscal na gaoithe amach ón gcósta

Tá calafort Esbjerg ar an bhfód le 156 bliana, mar sin tá sé réasúnta nua i gcomparáid le cuid mhór calafoirt eile sa Danmhairg nó ar fud na hEorpa atá i mbun oibre leis na céadta nó leis na mílte blianta. Mar sin féin, cé nach bhfuil sé ar an bhfód ar chósta thiar na Danmhairge i bhfad, tháinig athrú ó bhonn ar Esbjerg roinnt uaireanta chun freastal ar thionscail éagsúla – freastalaíodh ann ar an mbeostoc sna 1800idí, ar an iascaireacht sna 1920idí, agus ar ola agus ar ghás amach ón gcósta sna 1960idí agus na 1970idí. Anois, agus dúshlán nua roimh an Eoraip ar a gcuimsítear an dícharbónú agus bagairtí geopholaitiúla, tá athrú ó bhonn á dhéanamh ar Esbjerg uair amháin eile.

“Thuigeamar roinnt blianta ó shin go raibh athrú i ndán dúinn,” arsa Dennis Pedersen, stiúrthóir an calafoirt. “Tá feirmeacha gaoithe amach ón gcósta sa Mhuir Thuaidh ríthábhachtach don aistriú fuinnimh san Eoraip, ach ní mór dúinn infheistíochtaí móra a dhéanamh sa bhonneagar chun é a bhaint amach.”

“Ansin in 2022, nuair a d’ionsaigh an Rúis an Úcráin, thuigeamar gur ghá dúinn cuimhneamh ar shlándáil na hEorpa anuas ar an dícharbónú.”

Tá ról tábhachtach cheana féin ag Esbjerg i dtionscal na gaoithe amach ón gcósta, agus tá cuideachtaí ón Danmhairg, mar shampla Vestas, ina gceannródaithe sa tionscal. Tá an calafort ina chuid den ghréasán tras-Eorpach iompartha agus tá naisc mhaithe aige idir iarnróid agus bhóithre agus, déanta na fírinne, tá sé ina shaoaráid thábhachtach cheana féin le haghaidh 59 dtionscadal gaoithe amach ón gcósta sa Mhuir Thuaidh.

Réidh le bheith níos mó...

Tá tuirbíní gaoithe amach ón gcósta ag éirí níos mó agus níos mó, áfach. Agus níos mó arís.

Na timpealláin ar na bóithre isteach chuig an gcalafort, cuireadh in oiriúint iad cheana féin le gur féidir le feithiclí an-fhada ar fad tiomáint díreach tríothu. Is faide ná 100 méadar anois lanna na dtuirbíní nua atá á suiteáil sa réigiún seo ina bhfuil clú agus cáil ar an ngaoth ann. Fágann sé sin go bhfuil trastomhas agus airde ag tuirbíní nua atá thart ar dhá oiread níos mó ná na tuirbíní a suiteáladh roimhe seo. Is airde iad ná an túr i gcruth gircín i Londain.

Teastaíonn saoráidí speisialta agus cuid mhór spáis chun struchtúir ollmhóra den sórt sin a iompar agus a chur le chéile. Chun freastal air sin, tá infheistíocht á déanamh ag calafort Esbjerg i gcríochfort nua 57 heicteár. Is mó an t-achar sin ná 106 pháirc peile.

...agus níos doimhne

Tá an seolbhealach loingseoireachta á dhoimhniú ag an gcalafort freisin chun freastal níos fearr ar riachtanais slándála agus chosanta na hEorpa.

Bhain soithí de chuid NATO úsáid as an gcalafort roimhe seo chun feithiclí armúrtha amhail tancanna M1 Abrams agus feithiclí troda coisithe M2 Bradley a thabhairt isteach ó na Stáit Aontaithe. I mí an Mheithimh i mbliana, chuaigh níos mó ná 700 feithicil ó Fhoireann Comhraic an Chéad Bhriogáid Armúrtha d’Arm na Stát Aontaithe tríd an gcalafort, mar aon le níos mó ná 300 earra le haghaidh an 81ú Briogáid Stryker de Gharda Náisiúnta Arm na Stát Aontaithe in 2021.

“An borradh faoin bhfuinneamh gaoithe amach ón gcósta, mairfidh sé go ceann i bhfad.”

Ach níl seolbhealach loingseoireachta an chalafoirt domhain go leor chun freastal ar na soithí iompair nuair a bhíonn siad lódáilte ina n-iomláine nó le linn lag trá.

Infheistíocht lena mbaineann dé-úsáid

Is iomaí tairbhe a bhaineann leis an dé-úsáid do chalafoirt Esbjerg.

“An borradh faoin bhfuinneamh gaoithe amach ón gcósta, mairfidh sé go ceann i bhfad,” arsa Pedersen. “Cuideoidh ár bplean infheistíochta linn ár suíomh san earnáil a dhaingniú agus cabhróidh sé leis an aistriú fuinnimh san Eoraip. Anuas air sin, ullmhóidh sé muid do na cúrsaí a thitfidh amach ina dhiaidh sin trí bhealaí nua chuig na Stáit Aontaithe a oscailt.”

Trína ról mar mhol iompair de chuid NATO a neartú, bíonn rochtain ag an gcalafoirt ar mhaoiniú mór ón Aontas Eorpach agus óna mbrainse infheistíochta, mar atá an Banc Eorpach Infheistíochta. Ar an maoiniú sin, tá deontais ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus ó rialtas na Danmhairge, agus iasacht €115 mhilliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta a chuir €8 mbilliún i leataobh chun tacú le Tionscnamh Straitéiseach an Aontais Eorpaigh um Shlándáil na hEorpa.

Infheistíocht le haghaidh na slándála agus na cosanta

Teastaíonn ó rialtais an Aontais go gcuirfidh an Banc Eorpach Infheistíochta lena thacaíocht le haghaidh shlándáil agus chosaint na hEorpa. Mar thoradh air sin, tugann an Banc tús áite do thacaíocht le haghaidh na hearnála sin, chuir sé a chritéir iasachtaithe agus a phróisis inmheánach in oiriúint, agus chuir sé breis cistí i leataobh. Bhunaigh sé ionad ilfhreastail in 2024 le haghaidh tionscadail slándála agus cosanta le go mbeidh fáil níos éasca ag cuideachtaí ar mhaoiniú agus ar sheirbhísí comhairleacha uaidh.

“Is cás soiléir dé-úsáide é seo,” arsa Txema Urrutia Aldama, speisialtóir ar an earnáil iompair ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. “Leis an bhfírinne a rá, is dócha go bhfuil sé ar an gcéad tionscadal bonneagair dé-úsáide mór ar thacaíomar leis.”

IONAD ILFHREASTAIL AN BEI LE HAGHAIDH NA SLÁNDÁLA AGUS NA COSANTA

Mar chuid dá Phlean Gníomhaíochta do Thionscal na Slándála agus na Cosanta i mí na Bealtaine 2024, bhunaigh Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ionad ilfhreastail le haghaidh na slándála agus na cosanta, lena n-áirítear Oifig Slándála agus Cosanta thiomnaithe agus Líonra Curadh Cosanta ó gach réimse de Ghrúpa an BEI. Faoin tionscnamh sin, tugtar tacaíocht airgeadais chuíchóirithe, cabhair ó shaineolaithe, agus rochtain níos fearr ar mhaoiniú ó Ghrúpa an BEI le haghaidh earnáil slándála agus cosanta na hEorpa. An cuspóir atá ann dlús a chur le hinfheistiú agus le húsáid mhaoiniú €6 bhilliún atá ar fáil i gcónaí faoin Tionscnamh Straitéiseach um Shlándáil na hEorpa (SESI), agus borradh breise a chur faoi thacaíocht Ghrúpa an BEI le haghaidh shlándáil agus chosaint na hEorpa. Ach pointe iontrála aonair a chur ar fáil do chliaint agus do pháirtithe leasmhara seachtracha, simplíonn agus éascaíonn an t-ionad ilfhreastail an rochtain ar raon iomlán an tsaineolais airgeadais agus theicniúil atá ag Grúpa an BEI. Tá sé ar fáil do gach gnólacht nó nuálaí atá lonnaithe san Aontas agus atá gníomhach i dtionscal na slándála agus na cosanta. Idir mí na Bealtaine agus mí Dheireadh Fómhair 2024, láimhseáil sé breis is 200 iarratas ó chliaint fhéideartha a bhí ag lorg soiléirithe ar shainmhínte, incháilitheacht agus coinníollacha maoinithe ar a suíomh gréasáin tiomnaithe.



€38.2
billiún

Tá nuachóiriú an naisc iarnróid go Gdynia ríthábhachtach do gheilleagar na Polainne.

4

BEARTAS COMHTHÁTHAITHE NUA-AIMSEARTHA

“

Is é an beartas comhtháthaithe a nascann ár sochaithe le chéile. Tá ról lárnach againn i gcothú an chomhtháthaithe ar fud an Aontais Eorpaigh trí thionscadail a mhaoiniú chun éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú, forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, agus an lánpháirtiú eacnamaíoch agus sóisialta a fheabhsú. ”

Romolo Isaia, ceann an iasachtaithe do chorparáidí sa tSlóivéin, sa Chróit agus san Iodáil, Oibríochtaí an BEI

“

Tugtar deiseanna eacnamaíocha nua don phobal lenár dtionscadail bonneagair iompair i réigiúin chomhtháthaithe. Le nuachóiriú an iarnróid idir Koscierzyna agus Gdynia, mar shampla, cuirtear acmhainn níos mó ar fáil le haghaidh lastais idir an calafort agus an chúltír. An toradh atá air sin ná forbairt eacnamaíoch ag an am céanna le lorg carbóin laghdaithe agus spleáchas níos lú ar mhodhanna iompair lena mbaineann truailliú níos mó. Fágann sé go mbíonn na hionaid uirbeacha níos inrochtana don phobal i gceantair fo-uirbeacha agus thuaithe feadh na líne sin, agus éascaítear an tsoghluaisteacht ghlan. ”

Max Jensen, ceann na soghluaisteachta, Tionscadail an BEI

“

An tacaíocht a thugaimid don chomhtháthú, tacaíonn sé le hinfheistíochtaí amhail bonneagar nua don chultúr agus don cheol i gcathair Ostrava. Rinne an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin dochar mór don chathair sin sa tSeicia mar thoradh ar dhúnadh na mianach agus an cor chun donais sa tionscal trom. Táimid ag tacú le hionad inar féidir le tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha cur le héagsúlú na forbartha eacnamaíche nuair ar fud réigiún na Moráive agus na Siléise. ”

Manuel Dueñas, ceann an iasachtaithe eanála poiblí i Lár agus in Oirdheisceart na hEorpa

CINNEADH DEACAIR

Atógáil Ischia tar éis crith talún agus sciorradh talún tubaisteach

Tá cuimhne an-mhaith ar an sciorradh talún i gcónaí ag muintir Casamicciola Terme ar oileán Ischia i Murascaill Napoli. “Ba léir ar an bpointe go raibh tubaiste mhór tar éis titim amach,” arsa Giosi Ferrandino, méara. “Ba léiriú ar mhéid an sciorrtha talún agus ar an scrios a rinne sé ar an gcnoc é an méid mór smionagair láibe a tháinig chomh fada le lár an bhaile.” Báisteach throm ar Shliabh Epomeo in 2022 ba chúis leis an sciorradh talún, agus scuabadh tithe chun bealaigh agus tarraingíodh carranna amach san fharraige. Cailleadh dáréag, leanbh a bhí trí seachtaine d’aois ina measc. Tharla an tubaiste díreach cúig bliana tar éis crith talún ar scála 4.0 a chroith oileán iomlán Ischia. Maraíodh beirt bhan agus b’éigean do na mílte duine an áit a fhágáil.

Is tasc ollmhór atá i gceist leis an atógáil tar éis an chreatha talún agus an sciorrtha talún. “Táimid ag cuidiú le Ischia, ag déanamh cinnte go mbíonn cistí ar fáil do rialtas na hIodáile nuair a bhíonn gá leo le linn an phróisis atógála,” arsa Claudia Barone, oifigeach sinsearach iasachtaí ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a d’oibrigh ar an iasacht €150 milliún a síníodh le hAireacht Eacnamaíochta agus Airgeadais na hIodáile i mí na Samhna 2024 chun bonneagar poiblí agus foirgnimh phríobháideacha a ndearna an crith talún agus na tuilte dochar dóibh a atógáil. Tá sé ar an gcéad tráthchuid de phacáiste airgeadais dar luach €1 bhilliún.

Atógáil athléimneach inbhuanaithe atá níos sábháilte

Is oileán álainn é Ischia agus tá an-cháil air as a bhfoinsí teirmeacha, tránna gan mhilleadh, agus radhairc iontach. Ach tá sé i mbaol creathanna talún freisin. Chuaigh an fhadhb in olcas in imeacht na mblianta mar tógadh tithe agus foirgnimh neamhdhleathacha i gceantair shrianta nó bhaolacha, leapacha abhann ina measc. Dá bhrí sin, bíonn sé níos deacra ar an talamh agus ar na crainn uisce a ionsú, agus tuilte a bhíonn ina dtoradh air sin. Uiscebhealaí nádúrtha ar cheart dóibh an talamh a dhraenáil, tá siad blocáilte ag foirgnimh agus ní choinnítear glan iad, rud a fhágann go mbíonn an smionagar ag carnadh.

Tá Casamicciola Terme i mbaol mór creathanna talún. Tá an atógáil ar siúl le bliain anuas. Beidh sé ar chumas fhormhór na 8 000 duine a bhí ina gcónaí ann a dtithe a atógáil. Beidh ar 20% díobh bogadh chuig áit eile ar an oileán, mar sin féin. “Ní cinneadh éasca é, ach glacadh an cinneadh ar mhaithe le sábháilteacht na saoránach,” arsa Giovanni Legnini, an coimisinéir urghnách don atógáil tar éis an chreatha talún agus an coimisinéir tarmilgthe d’éigeandáil an sciorrtha talún in Ischia.

Chuir an Banc Eorpach Infheistíochta staidéar nuálach ar fáil d’údarais áitiúla ina bhféachtar ar rioscaí agus ar leochaileachtaí ó thaobh na haeráide de. Moltar bealaí inbhuanaithe sa staidéar sin freisin – an chéad staidéar den sórt sin san Iodáil – chun an atógáil a phleanáil, a dhearadh agus a dhéanamh. “Atógann Ischia trí na rioscaí ba chúis leis an tubaiste bhunaidh a laghdú, agus cruthaítear tionchar dearfach ar an gcaoi sin freisin,” arsa Marco Cecchetto, innealtóir sinsearach ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

AISTRIÚ AR NA DÍONTA

Suiteálann WDP, cuideachta lóistíochta, stáisiúin luchtaithe feithiclí leictreacha agus grianphainéil ar an díon ina dtrádstórais, rud a chabhraíonn leis na tionóntaí aistriú chuig an bhfuinneamh glas

Tá Warehouses de Pauw (WDP) ar cheann de na príomhchuideachtaí lóistíochta réadmhaoine sa Bheilg, agus shuiteáil an chuideachta na chéad ghrianphainéil ar dhíonta a dtrádstóras in 2008. “Na suiteálacha a bhí á gcur isteach againn, bhí siad beag go maith agus níor chlédaigh siad an díon go léir,” arsa Charlotte De Troyer, bainisteoir airgeadais chorparáidigh WDP, agus míníonn sí nach mbíodh an oiread sin leictreachais in úsáid ag tionóntaí ag an am. Tháinig borradh faoin éileamh ar leictreachas, áfach, mar thoradh ar an ngéarchéim fuinnimh nuair a d’ionsaigh an Rúis an Úcráin in 2022, bheartaigh WDP a straitéis a athrú. “Tá oibríochtaí lóistíochta níos leictirithe mar a bhí cheana, go háirithe cúrsaí iompair,” arsa De Troyer. “Agus an t-aistriú seo ar siúl, tiocfaidh méadú faoi thrí nó faoi cheathair ar an éileamh ar leictreachas sna blianta amach romhainn.”

Chun freastal ar an éileamh sin, tá grianphainéil á gcur ag WDP ar dhromchla go léir dhíonta na dtrádstóras sa Rómáin, sa Bheilg agus san Ísiltír. Leis na grianphainéil sin, tiocfaidh méadú ar an leictreachas a ghineann WDP ón ngrian go dtí suas le 350 MW faoi 2027 ó 180 MW ag tús 2024. Tá 480 stáisiún luchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha á gcur isteach ag WDP ag a dtrádstórais freisin. Úsáidfear iad sin chun na leoraithe a iompraíonn earraí chuig a n-ionaid lóistíochta agus amach uathu a chumhachtú.

Tá costas mór ar bhonneagar den sórt sin, mar sin shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €250 milliún le WDP i mí Iúil chun an tionscadal a mhaoiniú.

Slabhra soláthair na hEorpa a ghlású

Nuair a ghineann WDP fuinneamh glas ar na díonta, díolann sé leis na tionóntaí iad. Bíodh is go mbaintear amach laghdú measartha ar astaíochtaí carbóin nuair a úsáidtear an leictreachas sin chun na trádstórais a chumhachtú, is mór an tionchar a bhíonn ann má úsáidtear é chun na feithiclí seachadta leictreacha a chumhachtú. “Bíonn leoraithe ag teacht is ag imeacht acu, mar sin déanfaimid difríocht mhór más féidir linn cuidiú leis na custaiméirí sin a gcuid iompair a leictriú,” arsa De Troyer.

Beidh tionscadail mar seo an-tábhachtach ar fad chun cabhrú leis an Eoraip laghdú mór a bhaint amach ar astaíochtaí carbóin agus an ghlan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050. Tá WDP ar cheann de roinnt tionscadail suiteála trealaimh grianchumhachta a shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta le cuideachtaí lóistíochta le déanaí. Tá David González García, príomhinnealtóir le haghaidh na gclár aistrithe fuinnimh leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, den tuairim chéanna. “An rud atá speisialta ná go n-úsáidtear talamh atá in úsáid cheana féin, mar sin ní gá talamh bhreise a úsáid,” ar sé. “Tá an trádstóras ann cheana féin, agus ní gá ach na grianphainéil a chur ar an díon. Tá sé d’acmhainn ag an tionscadal chur leis an eangach leictreachais freisin.”

“**Tiocfaidh méadú faoi thrí nó faoi cheathair ar an éileamh ar leictreachas sna blianta amach romhainn.**”

CUR LEIS AN bhFUINNEAMH GLAS

Tugann Elektro Ljubljana aghaidh ar nuachóiriú na heangaí agus cuireann sé dlús leis an aistriú fuinnimh

Tá Elektro Ljubljana ar an líonra dáilte leictreachais is mó sa tSlóivéin, agus thug sé aghaidh ar dhúshlán a bhaineann leis an eangach náisiúnta a nuachóiriú agus a fhairsingiú chun cabhrú le spriocanna aeráide na tíre a bhaint amach. Clúdaíonn bonneagar leictreachais Elektro Ljubljana 30.4% den tír, agus clúdaíonn sé gach cuid de lár agus d'oidheisceart na Slóivéine. "Leis na hinfheistíochtaí atá beartaithe, is féidir líonra dáilte leictreachais a fhorbairt fiú amháin in áiteanna iargúlta," arsa Urban Likozar, uachtarán an bhoird bainistíochta. "Ar an gcaoi sin, éascaímid dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta na n-áiteanna sin den tír a dtagann forbairt níos lú orthu ná na hionaid uirbeacha."

“**Beidh ról níos mó ag daoine i mbainistiú a dtomhaltais fuinnimh.**”

Céim thábhachtach atá ann don tSlóivéin, a rinne dul chun cinn mór ó thaobh an fhuinnimh in-athnuaite de. Ón hidreachumhacht agus ón ngrianchumhacht a thagann sciar níos mó dá leictreachas anois. Tá sé mar aidhm ag an bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide laghdú 55% a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2033 i gcomparáid le leibhéal 2005, agus an sprioc atá ann ná gur ó fhoinsí in-athnuaite a thiocfaidh 33% den tomhaltais fuinnimh iomlán faoi 2030.

“Ceann de na gnéithe is spéisiúla den tionscadal seo ná an ról atá aige chun dul i ngleic leis an ngá práinneach le bonneagar fuinnimh sa tSlóivéin lenar féidir foinsí in-athnuaite a chomhtháthú, go háirithe córais ghrianchumhachta fhótavoltacha,” arsa Katja Belsak, oifigeach sinsearach iasachtaí ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. “An méadú tapa a tháinig ar shuiteálacha fótavoltacha, chuir sé brú ollmhór ar an eangach agus tá sé ina chúis le moilleanna agus le diúltuithe i réigiúin ina rólódáiltear an bonneagar.”

Is fíor é sin go háirithe i gceantair iargúlta. I mí Mheán Fómhair 2024, shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €50 milliún le Elektro Ljubljana chun an líonra dáilte cumhachta i lár agus in oirdheisceart na tíre a fhairsingiú agus a uasghrádú.

Borradh a chur faoin bhfuinneamh in-athnuaite

Déanfaidh Elektro Ljubljana línte lasnairde a uasghrádú, cáblaí faoi thalamh a shuiteáil, agus claochladáin agus fostáisiúin a athchóiriú. Déanfaidh feistí mar shampla méadair chliste, stáisiúin luchtaithe feithiclí leictreacha agus teaschaidéil bainistiú níos fearr ar riachtanais fuinnimh trí fhuinneamh glan agus uirlisí digiteacha. “Beidh ról níos mó ag daoine i mbainistiú a dtomhaltais fuinnimh chun a n-úsáid laethúil a ailíniú le spriocanna aeráide,” arsa Belsak. “An nasc seo idir feabhsuithe ar an mbonneagar áitiúil agus cuspóirí aeráide domhanda, is athrú praiticiúil spreagúil é i dtreo na forbartha inbhuanaithe.”

Cabhróidh an tionscadal seo leis an tSlóivéin aistriú chuig fuinneamh níos glaine, an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú, agus é a dhéanamh níos éasca leictreachas a úsáid san iompar, sa tionscal agus in earnálacha eile. Beidh eangach leictreachais na Slóivéine níos iontaofa agus níos éifeachtúla, agus coinneofar praghsanna leictreachais inacmhainne. Tacaíonn sé freisin leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta trí rochtain chothrom ar bhonneagar fuinnimh nua-aimseartha a chinntiú ar fud na Slóivéine.

IARNRÓD CHUN AN AIGÉIN

Déanann cuideachta ón bPolainn líne iarnróid 90 km a uasghrádú agus a leictriú, rud a chuireann borradh faoin iompar lastais chuig Gdynia agus faoin iompar paisinéirí chuig an gcalafort agus chuig an réigiún níos leithne

D'fhás Aleksandra Merchel-Koter aníos ag éisteacht le scéalta faoin obair a rinne a hathair agus a seanathair ar an iarnród. "Tá traenacha go smior ionam ó bhí mé an-óg ar fad," ar sí. Roghnaigh sí déanamh mar a rinne siad roimpi, agus bhain sí amach céim san innealtóireacht iarnróid ó Ollscoil Teicneolaíochta Gdańsk. Tá sí ina stiúrthóir tionscadal ag PKP Polskie Linie Kolejowe inniu, agus teastaíonn uathí gréasán iarnróid na Polainne a dhéanamh níos fearr agus níos idirnasctha. Le breis is deich mbliana anuas, tá Merchel-Koter ag obair ar thionscadal atá an-ghar dá croí agus dá baile – nuachóiriú Líne 201 atá 90 km ar fhad idir Koscierzyna agus Gdynia i dtuaisceart na Polainne. An aidhm atá leis an tionscadal seo an dara rian a leagan síos agus an líne a leictriú, rud a chuirfidh feabhas ar an iompar lastais chuig calafort gnóthach Gdynia. Cabhróidh na hathruithe sin freisin leis an mbrú a laghdú ar bhealaí comhthreomhara agus feabhas a chur ar chúrsaí iompair le haghaidh mhuintir na háite. "Sna 1920idí a tógadh an líne agus iarnród dúbailte a bhí beartaithe ag an tús," a mhíníonn Merchel-Koter. "Is é atá ar siúl againn ná an cuspóir bunaidh a thabhairt ar ais arís."

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú leis an tionscadal le hiasacht €480 milliún a síníodh i mí Iúil 2024. Tá an tionscadal ina phríomhchéim d'uasghrádú ilchéimneach ar an iarnród chun nasc a dhéanamh idir Bydgoszcz agus réigiún na dtrí chathair ina bhfuil Gdańsk, Sopot agus Gdynia.

Líne ríthábhachtach do thuaisceart na Polainne

Ach Líne 201 a nuachóiriú, beidh níos mó traenacha in ann bheith ag taisteal agus ar luas níos mó. Beidh siad in ann é sin a dhéanamh a bhuí leis an iarnród dúbailte trína leagfar an dara líne ráillí comhthreomhar leis na ráillí atá ann cheana féin, rud a fhágfaidh go mbeidh traenacha éagsúla in ann a bheith ag taisteal sa dá threo ag an am céanna. "Tá nasc láidir le calafort Gdynia an-tábhachtach ar fad, ní hamháin don réigiún ach don tír trí chéile," arsa Merchel-Koter.

“ Tá nasc láidir le calafort Gdynia an-tábhachtach ar fad ... don tír trí chéile. ”

Cuirfidh an iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta ar chumas PKP Polskie Linie Kolejowe leanúint lena thionscadal uaimhianach. Cuideoidh an infheistíocht sin leis an gcuideachta stáisiúin nua a thógáil agus stáisiúin atá ann cheana a nuachóiriú, agus éascófar suiteáil an Chórais Eorpaigh um Rialú Traenacha amach anseo. Is córas caighdeánaithe comharthaíochta iarnróid atá ann atá deartha chun feabhas a chur ar an tsábháilteacht, ar an idir-inoibritheacht agus ar an éifeachtúlacht ar fud iarnróid na hEorpa. "Spregann an tionscadal breis daoine le taisteal ar an traein agus aistríonn sé an trácht lastais ó bhóithre go dtí an t-iarnród," arsa Adam Gephart, oifigeach iasachtaí ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a d'oibrigh ar an gcomhaontú. "Toisc go bhfuil sé lonnaithe i limistéir lagfhorbartha, cabhróidh sé le borradh a chur faoin bhforbairt réigiúnach agus cuirfidh sé rochtain níos fearr ar iompar inbhuanaithe ar fáil."

€8.7
billiún

Bhí Ostrava ag streachailt chun teacht ar fhéiniúlacht nua tar éis dhúnadh an tionscail mianadóireachta ann. Cuirtear oidhreacht chultúrtha na cathrach Seicé san áireamh i dtionscadal uirbeach nua ina dtugtar aghaidh ar an todhchaí.

5

BONNEAGAR SÓISIALTA

“ Gach bliain, tógaimid cathracha athléimneacha le haghaidh glúnta amach anseo, tógaimid tithíocht shóisialta inacmhainne, agus soláthraímid seirbhísí uirbeacha inbhuanaithe. Bímid ag obair i ndlúthchomhar lenár gcomhpháirtithe baincéireachta ar infheistíochtaí straitéiseacha sa phríomhbhonneagar, sa tsláinte, san oideachas agus sa tithíocht ar fud na hEorpa. Táim bródúil go mbíonn ár gcuid oibre le feiceáil i dtionscadail lena ngintear fás eacnamaíoch, fostaíocht, agus dul chun cinn a théann chun tairbhe do mhuintir uile na hEorpa. ”

Gemma Feliciani, ceann na n-institiúidí airgeadais, Oibríochtaí an BEI

“ Is deis uathúil í infheistíocht in oideachas ár leanaí – nó inár dtodhchaí i bhfocail eile – chun dúshláin atá roimh ár rathúnas agus ár saoirse a shárú. Tá ról bunriachtanach ag an mBanc chun tacú le gach leibhéal oideachais agus chun feabhas a chur ar scileanna mac léinn Eorpach. Feictear dúinn go bhfuil gá níos mó le hinfeistíocht san ardoideachas, go háirithe lóistín do mhic léinn, chun deis a thabhairt do mhic léinn ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste leanúint leis an oideachas agus lán a n-acmhainneachta a bhaint amach. ”

Patricia Castellarnau, ceann an rannáin oideachais agus taighde phoiblí, Tionscadail an BEI

LÓISTÍN LE FÁS

Bíonn an-deacracht ag mic léinn na Cipire teacht ar lóistín inacmhainne. Tá lóistín inbhuanaithe á thógáil ag ollscoil agus ag bardas chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb

Theastaigh ó Konstantinos Karseras bogadh go Limassol chun tús a chur lena chuid staidéir ar na healaíona ilmheán agus grafacha ag Ollscoil Teicneolaíochta na Cipire. B'éigean dó stop a chur lena phlean mar thoradh ar an dianghlasáil le linn phaindéim COVID-19. Faoi 2022, nuair a d'oscail an ollscoil na doirse arís, bhí fadhb ag Konstantinos nach raibh aon choinne aige leis – teacht ar lóistín in Limassol. “Ar feadh trí mhí, bhínn ag taisteal gach lá ó Paphos go Limassol chun freastal ar ranganna le bheith in ann leanúint leis an gcúrsa,” ar sé. “Bhí orm é sin a dhéanamh mar ní raibh mórán árasán ar fáil, nó ní raibh sé d’acmhainn ag na mic léinn iad a fháil ar cíos.”

Tar éis dó lóistín a chuardach ar feadh míonna fada, d'éirigh le Konstantinos teacht ar áit chónaithe ar deireadh. Mar sin féin, bíonn an fhadhb chéanna ag na céadta mac léinn a chláraíonn san ollscoil gach bliain. Mar gheall air sin, tá sé beartaithe ag Ollscoil Teicneolaíochta na Cipire lóistín inacmhainne do mhic léinn a thógáil agus áiseanna a campais i gcathracha Paphos agus Limassol a fheabhsú. Leis an tionscadal seo, cuirfear níos mó ná 700 áit chónaithe nua do mhic léinn ar fáil agus cuirfear le háiseanna acadúla, taighde agus spóirt na hollscoile. “Faoin tionscnamh seo, beidh lóistín againn don tríú cuid dár mic léinn fochéime, agus is é sin an líon is mó áras cónaithe atá ar fáil in aon ollscoil sa Chipir,” arsa Panayiotis Zaphiris, reachtaire na hollscoile.

Shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta iasacht €125 milliún in 2024 chun cabhrú leis an ollscoil agus le cathair Paphos lena dtionscadail uailmhianacha, agus chun a chinntiú gur inbhuanaithe an lóistín atá beartaithe do mhic léinn agus go gcloítear leis na caighdeáin is airde.

“Tá na mic léinn an-sásta,” arsa Karseras, atá ina ionadaí le haghaidh na mac léinn anois ar bhord na hollscoile chun cabhrú le mic léinn eile a bhfuil an fhadhb chéanna acu. “Soláthraíonn an ollscoil idir lóistín agus oideachas, agus tá sé sin ar cheann de na gnéithe is tarraingtí chun tabhairt faoin ardoideachas inniu.”

Lóistín do mhic léinn ar fud na mór-roinne

In 2024, rinne an Ciste Eorpach Infheistíochta níos mó ná €50 milliún a infheistiú chun tacú le forbairt lóistín do mhic léinn i lár agus in oirthear na hEorpa. Mhaoinigh an Banc Eorpach Infheistíochta tionscadail eile lóistín do mhic léinn, rud a léiríonn go bhfuil ceist an lóistín ag éirí níos tábhachtaí. Samplaí de na tionscadail:

- tógáil agus athchóiriú saoráidí riaracháin, acadúla agus taighde, chomh maith le lóistín nua do mhic léinn, ag Ollscoil Camerino san Iodáil;
- nuachóiriú Ollscoil Mhíochaine agus Chógaisíochta Grigore T. Popa in Iasi na Rómáine, mar aon le tógáil lóistín nua do mhic léinn agus áiseanna taighde;
- athchóiriú, méadú agus tógáil saoráidí oideachais i réigiún na Catalóine sa Spáinn;
- tógáil agus athchóiriú scoileanna meánacha i réigiún Rhône na Fraince.

GO LEOR LÓISTÍN AR CÍOS

Léiríonn ceantar ársa Nordbahnhof i Vín an fáth a bhfuil an Ostair chun tosaigh i réimse na tithíochta inacmhainne

Tá obair ar siúl ar cheann de na tionscadail athfhorbartha uirbí is mó san Eoraip Láir ar chlós lastais tréigthe 85 heicteár atá lonnaithe san áit a mbíodh stáisiún traenach thuaidh Vín sular leagadh é. Sa chomharsanacht nua seo, tá oifigí, bialanna, spásanna glasa, ionad comhdhála agus carrchlós poiblí atá á chumhachtú go hiomlán lena ghrianphainéil féin, mar aon leis na mílte árasán a tógadh timpeall ar pháirc 10 heicteár ar fágadh gan forbairt í mar limistéar nádúrtha uirbeach. In go leor cathracha, bheadh árasáin i bhforbraíocht ardphróifíle nua den sórt sin ródhaor do dhaoine ar mheántuarastal. Ach tá sé ar chumas ghnáthmhuintir Vín céatadán ard de na háiteanna cónaithe i gceantar athnuaithe Nordbahnhof a fháil ar phraghas réasúnta. “Taitníonn sé go mór liom a bheith i mo chónaí i gcomharsanacht álainn i lár na cathrach atá deas ciúin agus gleoite,” arsa Nathalie Stevanovic, a bhfuil cónaí uirthi in árasán de chuid Österreichisches Volkswohnungswerk (ÖVW), fochuideachta de Erste Bank san Ostair agus ceann de na tiarnaí talún is mó sa chathair, i bhforbraíocht atá páirtmhaoinithe ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. “Tá sé an-tarraingteach ar fad don ghlúin óg.”

An fháil atá ar thithíocht inacmhainne i Vín agus i gcathracha eile na hOstaire, tá sé ina thoradh ar chóras a dearadh go cúramach faoina bhfaigheann beagnach leath den daonra tithíocht ar cíos seachas í a cheannach. Tá tithíocht ar cíos ag suas le 75% de dhaoine i Vín.

Cur chuige Ostarach

Gné lárnach de chur chuige na hOstaire is ea iad cumainn tithíochta ar bhrabús teoranta, agus cuireann na cumainn sin tithíocht ar cíos ar fáil ag rátaí 25% faoi luach an mhargaidh go hiondúil. Cuidíonn dhá thoisc eile le rath na hOstaire ó thaobh na tithíochta de: rochtain ar thalamh inacmhainne agus struchtúr seasmhach maoiniúcháin. Faigheann forbróirí rochtain ar láithreáin den chéad scoth, ar spásanna poiblí ar athraíodh a gcuspóir amhail na seanchlóis iarnróid, agus bíonn orthu suas le 75% dá dtionscadail a thiomnú do thithíocht inacmhainne. Ar an gcaoi sin, cinntítear soláthar seasta aonad inacmhainne i bhforbraíochtaí nua. San am céanna, a bhuí le hiasachtaí fadtéarmacha ar ús seasta, mar shampla na hiasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta ar rátaí tairbheacha, faightear an chobhsaíocht airgeadais is gá chun cíosanna a choinneáil íseal. “An sprioc chorparáideach atá againn is ea tithíocht inacmhainne a chur ar fáil,” arsa Andreas Reittinger, stiúrthóir bainistíochta ÖVW. “Tá maoiniú fadtéarmach intuartha an-tábhachtach ar fad le gur féidir linn cíosanna iontaofa a chinntiú, fiú nuair a thagann méadú ar rátaí úis.”

“Tá sé an-tarraingteach ar fad don ghlúin óg.”

Shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta agus Erste Bank iasachtaí ar fiú breis is leathbhilliún euro iad le cúig bliana anuas le haghaidh tionscadail tithíochta inacmhainne, mar aon le hiasacht €100 milliún chun tithe atá tíosach ar fhuinneamh a thógáil agus tithe atá ann cheana a athchóiriú. In 2024, thoiligh an Banc Eorpach Infheistíochta €175 mhilliún a thabhairt ar iasacht do Salzburger Sparkasse agus Tiroler Sparkasse, ar cuid de Erste Bank Group iad araon, chun árasáin inacmhainne atá tíosach ar fhuinneamh a chur ar fáil ar cíos in Salzburg agus Innsbruck.

ENCORE OSTRAVA

Athrú mór ar Ostrava le háras ceolchoirme úrscothach agus Áras Cultúir, lena ndéantar ardchathair nua-aimseartha den chathair

Tá spiorad pragmatach ina thréith ag muintir Ostrava, agus tá cáil ar mhuintir na cathrach as bheith idir ionraic agus diombháilte. Thaitin an cur chuige díreach sin go mór le Jan Žemla, stiúrthóir bainistíochta Cheolfhoireann Fhiolarmónach Janáček Ostrava, nuair a tháinig sé chun na cathrach den chéad uair. Is duine é a chreideann go daingean i gcumhacht chlaochlaitheach an cheoil, agus spreag sé sin é chun tús a chur le tionscadal nua lena ndéanfar cuspóir chultúrtha Ostrava a athbheochan.

Cuireadh tús leis an aistear nuair a fuair Žemla amach go mbíodh an cheolfhoireann ag cleachtadh san Áras Cultúir, foirgneamh a osclaíodh den chéad uair go luath sna 1960idí. “Bhí an foirgneamh ar an imeall go teicniúil, agus b'éigean é a atógáil,” arsa Žemla. “Ba ann do líon mór fadhbanna teicniúla, mar shampla leis an leictreachas agus leis an uisce, rud a d'fhág gur dheacair dúinn seinm agus ullmhú san foirgneamh. An rud ba mheasa, níorbh ann don fhuaimníocht a bhíonn ag teastáil ó cheolfhoireann.”

“**Baineann sé le treo nua a leagan amach d'Ostrava.**”

Bhí ceanncheathrú nua ag teastáil ón gceolfhoireann cháiliúil ar ainmníodh í in onóir an chumadóir Janáček, agus d'iarr Žemla tacaíocht ó na húdaráis áitiúla chun é sin a dhéanamh. Ba é sin a spreag athchóiriú an Árais Cultúir agus an síneadh a cuireadh leis le háras ceolchoirme nua. Idir fuaimníocht chomhaimseartha agus caomhnú stairiúil a bheidh san ionad nua, agus beidh spás 1 300 suíochán ann chun gníomhaíochtaí cultúir agus oideachais a chur chun cinn. “An sprioc atá againn ná rud a chruthú a fhreastalóidh ar an bpobal agus, ina theannta sin, a chuirfidh Ostrava ar léarscáil an chultúir san Eoraip,” ar sé.

Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú leis an tionscadal le hiasacht CZK 2 bhilliún (€84 mhilliún) do chathair Ostrava a síníodh i mí Iúil 2024.

Tacú le réigiún i mbun claochlú

Tá maoiniú mór, pleanáil mhionchúiseach, agus cuid mhór ama ag teastáil chun áras ceolchoirme úrscothach a chruthú, mar aon le hathchóiriú a dhéanamh ar foirgneamh ollmhór an Árais Cultúir. Fuair an tionscadal deontas CZK 500 milliún (€21 mhilliún) freisin ó shaoráid iasachta an Aontais Eorpaigh don earnáil phoiblí, ar cuid í den Sásra um Aistriú Cóir.

“Is tionscadal suaitheanta é seo sa tSeicia, agus bunaítear leis fasach le haghaidh tionscadail chosúla ar fud na tíre,” arsa Peter Chovan, oifigeach iasachtaí ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

“Croí dubh” na Seicia a thugtaí ar Ostrava tráth den saol mar gheall ar a oidhreacht shaibhir tionsclaíochta agus mhianadóireachta. Ba dheacair don chathair teacht ar fhéiniúlacht nua nuair a dúnadh na mianaigh sna 1990idí. “Ní hé tógáil árais ceolchoirme amháin atá i gceist leis seo,” arsa Kamil Dörfler, speisialtóir sinsearach san fhorbairt uirbeach ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a raibh baint mhór aige le forbairt an tionscadail seo. “Baineann sé le treo nua a leagan amach d'Ostrava faoina nglacfar lena oidhreacht chultúrtha fad a thabharfar aghaidh ar an todhchaí.”

NÍ OCSAMÓRÓN ATÁ ANN

Tacaíonn banc eiticiúil le gnólachtaí agus le tionscadail faoi stiúir ban sna réigiúin is boichte agus cumhachtaíonn sé dídeanaithe ar fud na hIodáile

B'éigean an téarma "baincéireacht eiticiúil" a chumadh le haghaidh cineál nua institiúide iasachtaithe, agus is léiriú é sin go bhfuil prionsabail mhorálta ar an rud deiridh a ritheann le daoine nuair a bhíonn banc á bplé. Mar sin féin, tá aghaidh á tabhairt ag institiúidí airgeadais áirithe ar an steiréitíopa sin agus tá sainmhíniú as an nua á dhéanamh acu ar a bhfuil i gceist le banc sa lá atá inniu ann. Sampla iontach is ea Banca Etica. Is é an chéad bhanc airgeadais eiticiúil san Iodáil é, agus tá sé mar aidhm aige athrú ó bhonn a spreagadh in earnáil na mbanc. Lena thionscadal is déanaí, teastaíonn ó Banca Etica cabhrú leo siúd is mó atá i mbaol an eisiaimh airgeadais: mná, dídeanaithe agus gnólachtaí i réigiúin bheagfhorbartha na hIodáile.

"Creidimid go láidir nach ocsamórón é an focal 'eiticiúil' a chur roimh an bhfocal 'banc' – féidearthacht, agus deis ghnó, atá ann i ndáiríre," arsa Tommaso Rondinella atá freagrach as samhlacha tionchair agus measúnú soch-chomhshaoil ag Banca Etica. "An t-am a chuaigh thart, an t-am i láthair agus a bhfuil i ndán dúinn amach anseo atá i gceist leis dúinne."

Meastar go ndéanfaidh an tionscadal nua atá ag Banca Etica infheistíocht €168 milliún a spreagadh agus iarmhairtí dearfacha a chruthú sa tsochaí. Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag tacú leis le hiasacht €60 milliún, a síníodh i mí Iúil 2024.

Bíonn ról ríthábhachtach ag ionaid glactha dídeanaithe chun an lánpháirtíú sóisialta a éascú. Is minic a bhíonn deacrachtaí acu teacht ar an gcaipiteal oibre a bhíonn ag teastáil uathu, mar sin féin. Lena thionscnamh nua, cuirfidh Banca Etica 30% ar a laghad den iasacht ar fáil chun ionaid ghlactha le haghaidh lucht iarrtha tearmainn agus dídeanaithe ar oscailt, rud a chabhróidh leis na dídeanaithe páirt a ghlacadh sa tsochaí agus dul isteach i margadh an tsaothair. "Teastaíonn uainn tacú le creat láidir fáiltithe agus lánpháirtithe," arsa Rondinella.

Tacaíocht agus ráthaíocht

Cuirfidh an Banc Eorpach Infheistíochta tacaíocht theicniúil ar fáil freisin trína chlár Cúnaimh Theicniúil um Airgeadais Cuimsitheach Sóisialta chun cuidiú le Banca Etica úsáid níos éifeachtaí a bhaint as a acmhainní. Le maoiniú ó Mhol Comhairleach InvestEU, chuidigh an clár seo le thart ar 60 institiúid mhicreamhainithe agus chreidmheasa i mbreis is 20 tír den Aontas. Dírionn an clár ar infheistíochtaí lena mbaineann tionchar sóisialta mór agus cuireann sé cabhair ar fáil maidir le planáil infheistíochta agus forbairt tionscadail.

I mí Lúnasa 2024, rinne an Ciste Eorpach Infheistíochta comhaontú ráthaíochta €200 milliún le Banca Etica. Tagann an ráthaíocht faoi chuimsiú chlár InvestEU freisin, agus cuirfidh sé ar chumas Banca Etica cur lena ghníomhaíochtaí iasachtaithe le gnólachtaí glasa a bhfuil sé beartaithe acu infheistiú in aistriú glas inbhuanaithe, fiontair atá gníomhach in earnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha, agus earnálacha éagsúla mar shampla mic léinn, foghlaimoirí agus fiontair atá gníomhach i soláthar seirbhísí oideachais.



€6.4
billiún

Déanann Matr Foods sa Danmhairg ionadach feola ina bhfuil an blas domhain agus an uigeacht shuánach chéanna atá san fheoil gan dochar a dhéanamh do shláinte an duine ná don chomhshaol.

6

TALMHAÍOCHT AGUS BITHGHEILLEAGAR

“

Príomhspríoc de Chomhaontú Glas an Aontais is ea an t-aistriú chuig córas agraibhia inbhuanaithe lena soláthraítear bia sláintiúil, snáithín, bithfhuinneamh agus bithmhais do chách. Dírímid ar an tslándáil bia, ar an athléimneacht uisce agus ar chosaint an dúlra chomh maith leis an iomaíochas a neartú. Ní mór lorg roinnt slabhraí luacha traidisiúnta a laghdú go leibhéil atá ag teacht le conair ísealcharbóin don earnáil, agus leas iomlán á bhaint san am céanna as an bhféidearthacht chun feabhas a chur ar thaiscumair charbóin agus ar an mbithéagsúlacht sa bhithmhais agus in ithreacha chun astaíochtaí iarmharacha dosheachanta a chúiteamh. Gach bliain, cuireann an Banc Eorpach Infheistíochta maoiniú iasachtbhunaithe os cionn €5 bhiliún ar fáil don earnáil, agus téann 70% den mhaoiniú sin chomh fada le feirmeoirí agus le gnólachtaí beaga atá gníomhach sa slabhra soláthair trí línte creidmheasa idirmheánacha a gcuirtear ar fáil trí bhainc iad. Cuirtear leis sin le hinfeistíocht ghíaráilte bhreise tríd an gCiste Eorpach Infheistíochta. ”

Felipe Ortega Schlingmann, ceann an rannáin bithgheilleagair, Tionscadail an BEI

“

Táimid tiomanta do réitigh fuinnimh inbhuanaithe lena gcuirtear chun cinn an geilleagar ciorclach. Trí dhramhaíl talmhaíochta a thiontú ina breoslaí in-athnuaite, mar shampla, léiríonn ár dtionscadail an chaoi ar féidir le príonsabail an gheilleagair chiorclaigh astaíochtaí a laghdú in eárnálacha lena mbaineann lorg carbóin mór nach éasca iad a dhícharbónú, amhail an t-aeríompar agus an t-iompar muirí. Leis an obair a bhíonn ar siúl againn sa talmhaíocht agus sa bhithgheilleagar, neartaítear athléimneacht fuinnimh na hEorpa agus cruthaítear poist ardchaighdeáin. ”

Gilles Badot, ceann an iasachtaithe do chorparáidí san Ibéir agus i réigiún Mhuir Aidriad, Oibríochtaí an BEI

TAISCUMAR NA hATHLÉIMNEACHTA

Bíonn triomaigh ghéara sa Chréit de dheasca an athraithe aeráide. Rachaidh taiscumar nua agus tionscadal uisciúcháin i ngleic leo sin, áfach, agus déanfaidh siad an talmhaíocht a athbheochan

In Amari, bardasacht sa Chréit ó dheas ó Rethymno, tá an stair, an cultúr agus an geilleagar fite fuaite leis an ngleann méith. Tarlaíonn triomaigh arís is arís eile, áfach, agus is measa anois iad mar thoradh ar an athrú aeráide. Cuireann siad talmhaíocht an réigiúin i mbaol agus d'fhéadfadh sé go mbeadh an gaineamhlú ina thoradh orthu. Tá sé i gceist ag an mbardasacht úsáid a bhaint as Abhainn Platys a shníonn tríd an ngleann chun dul i ngleic leis an bhfadhb.

Tá sé beartaithe ag an mbardasacht, i gcomhar le hAireacht na Gréige um Iompar agus Bonneagar, damba a thógáil ag a mbeidh toilleadh taiscumair 21 mhiliún m³, líonra uisciúcháin 4 350 heicteár, agus beagnach 20 km de phíobáin. An aidhm atá ann ná feabhas a chur ar an uisciú i gceantar Rethymno, Messara agus Heraklion – na réigiúin atá ag croílár an táirgthe talmhaíochta ar an oileán. “Is gá an damba a thógáil le déanamh cinnte go mbeidh ár ndóthain uisce againn. Is fadhb í sin atá ag eirí níos measa, go háirithe leis an triomach géar mar gheall ar an athrú aeráide,” arsa Pantelis Mourtzanos, méara Amari, a raibh ról mór aige i bhforbairt an tionscadail. “Beimid in ann acmhainní uisce a bhainistiú go héifeachtúil leis an taiscumar nua, rud a chinnteoidh soláthar seasta uisce le haghaidh na mbarr.”

Ghabh an Banc Eorpach Infheistíochta agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa orthu féin €80 milliún an ceann a chur ar fáil chun tacú leis an infheistíocht mhór nua seo sa Chréit, agus síníodh na comhaontaithe i mí Eanáir 2024.

Éifeachtaí an athraithe aeráide le sonrú

Tá laghdú mór tagtha ar an mbáisteach agus tá méadú tagtha ar na triomaigh ghéara sa Chréit le leathscór bliain anuas. Níor thit ach 40% den ghnáthmhéid báistí in 2023, agus bhí easpa báistí den saghas céanna le sonrú ag tús 2024. San am céanna, tháinig méadú 0.5° Celsius ar an meánteocht i gcomparáid le 1991-2020. An laghdú ar an uisce atá ar fáil ar an oileán, an teocht atá ag dul in airde, agus an gaineamhlú – is comharthaí iad sin go bhfuil an ghéarchéim aeráide ag dul i gcion ar an oileán cheana féin. Tá iarmhairtí tromchúiseacha leis sin do mhuintir an oileáin mar déanann sé difear do cháilíocht na beatha ann agus d'earnálacha rithábachtacha mar shampla an turasóireacht agus an talmhaíocht.

Tá Faistos, bardasacht eile i réigiún Messara, ar na ceantair ina bhfuil an tionchar le sonrú. Bíonn éagsúlacht mhór torthaí agus glasraí á saothrú sna céadta páirceanna ann lena n-easpórtáil ar fud na hEorpa, agus is foinse mhór ioncaim agus slí mhaireachtála atá ann do mhuintir na háite. “Níorbh fhéidir an aimsir a thuar riamh, ach le cúig bliana anuas tá rudaí chomh dona sin go bhfuil faitíos orainn anois,” arsa Grigoris Nikolidakis, méara Faistos. “Mura ndéanaimid rud éigin faoi, ní leor an t-uisce atá againn do mhuintir na háite ar fad.”

“Níorbh fhéidir an aimsir a thuar riamh, ach le cúig bliana anuas tá rudaí chomh dona sin go bhfuil faitíos orainn anois.”

OLA DE BHUNÚS EILE

I saoráid Moeve dar luach €1 bhilliún, athrófar olaí plandúla agus iarmhair ina mbithbhreosla is féidir a úsáid san iompar trom agus san eitlíocht

Is féidir ola chócaireachta the a úsáid chun sceallóga briosca áille a dhéanamh de phrátaí leamha. Ina dhiaidh sin, is féidir an ola sin a phróiseáil ina bithbhreosla chun leoraí nó eitleán a chumhachtú. Má tháirgimid ár ndóthain bithbhreosla, tosóimid ag baint de na hastaíochtaí carbóin ó gach cineál iompair, go háirithe i réimsí ar deacair laghdú a bhaint amach iontu mar shampla feithiclí troma agus eitlíocht.

Tá saoráid táirgthe bithbhreoslaí dara glúin á tógáil ag Moeve, cuideachta Spáinneach, in Huelva na hAndalúise ina mbeifear in ann 600 000 tona d'iarmhair saille caite, olaí, agus dramhaíl eile a thiontú go bithdhíosal HVO agus breosla eitlíochta inbhuanaithe gach aon bhliain. Is ionann é sin agus thart ar 1% den bhreosla eitlíochta go léir a úsáidtear san Eoraip.

“Breosla díosail in-athnuaithe, ar rud réasúnta nua é, atá á tháirgeadh againn sa tsaoráid seo. Tá an móilín ceannann céanna ann is atá sa ghnáthdhíosal nó sa ghnáthcheirisín eitlíochta,” arsa Matteo Vaglio, stiúrthóir na mbithbhreoslaí ag Moeve, ar a dtugtaí Cepsa roimhe seo. “An t-aon athrú atá ann ná bunús an mhóilín, mar is de bhunús bitheolaíoch seachas iontaise é. Ón dramhaíl a thagann sé.”

Móilíní glasa

Tá an tsaoráid bithbhreoslaí nua ina cuid d'athrú Moeve i dtreo an fhuinnimh ghlais. Tá Moeve ar an dara cuideachta ola agus gháis is mó sa Spáinn, agus teastaíonn uaidh laghdú 55% a dhéanamh ar a astaíochtaí carbóin faoi 2030 agus a bheith neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2050. Cuimsítear freisin le haistriú na cuideachta stáisiúin luchtaithe shárghasta le haghaidh feithiclí leictreacha a shuiteáil ag na stáisiúin seirbhíse dá chuid sa Spáinn agus sa Phortaingéil.

Tá iasacht €415 mhiliún á déanamh ag an mBanc Eorpach Infheistíochta do Moeve le haghaidh na saoráide bithbhreoslaí nua, atá á tógáil ag an gcuideachta in éineacht le Bio-Oils, comhpháirtí ar fochuideachta de chuid Apical é. Tá Apical ar cheann de na príomhphróiseálaithe ola plandúla i Singeapór. Meastar go ndéanfar infheistíocht €1.2 billiún ar an iomlán sa tsaoráid.

“Tá Moeve ar thús cadhnaíochta i ndáiríre,” arsa Luis Velosa, an t-oifigeach ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a bhí i gceannas ar an tionscadal. “Ar na cuideachtaí ola agus gáis ar fad, is aige atá an straitéis dícharbónaithe is uailmhianáí.”

Breoslaí ó shailte

Treoracha nua ón Aontas maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaithe agus le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe is cúis leis an margadh seo le haghaidh dramhaíola ar a dtugtar bunábhar. Faoi na treoracha, ní mór íosmhéid bithbhreoslaí (céatadán beag go hiondúil) a bheith i ndíosal agus i mbreoslaí eile faoi 2030 – agus tiocfaidh méadú mór ar an gcion sin faoi 2050.

“ Is ceannródaí é Moeve i ndáiríre. ”

Buntáiste de shaoráid nua Moeve is ea gur féidir éagsúlacht dramhaíola a phróiseáil ann. “Tá sé sin an-tábhachtach ar fad,” arsa Carmine Marzano, innealtóir sinsearach i rannóg an bhithgheilleagair ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, “mar ní rud gan teorainn é an bith-bhunábhar ar domhan agus tá spriocanna an-ard ar fad ag an Aontas Eorpach.”

‘FEOIL’ MHIONAITHE Ó MHÍCÉILIAM

Úsáideann Matr Foods sa Danmhairg coipeadh fungas chun ionadach feola a chruthú a n-éiríonn leis uigeacht shuánach na mairteola a mhacasamhlú

Rith sé le Morten Sommer, taighdeoir sa mhicribhitheolaíocht ag Ollscoil Theicniúil na Danmhairge go mb'fhéidir go bhféadfaí úsáid a bhaint as miocróib chun bia níos sláintiúla a tháirgeadh nach mbeadh chomh díobhálach céanna don chomhshaol. In éineacht le Leonie Jahn, comhghleacaí leis, phléigh sé acmhainneacht miocrób le Rasmus Toft-Kehler, fiontraí mór le rá lenar bhunaigh Sommer roinnt cuideachtaí bith-theicneolaíochta. Bhí an-eolas ag an triúr acu ar mhicrób agus ar an acmhainneacht atá iontu, ach níorbh eol do dhuine ar bith acu conas bia blasta dhéanamh. Mar sin, chuaigh siad i dteagmháil le Claus Meyer, chef agus bialannaí mór le rá. Tá sé ar dhuine de bhunaitheoirí Noma, bialann ag a bhfuil trí réalta Michelin agus meastar go bhfuil Noma ar cheann de na bialanna is fearr ar domhan. “An rud a dúirt siad, go bunúsach, ná ‘is álainn an rud é bia, ach tá sé ar cheann de na fadhbanna is mó ar domhan,’” arsa Randi Wahlsten, príomhfheidhmeannach Matr Foods, an chuideachta a bhunaigh siad. “Cuireann sé leis an neamhionannas, déanann sé díobháil don dúlra, agus tá sé ina chúis le géarchéim ó thaobh na sláinte de freisin.”

Chuaigh Wahlsten ag obair le Matr Foods roinnt míonna tar éis a bhunaithe in 2021. Bhí níos mó ná deich mbliana caite aici i dtionscal an bhia, ach theastaigh uathu cur chuige níos inbhuanaithe a ghlacadh i leith an táirgthe bia. Chuimhnigh Wahlsten láithreach ar na roghanna tráchtála teoranta ar fheoil a bhíodh ann an tráth sin. “Cheap mé go bhféadfaimis aghaidh a thabhairt ar fhadhb sin na hinbhuanaitheachta trí rud a chur in ionad na feola a bheadh ní ba dheise ná na roghanna a bhí ann ag an am, mar níor roghanna an-tarraingteach iad,” ar sí. “Dhéanadh an iomarca próiseála ar na roghanna sin agus ní raibh siad an-spéisiúil ó thaobh na cócaireachta de.”

Bheartaigh an fhoireann cineál nua feola malartaí a fhorbairt. Ní dhéanfadh sé an fheoil a chóipeáil, mar a dhéanadh táirgí eile ar an margadh san am sin. Ina ionad sin, dhéanfaí iarracht teacht ar an mblas domhain agus ar an uigeacht shuánach chéanna – gan dochar a dhéanamh do shláinte an duine ná don chomhshaol. Trí bliana ina dhiaidh sin, comhábhair atá ar fáil go háitiúil san Eoraip, mar shampla biatas, prátaí, pónairí agus coirce, a úsáidtear in ionadach feola Matr, agus cruthaítear burgar nó feoil mhionaithe le teicnící ársa coipthe fungas. “Faighítear blas domhain umami gan an iomarca próiseála ná breiseán,” arsa Wahlsten, agus tá an blas cosúil le dlúthán domhain muisiriún nó trátaí. “Tá uigeacht áirithe ag na fungais freisin agus scaoiltear leachtanna nuair a itheann tú iad, faoi mar a tharlaíonn nuair a itheann tú píosa feola atá deas suánach.”

Ionadaigh feola i mbun forbartha

Tá an chuideachta lonnaithe i gCóbanhávan agus thosaigh ar bhurgair a dhéanamh de lámh i gcistin thionsclaíoch. Sholáthair an chuideachta na hionadaigh feola do dhá bhialann ardleibhéil sa Danmhairg agus do shraith cháiliúil bialann burgar ar a dtugtar Gasoline Grill. Chuir chefanna agus custaiméirí araon an-spéis sa táirge.

Tá thart ar €40 milliún á infheistiú ag an gcuideachta anois chun cur lena cuid taighde agus forbartha, agus chun saoráid nua a thógáil agus a oibriú lena bhféadfar 3 500 tona d'ionadaigh feola de bhunús plandaí a tháirgeadh – thart ar céad oiread níos mó ná mar atá á tháirgeadh anois. Shínigh an Banc Eorpach Infheistiúchta comhaontú i mí Mheán Fómhair chun maoiniú fiachais fiontair €20 milliún a thabhairt do Matr Foods, le tacaíocht InvestEU.

Tá athrú mór tagtha ar ionadaigh feola le deich mbliana anuas. Tófú nó teimpé a bhíodh sna chéad ionadaigh den chuid ba mhó. Is táirgí bunaithe ar shoighe iad sin nach éasca iad a chuimsiú sa réim bhia Eorpach. “Cuid mhór dinn, níorbh fhéidir linn na táirgí sin a úsáid sna hoidis a dhéanaimid sa bhaile,” arsa Stephan Mitrakas, oifigeach infheistíochta teicneolaíochta glaine ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Smaoinigh, mar shampla, ar spaigití bolognese agus smútáin tofú ann.

Sna hionadaigh feola dara glúin, rinneadh iarracht níos mó a bheith cosúil le feoil, agus d'éirigh go réasúnta maith leo. Bheartaigh Impossible Foods, déantóir an Impossible Burger de bhunús plandaí, tairiscint tosaigh don phobal a dhéanamh lena mbainfeadh luach thart ar \$10 mbilliún, cé go bhfuil laghdú áirithe tagtha ar an luacháil sin ó shin.

Bhíodh cuid mhór breiseán agus “roinnt mhaith saille” i gcuid de na hionadaigh sin toisc gur minic a cuireadh olaí plandabhunaithe leo, arsa Carmine Marzano, innealtóir sinsearach sa rannóg bithgheilleagair ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Tá liosta réasúnta fada comhábhar, agus roinnt breiseán, sna táirgí sin. Meashtar iad agus brúitear trí dhíse ansin iad chun an cruth burgair a dhéanamh. “Tá sé cosúil le gléas a d’úsáidfí chun pasta a dhéanamh,” arsa Marzano. “Próiseas an-chosúil a bhíonn ar siúl ag déantóirí na dtáirgí sin, ach meashtar na comhábhair le heastóscáin próitéine veigeánaí.”

Daba spór muisiriúin

Baineann táirge Matr leis an tríú glúin d’ionadaigh feola. Tá cuma na feola orthu agus tá a n-uigeacht cosúil le feoil, agus is féidir iad a úsáid i mbia clasaiceach an iarthair mar shampla anlann bolognese nó pióg an aoire. In ionad na comhábhair a ghreamú le chéile le breiseáin nó le saille, ní dhéanann an chuideachta ach prátaí, biatais, pónairí agus coirce a ghearradh agus a chócaráil roimh na glasraí a mheascadh le spóir ó fhungais áirithe. Cuirtear na comhábhair ar fad isteach i múnla ar chruth burgair agus nochtar é do phróiseas coipthe rialaithe.

Is ann a bhíonn an draíocht.

Péacann spóir na muisiriún agus déanann siad mícéiliam, struchtúr atá cosúil le fréamhacha atá déanta as snáithíní nó filiméid shnáitheacha. Na fréamhacha beaga sin a bhriseann síos na cothaithe sa mheascán glasraí, rud a scaoileann aimíonaigéid agus stáirsí blasta a éiríonn don nuair a chócaráiltear iad, ar aon dul le feoil. An mícéiliam a ghreamaíonn gach rud le chéile, agus is uaidh sin a thagann struchtúr agus uigeacht shuánach na mburgar.

“Tá sé cosúil leis an mbácáil, ar bhealach,” arsa Wahlsten. Dá meascfá uisce, plúr agus salann le chéile agus dá gcuirfeá isteach san oigheann iad, ní tharlódh rud ar bith, “ach dá gcuirfí taos géar nó giosta leis, ghníomhachtófaí na miocróib bheaga agus d’íosfaidís siúd na cothaithe sa phlúr. Ar an mbealach sin, cuireann siad blas agus uigeacht sa taos agus beidh arán álainn agat ansin. An rud céanna atá ar siúl againne.”

“ **Blas domhain umami gan an iomarca próiseála ná breiseán.** ”

NUACHÓIRIÚ NA hUACHTARLAINNE

Téann Gropper, an dara táirgeoir bainne orgánaigh is mó sa Ghearmáin, i mbun nuachóirithe chun táirgí nua a thabhairt isteach agus astaíochtaí a laghdú

Obhí 1929 ann, tá an teaghlach céanna i gceannas ar Gropper. Trí ghlúin tar éis a bunaithe, faigheann an chuideachta déiríochta seo sa Ghearmáin a bainne amh ó 780 feirmeoir déiríochta laistigh de raon 160 km nó mar sin ó Bissingen. Is comhpháirtíochtaí iad sin a mhaireann i bhfad. Maireann na conarthaí idir dhá bhliain agus trí bliana agus ceanglaítear praghsanna córa le meánphraghsanna an mhargaidh. “Coinnimid caidrimh mhaithe ar bun lenár soláthróirí trí chumarsáid agus comhoibriú leanúnach, rud a chothaíonn an mhuinín agus an fás ar an dá thaobh,” arsa Heiner Gropper, Príomhfheidhmeannach. “Cabhraíonn an cur chuige sin linn slabhra soláthair athléimneach agus inbhuanaithe a thógáil don todhchaí.”

Ach is deacair an nuálaíocht a mhaoiniú i margadh déiríochta ilroinnte nach bhfuil ach líon beag oibríochtaí trasteorann móra ann. Nuair a thug Gropper aghaidh ar chaoineoga, súnna agus deochanna bunaithe ar bhainne, chuaigh sé i dteagmháil leis an mBanc Eorpach Infheistíochta chun maoiniú a fháil. Rinne brainse maoinithe an Aontais Eorpaigh infheistíocht €49 milliún i mí Mheán Fómhair 2024 chun tacú le nuachóiriú na saoráidí a bhí ag Gropper ag an am agus, mar thoradh ar an infheistíocht sin, bainfear úsáid níos lú as gás nádúrtha agus laghdófar astaíochtaí ó chúrsaí iompair trí stóras agus lóistíocht uathoibríthe. Cuimsítear leis an tionscadal freisin infheistíochtaí sa bhonneagar chun fuinneamh a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite. “Tá áthas orm a bheith ag obair le Gropper mar is cuideachta faoi úinéireacht teaghlaigh í,” arsa Karol Czarnecki atá ag obair ar an tionscadal ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. “Cuideachtaí cosúil le Gropper, is iad bunchloch gheilleagar na Gearmáine iad i ndáiríre. Tá meas mór againn ar a meascán uathúil de chobhsaíocht ghnó agus de bhainistíocht lúfar. Ba thaithí an-luachmhar é bheith ag obair i gcomhar leo, agus cuireadh feabhas mór ar ár léargais ar an margadh seo.”

Geall inbhuanaithe

Chun coinneáil suas lena chuspóirí ó thaobh an aistrithe ghlais agus na hinbhuanaitheachta de, tá Gropper ag brath ar an nuachóiriú le teicnící stórála atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus lóistíocht lena seachnaítear ciliméadair sa bhreis idir siopaí. “Ní le huirlisí agus teicnící nua amháin a bhaineann an nuachóiriú seo againne. Baineann sé le fíis de thionscal déiríochta inbhuanaithe,” arsa Gropper, an príomhfheidhmeannach. “Tagann an fhíis sin le treochtaí domhanda níos leithne sa mhargadh déiríochta ina leantar de bheith nuálach, d’ainneoin na ndúshlán atá ann, i réimsí amhail laghdú na dramhaíola agus i gcúrsaí uathoibríthe.”

Tá teicneolaíocht uathoibríthe níos nuai á cur in ionad na línte táirgthe ag Gropper, agus tá an acmhainneacht táirgeachta á méadú freisin. “Ní hamháin go bhfuil borradh á chur faoin éifeachtúlacht agus faoi cháilíocht táirgí ag Gropper, ach tá fuinneamh á spáráil faoi mar a thugann an chuideachta a cúl leis an ngás nádúrtha,” arsa Jean-François De Saedeleer a bhí ag obair ar an tionscadal ag an mBanc Eorpach Infheistíochta freisin.

RÉITEACH BLASTA

Baineann Oceanloop úsáid as cur chuige ardteicneolaíochta i leith an dogharshaothraithe inbhuanaithe, agus tá an fheirmeoireacht séaclaí á tabhairt isteach sa 21^ú haois ag an gcuideachta seo atá lonnaithe in München

Tá fadhb mhór ag séaclaí cosbhána: tá siad chomh blasta sin go mbíonn daoine an-tógtha ar fad leo. Tá fás 8% sa bhliain ar an éileamh ar shéaclaí. Ach tá costas mór comhshaoil agus sóisialta ag gabháil le freastal ar an éileamh sin. Tá an séacla cosbhán ar liosta dearg bia mara de chuid Greenpeace International mar thoradh ar scrios na mangróibh, ró-iascaireacht san fhiántas, truailliú, agus sáruithe móra ar chearta an duine i dtíortha áirithe.

Tá sé mar aidhm ag Oceanloop, cuideachta atá bunaithe in München, é sin a athrú. “Ní dhéanann an aeráid difear dár dteicneolaíocht feirmeoireachta séaclaí lán-uathoibrithe faoi dhíon. Mar sin, is féidir linn a bheith ag obair de ló is d’oíche, sa gheimhreadh agus sa samhradh, i mbeagnach gach áit ar domhan,” arsa Fabian Riedel, príomhfheidhmeannach na cuideachta.

Tá cineál nua feirme séaclaí forbartha ag an gcuideachta teicneolaíochta dogharshaothraithe trínar féidir an bia mara mórélímh seo a shaothrú agus a phróiseáil ar thalamh in aeráidí níos fuaire, mar shampla an Eoraip, le tionchar íosta ar an gcomhshaol agus dálaí barrmhaithe le haghaidh na n-ainmhithe.

Mangróibh uirbeacha

Bíodh is go saothraítear formhór na séaclaí i locháin chiorclacha amuigh faoin aer, saothraítear séaclaí Oceanloop in umar fada faoi dhíon. Rialaítear aeráid an umair agus roinntear an t-umar ina chodanna le ballaí is féidir a bhogadh chun séaclaí a scaradh de réir aoise. Tá sraitheanna cruachta cothrománacha sna codanna éagsúla le gur féidir leis na hainmhithe a scíth a ligean faoi mar a dhéanfaidís ina ngnáthóg nádúrtha. Déantar an t-uisce a scagadh agus a athshruthú i bpróiseas lúbiata a chumhachtaítear go páirteach leis an bhfuinneamh in-athnuaite, rud a fhágann nach gá aon antaibheathaigh ná táirgí cógaisíochta eile a úsáid.

“Thugamar faoi deara roinnt blianta ó shin go gcaitheann séaclaí ar mhéid áirithe cuid mhór ama ina luí ag bun an umair,” arsa Riedel. “Déanann siad é sin san fhiántas, ach ní féidir leo é a dhéanamh i bhfeirmeacha traidisiúnta séaclaí toisc nach mbíonn go leor spáis acu. Tá ár mangróibh uirbeacha cosúil le scríobairí spéire, agus bíonn i bhfad níos mó spáis ag na séaclaí chun a scíth a ligean. Ar an gcaoi sin, d’éirigh linn éifeachtúlacht i bhfad níos mó a bhaint amach inár gcóras táirgthe mar is breá leis na séaclaí é sin.”

Teastaíonn ón gcuideachta cur leis an táirgeadh anois: ar dtús trína treoirthionscadal in Kiel na Gearmáine ar chósta Mhuir Bhailt a fhairsingiú; agus ansin feirm nua i bhfad níos mó a oscailt ar Gran Canaria na Spáinne a chumhachtófar le fuinneamh na gaoithe agus na gréine. Chuir an Banc Eorpach Infheistíochta fiachas fiontair €35 mhilliún ar fáil chun pleananna uailmhianacha na cuideachta a mhaoiniú. Is iasacht fhadtéarmach é sin agus é mar aidhm léi cuidiú le cuideachtaí ag céim luath agus i mbun forbartha fairsingiú gan baint d’úinéireacht na scairshealbhóirí atá ann cheana féin. Tá an maoiniú tacaithe ag ráthaíocht ó InvestEU, scéim shuaitheanta an Aontais Eorpaigh chun an infheistíocht in earnálacha straitéiseacha a spreagadh.

A photograph of two construction workers in safety gear. On the left, a woman wearing a yellow hijab, safety glasses, and a high-visibility yellow vest with a MAUTH logo. On the right, a man wearing a white hard hat with a MAUTH logo, a plaid shirt, and a high-visibility yellow vest with a MAUTH logo. He is holding a blue clipboard and a pen. The background shows an industrial or construction site with pipes and a ceiling.

€8.4
billiún

Bíonn gnólachtaí beaga ina bhfostaítear daoine óga agus mná á maoiniú ag banc áitiúil sa Mháratáin a fhaigheann tacaíocht trí iasacht ón BEI.

INFHEISTIÚ DOMHANDA ARDTIONCHAIR

“ Ní mór don Úcráin infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar criticiúil chun seirbhísí poiblí ríthábhachtacha a choinneáil ar bun. Tacaímid leis an Úcráin sa phróiseas sin trí mhaoiniú tarraingteach a chur ar fáil, mar aon le cúnamh teicniúil. Táim bródúil as an obair atá ar siúl againn ann i gcúinsí an-deacair. ”

Rafal Rybacki, ceann ar an iasachtú eanála poiblí i gComharsanacht Oirthearach an Aontais Eorpaigh, BEI Domhanda

“ Tá méadú ag teacht ar na bearnaí sa chomhionannas inscne. Tá sochaithe ag streachailt le bheith níos ionchuimsithí agus níos inbhuanaithe. Tá sé ríthábhachtach go dtiocfaidh méadú ar ár maoiniú le haghaidh an chomhionannais inscne bliain i ndiaidh bliana. Táim bródúil go mbímid ag tacú le fiontraithe mná teacht ar chaipíteal agus go maoinímid réitigh le haghaidh shláinte na mban. Déanaimid an t-iompar poiblí agus spásanna uirbeacha níos sábháilte agus níos inrochtana do chách, agus cuirimid ar chumas feirmeoirí mná lán a n-acmhainneachta a bhaint amach. ”

Yasmine Pagni, ceann an aonaid beartais shóisialta, Tionscadail an BEI

“ Is stairiúil an rud é an chéad chomhaontú chun fiachas a thiontú ina bhearta aeráide, agus shíníomar an comhaontú sin le Barbadós i mí na Nollag. Is ionstraim airgeadais nuálach atá ann faoina n-atreoraítear maoiniú a d’úsáidfí chun rátaí arda úis ar sheanfhiacha de chuid Bharbadós a íoc. Ina ionad sin, déantar an maoiniú a infheistiú i mbonneagar atá athléimneach ó thaobh aeráide de agus in athchóiriú éiceachóras. Is treoirphlean atá ann chun tíortha leochaileacha a chumhachtú. ”

Alexandra Almeida, oifigeach sinsearach iasachtaí, BEI Domhanda

SRUTH I dTREO NA TODHCHAÍ

Déanann an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin an obair ullmhúcháin le haghaidh ballraíocht den Aontas Eorpach le tionscadail lena léirítear misneach agus mianach na ndaoine

Gach maidin ag 5:10 r.n., cuireann an chéad tram tús lena aistear ó Iliđža, bruachbhaile ar iarthar Shairéavó, go Baščaršija, an basár ó na meánaoiseanna arb é croílár cultúrtha na cathrach é. Tá an t-aistear laethúil seo ar cheann de bhunchlocha an tsaoil i Sairéavó ó bunaíodh an trambhealach 140 bliain ó shin. Tá an t-aistear á dhéanamh ag muintir na háite leis na glúnta, agus tá an tram ina chuid d'fhéiniúlacht na cathrach anois.

D'Esad Mujagić, is mó atá i gceist leis an tram ná modh iompair amháin – saothar saoil aige atá ann. “Nuair a thosaigh mé ag obair do chuideachta iompair phoiblí na cathrach sna 1980idí, níor mheas gurbh iad tramanna a leagfadh amach mo ghairm,” ar sé.

Stop tramanna na cathrach de bheith ag imeacht den chéad uair riamh i rith léigear brúidiúil Shairéavó sna 1990idí, mar cuireadh bac ar na bealaí mar thoradh ar an bhforéigean a bhí i réim sa chathair ag an am. Cuireadh tús leis na tramanna arís tar éis dhá bhliain fhada, cé nach raibh an léigear críochnaithe go fóill. Uaidh sin amach, shaothraigh Mujagić gach aon lá chun an dochar a rinne urchair agus srápnal a dheisiú. “Theastaigh uainn na tramanna a choinneáil ag imeacht,” arsa Mujagić. “Theastaigh uainn go mbeadh cúrsaí mar a bhíodh ag daoine ina ngnáthshaol laethúil.”

Ar feadh blianta fada tar éis an chogaidh, bhí lorg an chogaidh le feiceáil ar sheantramanna Shairéavó agus iad ag imeacht tríd an gcathair, agus thug Mujagić faoi fheachtas chun tramanna nua a fháil. D'éirigh lena chuid oibre crua in 2024. Den chéad uair riamh le 40 bliain anuas, sheol Sairéavó flít tramanna gealbhuí nua. Tá na tramanna á maoiniú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta trí dhá iasacht ar luach €75 mhilliún iad. An aidhm atá ann an brú tráchta a laghdú agus dul i ngleic le ceann de na fadhbanna is práinní i Sairéavó, mar atá truailliú an aeir.

Tá na tramanna ar cheann de na comharthaí iomadúla ar an dul chun cinn lena n-aithnítear 2024 mar phointe casaidh le haghaidh thionscadail fhadtéarmacha na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus le haghaidh uailmhianta na tíre ó thaobh an Aontais Eorpaigh de. Go luath in 2024, thoiligh ceannairí an Aontais Eorpaigh tús a chur leis an gcaibidlíocht faoi aontachas. Tá garspriocanna á mbaint amach ag mórthionscadail bhonneagair ar fud na tíre – tá bóithre á leagan, tá feirmeacha gaoithe á gcur suas, agus tá ospidéal á n-uasghrádú. Chuaigh an Banc Eorpach Infheistíochta i gcomhar leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach chun an dul chun cinn sin a spreagadh.

In 1984 a fuair Sairéavó tramanna nua den uair dheiridh, tráth a cuireadh na Cluichí Oilimpeacha Geimhridh ar siúl sa chathair. Creideann Mujagić go bhfuil na tramanna nua ag cabhrú chun buaicphointe Shairéavó a chruthú arís. “Braitheann sé mar a bhraith sé roimh an gcogadh. Tá súil agam go bhfuil an tionscadal seo ar cheann de chuid mhór tionscadal chun fíorchathair Eorpach a dhéanamh de Shairéavó agus chun an tír a chur ar an mbóthar chun bheith ina ball den Aontas Eorpach.”

“**Braitheann sé mar a bhraith sé roimh an gcogadh.**”

An tuile ba mheasa sa chéad

Tá Sairéavó lonnaithe ar bhruacha Abhann an Miljacka. Tá an chathair i ngleann agus cúig shliabh faoi bhrat crainn shíorghlasa mórthimpeall air. Déantar ceiliúradh ar an abhainn in go leor amhráin phobail, agus tá cuid de na sainchomharthaí is cáiliúla sa chathair gar di. Tá breis is dosáen droichead trasna na habhann, Ina measc siúd, tá an Droichead Laidineach, áit ar maraíodh an tArd-Diúc Franz Ferdinand, agus ba é sin a chuir tús leis an gCogadh Mór.

Achar gearr sa charr ó lár na cathrach feadh an Miljacka, tá foraoisí fairsinge dúghlasa. Is ann a thrasnaíonn tú ó Chónaidhm na Boisia agus na Heirseagaivéine go Republika Srpska, ceann de dhá eintiteas uathrialaitheacha a cruthaíodh tar éis an chogaidh. Cuid mhór d'oirtheas agus de thuaisceart na tíre atá in Republika Srpska, agus pobal Seirbiach den chuid is mó a chónaíonn ann.

Cas ar dheis, agus téann an bóthar chomh fada le hionad sciála na gCluichí Oilimpeacha i Sairéavó. Cas ar chlé, agus beidh tú ag taisteal ar bhóthar a bhfuil cuid de na radhairc is áille sa tír le feiceáil uaidh. Téann an bóthar chomh fada le Bijeljina, an dara cathair is mó in Republika Srpska. Ar aon dul le Sairéavó, bhí ar Bijeljina aghaidh a thabhairt ar thubaistí le déanaí. I mí na Bealtaine 2014, bhí sé ag croílár na tuile ba mheasa a taifeadh riamh in oirdheisceart na hEorpa. Chuir an tuile isteach ar bhreis is 100 000 duine, agus aslonnaíodh 33 000 duine. Bhí breis is 90 000 heicteár faoi uisce mar aon le 35 000 teach agus foirgneamh. Meastar go raibh luach €1 bhilliún ar an dochar de bharr na tuile.

Le deich mbliana anuas, tá Miroslav Čvrgić, leas-stiúrthóir ar an institiúid bainistithe uisce phoiblí in Republika Srpska, ag obair ar thionscadal chun an réigiún a chosaint ó thuilte eile amach anseo. Faoi thionscadal seo, a fuair páirtmhaoiniú €74 mhiliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta, athchóiríodh 160 km de bhealaí uisce agus 100 km de dhíoga, rud a fhágann gur fearr atá an réigiún in ann déileáil le tuilte atá ag éirí níos coitianta mar gheall ar an athrú aeráide. "Tá cosaint againn anois ar thuilte tubaisteacha mar a tharla in 2014, nó an rud ar a dtugtar tuile nach dtarlódh ach uair gach 100 bliain," arsa Čvrgić a bhfuil cónaí air in Bijeljina.

Tosaíonn sé ag báisteach fad atá sé ag caint. "Tá sé go breá," ar sé ag féachaint ar an spéir. "Níl faitíos orainn roimh an mbáisteach níos mó."

"Motháim ar deireadh gur fiordhochtúir mé"

Nuair a bhuail na tuilte an chathair in 2014, chuir an t-ospidéal nua tacaíocht ar fáil a bhí ag teastáil go géar. Bhí an t-ospidéal ar an gcéad mhórshaoráid cúraim sláinte a tógadh i gceantar Bijeljina ó bhí 1939 ann. "Bhí sé ar an tionscadal sláinte ba mhó in Republika Srpska ag an am, agus bhí an saol mór ag féachaint orainn," arsa an Dr Siniša Maksimović, stiúrthóir an ospidéil sa tréimhse sin.

Osclaíodh an t-ospidéal in 2013, tar éis oibreacha tógála nár mhair ach trí bliana, agus tháinig an t-ospidéal i gcomharbacht ar roinnt saoráidí seanchaite. Beagnach 250 leaba atá ann mar aon le cúig obrádlann. "Bhí gach aon rud breá nua – an trealamh agus an foirgneamh féin – agus bhí sé ar an tsaoir sláinte ba nua-aimseartha sa tír ag an am," arsa Maksimović. "Agus d'éirigh linn an caighdeán sin a choinneáil."

Dar le Radmila Simić, ceann na n-altraí atá ag obair san ospidéal le 24 bliana, ba chlaohlaitheach an t-aistriú chuig an bhfoirgneamh nua. "Bhraith sé go raibh tús á chur le ré nua dár gcúram sláinte," ar sí. "Tá dul chun cinn gasta déanta ó shin." Sa lá atá inniu ann, tagann othair ó gach cearn den Bhoisia agus den Heirseagaivéin, agus ó thíortha comharsanachta freisin, chun an ospidéal. "Cuirimid ardchúram sláinte ar fáil nach raibh fáil air roimhe sin," arsa an Dr Mikajlo Lazić, péidiatraí atá ina stiúrthóir ar an ospidéal faoi láthair.

Bhí tógáil an ospidéil ina cuid de thionscadal €115 mhiliún a mhaoinigh an Banc Eorpach Infheistíochta, lenar cuimsíodh freisin atógáil an ionaid chliniciúil in Banja Luka, an chathair is mó in Republika Srpska. In 2023, shínigh an BEI iasacht eile chun tacú le tógáil campais liachta nua ag Ollscoil Banja Luka mar aon leis na huasghráduithe leanúnacha ar an ionad cliniciúil ann. "An rud is tábhachtaí ar fad ná go mbíonn na hothair sásta," arsa Simić.

Ba mhór an t-athrú é an t-ospidéal do na hothair agus don fhoireann araon. “Nuair a osclaíodh an foirgneamh nua ar dtús,” arsa Maksimović, “tháinig comhghleacaí suas chugam tar éis sheal na hoíche agus dúirt ‘Motháim ar deireadh gur fiordhochtúir mé.’”

“An abhainn ag croílár an tsaoil againn”

Tá Bijeljina lonnaithe idir dhá abhainn, mar atá an Sava agus an Drina, agus ní hé an t-aon réigiún sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin é a bhfuil an-tábhacht le haibhneacha ann. Abhainn an Bosna a thug a hainm don tír féin, agus tagann an t-ainm ó fhocal Illirise arb é “uisce reatha” is brí leis. Mar sin féin, an Neretva i ndeisceart na tíre atá ar an abhainn is mó a thugann féiniúlacht dá réigiún. Tá an Neretva 225 km ar fhad, agus tá clú agus cáil air as a cuid uisce smaragaidghlais atá chomh fuar le hoighear – is í an abhainn is fuire ar domhan í. Téann an abhainn trí altáin mhórthaibhseacha agus trí chathracha stairiúla, go háirithe Mostar ina bhfuil ceann de na séadchomharthaí is cáiliúla sa tír, mar atá an Sean-Droichead. Scríosadh an droichead le linn an chogaidh sna 1990idí agus atógadh é ina dhiaidh sin, agus is léiriú cumhachtach ar an athmhuintearas atá anois ann.

“Nuair a bhí mé óg, théimis ag snámh ag na tránna i lár na cathrach féin, díreach 50 méadar ón seanbhaile,” arsa Emir Nuspahić a chaith a shaol ina chónaí sa chathair. “Ach níorbh iontach linn é ag an am.” Tá laghdú mór tagtha ar cháilíocht an uisce mar thoradh ar chórais séarachais nár bainistíodh i gceart, rud a chuir dathanna cáiliúla glasa agus turcaide na habhann i mbaol. “Faoi mar a leathnaigh an chathair amach, níor pleanáladh an córas séarachais i gceart agus bhí cuid mhór sceití séarachais faoi cheilt san fhásra feadh bhruacha na habhann,” a mhíníonn sé.

In Mostar a rugadh agus a tógadh Nuspahić agus níor fhág sé an chathair riamh. Ar na bruacha sin a thóg sé a chlann. “Deirtear go bhfuil an saol cosúil le habhainn, ach anseo tá an abhainn ag croílár an tsaoil againn,” arsa sé.

Bhí Nuspahić meáite ar ghlóir na habhann a thabhairt ar ais, agus tá deich mbliana caite aige i gceannas ar thionscadal glantacháin mar chuid dá ról in údarás na cathrach. “Chuireamar bailitheoirí dríodair ar trastomhas mór ar an dá thaobh den abhainn le nach mbíonn séarachas á fholmhú díreach isteach san abhainn. Agus tá toradh na hoibre sin le feiceáil cheana féin.”

Díreach 25 km siar ó thuaidh ó Mostar, tá sé mar mhisean ag fear eile an abhainn ina cheantar féin a shábháil. D’fhás Boro Đolo aníos feadh bhruacha Abhainn an Lištica. “San áit seo, bíonn snámh ag daoine sula mbíonn siúl acu,” ar sé.

Is seanathair ciúinbhriathrach é Đolo, agus caitheann sé a chuid ama ag obair le heagraíocht áitiúil chun pobal éisc dhúchais an cheantair a thabhairt ar ais. Ina shaol gairmiúil, tá 35 bliana caite ag Đolo in earnáil an uisce agus é ag obair le cathair Široki Brijeg. Tá sé i gceannas ar thionscadal ann chun feabhas a chur ar sheirbhísí dramhuisce chun an Lištica a chosaint. Tá 25 km de línte séarachais agus 4 km de dhraenacha áir tógtha agus athchóirithe ag an gcathair cheana féin, agus tá saoráid cóireála dramhaíola á tógáil ag an gcathair faoi láthair chun freastal ar an 15 000 duine a bhfuil cónaí orthu ann.

Tá na tionscadail in Mostar agus in Široki Brijeg ina gcuid d’iarracht níos mó, atá maoinithe ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, chun feabhas a chur ar an uisce agus ar an tsláintíocht ar fud Chónaidhm na Boisnia agus na Heirseagaivéine. An infheistíocht €60 milliún sna tionscnaimh sin, is cuid í de ghealltanais níos fairsinge an Bhainc, ar fiú €240 milliún iad, i leith an bhonneagair uisce agus na cosanta ar thuilte sa tír.

Cumhacht na gaoithe

Ní hé cosaint na timpeallachta amháin a bhíonn ar siúl ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Tá an Banc ag cuidiú freisin leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin ullmhú don aistriú glas trí thacú lena spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite. Shínigh BEI Domhanda, brainse forbartha an Bhainc, iasacht €36 mhilliún leis an gcuideachta leictreachais phoiblí sa tír chun feirm ghaoithe 50 MW a thógáil ar ardchlár shliabh Vlašić i gcroílár na tíre.

Neartóidh an fheirm ghaoithe soláthar fuinnimh na tíre agus cuirfidh sí freisin leis an nginiúint cumhachta ó fhoinsí in-athnuaite. Tá cáil ar shliabh Vlašić go háitiúil as an gcáis chaorach thraidisiúnta a dhéantar ann, agus beidh 18 dtuirbín gaoithe ina seasamh ar an sliabh go luath. Meastar go nginfear 115 GWh de leictreachas gach bliain leis an tionscadal. Is leor é sin chun 20 000 teach cónaithe a chumhachtú agus laghdú 140 000 tona sa bhliain a dhéanamh ar astaíochtaí CO₂, rud is ionann agus 33 000 carr a bhaint den bhóthar le haghaidh na tréimhse céanna.

Tá an iasacht sin de bhreis ar na deontais €21 milliún a thug an tAontas Eorpach trí Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar.

Ar an mbóthar

Faoi mar a cheanglaíonn Abhainn an Neretva muintir an Heirseagaivéin le chéile, tá bóthar nua tríd an réigiún á thógáil agus déanfaidh sé ceangal idir an tír ar fad.

Conair Vc a thugtar air, agus téann an bóthar seo atá 679 km ar fhad ó Bhúdaipeist chomh fada le cósta na Cróite, agus is sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin atá an chuid is mó den bhóthar. Ceanglóidh an mótarbhealach daoine agus gnólachtaí le chéile, laghdóidh sé amanna taistil, agus neartóidh sé an caidreamh eacnamaíoch. Is sampla é freisin d'fhíorbhóthar, agus de bhóthar siombalach, na tíre i dtreo an Aontais Eorpaigh.

Tá breis is 148 ndroichead agus 46 thollán i gceist le Conair Vc, agus tá sé ar an tionscadal bonneagair is mó sa tír. Rinneadh dul chun cinn mór in 2024 nuair a críochnaíodh poll an tolláin is faide sa tír agus nuair a osclaíodh droichead 1 km na Heirseagaivéine thar an Neretva. Bhí ról mór ag an mBanc Eorpach Infheistíochta sna forbairtí sin, agus rinne an Banc infheistíocht os cionn €1 bhilliún i gConair Vc go dtí seo.

“ **Níl faitíos orainn roimh an mbáisteach níos mó.** ”

AR AN mBÓTHAR IARAINN CEART

Tá a hiarnróid á n-atógáil ag an Albáin le tacaíocht airgeadais agus theicniúil ón Aontas Eorpach, agus tá astaíochtaí a laghdú aici freisin

Is é díreach 50 km san uair meánluas na dtraenacha idir Vorë, cathair i lár na hAlbáine, agus an teorainn le Montainéagró ar bhóthar iarainn atá ligthe i bhfaillí le blianta fada. Mar chuid de straitéis na tíre le haghaidh an fháis inbhuanaithe, tá infheistíocht á déanamh ag an rialtas i nuachóiriú an ghréasáin iarnróid faoi phlean lena laghdófar astaíochtaí, lena gcuirfear feabhas ar an tsábháilteacht agus lena laghdófar amanna taistil go mór. Tiocfaidh méadú faoi dhó nach mór ar mheánluas na dtraenacha ar an líne go dtí suas le 120 km san uair.

Mar chuid de Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta an Choimisiúin Eorpaigh do na Balcáin Thiar, baineann an tionscadal tairbhe as pacáiste airgeadais ón Aontas ina gcuimsítear iasacht €100 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta, deontas infheistíochta €126 mhilliún ó Chreat Infheistíochta na mBalcáin Thiar, agus iasacht €98.75 milliún ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha.

Tá líne iarnróid Vorë-Hani i Hotit ina síneadh ar phríomhchonair na Meánmhara de TEN-T, agus nascann an líne Tiorána le Podgorica, agus le mórghréasán iarnróid na hEorpa níos faide ar aghaidh. Tá an t-iarnród ina chuid de phlean an rialtas athchóiriú a dhéanamh ar thart ar 420 km de ráillí a imíonn ó thuaidh agus soir ó chathair Durrës. Tógadh bonneagar iarnróid na hAlbáine idir 1947 agus 1987 go príomha, agus tá meath ag teacht air de réir a chéile mar thoradh ar easpa airgid agus ar chothabháil easnamhach. Chuaigh rudaí in olcas mar thoradh ar an gcrith talún tubaisteach a bhuaíl an tír in 2019.

“**Tá cuid mhór againn anseo, agus táimid go léir ag tarraingt le chéile.**”

Anois, teastaíonn ón Albáin níos mó ná 75% den ghréasán iarnróid a nuachóiriú, a atógáil agus a leictriú sna deich mbliana amach romhainn.

“Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ar cheann dár bpríomhpháirtithe i gcónaí chun roinnt tionscadail straitéiseacha a chur i gcrích maidir le bonneagar bóithre agus iarnróid,” arsa Belinda Balluku, leas-phríomhaire agus aire bonneagair agus fuinnimh na hAlbáine.

Tá brainse maoinithe an Aontais Eorpaigh ar cheann de phríomh-mhaoinitheoirí na hearnála seo sa réigiún, agus tá infheistíocht níos mó ná €1.9 billiún déanta ag an mBanc in iarnróid na mBalcáin Thiar go dtí seo. I dteannta an mhaoinithe, rinne saineolaithe ó chlár comhairleach JASPERS, atá á mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, plean gníomhaíochta a fhorbairt chun cur leis an acmhainneacht le tionscadail an bhonneagair iarnróid a bhainistiú san Albáin.

“Chruthaigh ár dtacaíocht chomhairleach timpeallacht chumasúcháin laistigh den chuideachta iarnróid chun feabhas a chur ar a scileanna agus chun na hiarnróid a chur ar bhealach a leasa arís,” arsa Jakubik Denis, bainisteoir taisc JASPERS don tionscadal.

“Ar an gcaoi sin, ba cheart go ndéanfaí difear dearfach don tír, agus ba cheart go gcuirfí freisin le lánpháirtiú iarnróid na hAlbáine sa ghréasán iarnróid Eorpach agus sa mhargadh Eorpach, agus ba cheart go gcuideofaí freisin le próiseas aontachais na tíre san Aontas Eorpach.”

TÁIMID GO LÉIR AG TARRAINGT LE CHÉILE

Tá téarnamh na hÚcráine ag díriú ar theas, leictreachas, uisce, ospidéal, mná agus scoileanna

Cailladh máthair Vadym Chursin i bhfad roimh thús an chogaidh. Dmytro, a athair, a thóg é agus a bhí mar an cara is fearr aige ó bhí sé an-óg. Tá dáimh níos mó ag an mbeirt le chéile ó theith siad óna mbaile dúchais gar do theorainn theas na hÚcráine nuair a ghlac saighdiúirí na Rúise seilbh ar an mbaile. “Is ar éigean a bhfuil rud ar bith fágtha dár dteach inniu, agus is ar éigean atá foirgneamh ar bith ina sheasamh i gcónaí inar mbaile dúchais,” arsa Vadym atá 16 bliana d’aois. Tá leath-theach ar cíos ag an mbeirt in Odesa, gar do scoil nua Vadym, le dhá bhliain anuas. “Is daoine easáitithe anois muid. Tá cuid mhór againn anseo, agus táimid go léir ag tarraingt le chéile.”

Freastalaíonn Vadym ar Scoil Uimh. 41 in Odesa. Tá an scoil sin ar cheann de na chéad scoileanna a deisíodh faoin gcéad chlár téarnaimh de chuid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta don Úcráin. Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag cuidiú chun breis is 300 scoil, naiscoil, ospidéal agus saoráid tithíochta sóisialta a athchóiriú i dtuairim is 150 cathair san Úcráin. Chuir sé feabhas ar na córais leictreachais, gais, uisce, sláintíochta agus bainistithe dramhaíola soladaí i níos mó ná dosaen réigiún agus d’éirigh leis níos mó ná 100 tionscadal a chur i gcrích. Faigheann an Banc iarratais nua ar chabhair gach aon seachtain.

Príomhthionscnaimh dár gcuid

- Tá níos mó ná €2 bhiliún íoctha amach ag Grúpa an BEI sna trí bliana seo a chuaigh thart chun cathracha a dheisiú agus chun riachtanais phráinneacha a chlúdach san Úcráin. Thug an Banc iasacht dar luach thart ar €4 bhiliún do thíortha mórthimpeall ar an Úcráin chun cabhrú le cúrsaí tithíochta, scoileanna, cúram leighis agus fostaíocht do dhídeanaithe.
- Tá Ciste an Aontais Eorpaigh le haghaidh na hÚcráine ar cheann de na hionstraimí airgeadais is nuaí atá ar fáil, agus is é is aidhm dó foirgnimh bhardasacha a atógáil, seirbhísí poiblí a athbhunú, agus cabhair a chur ar fáil d’fhiontraithe. Gheall tíortha ar fud an Aontais Eorpaigh go dtabharfaidís €420 milliún don chiste sin.
- Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ina chomhpháirtí i sásra maoinithe den Aontas Eorpach ar a dtugtar an tSaoráid don Úcráin. Is clár téarnaimh €50 billiún é a mhairfidh go dtí 2027. Caithfidh an Banc níos mó ná €2 bhiliún ón gciste sin ar chúrsaí fuinnimh, bóithre, iarnróid, uisce, tithíocht agus oideachas.
- Ar na tionscadail thábhachtacha in 2024, cuimsítear fairsingiú 112, an uimhir theileafóin éigeandála Eorpach, san Úcráin chun teacht ar na póilíní, ar otharcharr, nó ar lucht múchta dóiteán; tacaíocht le haghaidh UNIT.City, an chéad pháirc nuálaíochta san Úcráin atá tiomnaithe do scileanna digiteacha agus don oiliúint; agus iasacht €50 milliún le haghaidh cóistí meitreo nua i gCív.
- I mí Mheán Fómhair 2024, mhol brainse maoinithe an Aontais Eorpaigh plean téarnaimh fuinnimh €600 milliún chun cabhrú leis an Úcráin agus an geimhreadh ar na bacáin chun a chinntiú go mbeidh leictreachas agus teas ag gnólachtaí agus ag áiteanna cónaithe. Tófar foscadáin chun fostáisiúin leictreachais a chosaint ó bhumaí.

BAINTEAR SPRIOCANNA AMACH LE COTHROMAS

Ó cúrsaí lóistíochta i ndeisceart na hAfraice go dtí an ghaoth amach ón gcósta in oirthear na hÁise, déanann an Banc Eorpach Infheistíochta cothromas a infheistiú i gcistí ardtionchair a ndéantar difear ceart lena gcuid tionscadal

Gach aon lá, trasnaíonn 1 000 leoraí an teorainn ón Afraic Theas isteach go Mósaimbíc agus aghaidh á tabhairt acu ar chalafort Mhapútó. Maireann an tiomáint 100 km chuig an gcósta suas le 12 uair an chloig go hiondúil. Bíonn na leoraithe lán le tráchtearraí mar shampla cróm, maighnéidít agus torthaí citris agus, tar éis an turais sin, caitheann siad idir sé agus ocht n-uair an chloig ag trasnú na teorann agus ag déileáil leis an lucht custam. Ach cúpla ciliméadar roimh an tranglam tráchta, tá bóthar nua chuig saoráid trasnaithe eile atá á hoibriú ag The Logistics Group, cuideachta ón Afraic Theas a fhaigheann tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta trí infheistíocht ar luach beagnach \$75 milliún i gcistí Africa Infrastructure Investment Managers, bainisteoir cistí atá bunaithe in Cape Town. Ní thógann sé ach 45 nóiméad na foirmiúlachtaí a dhéanamh ann, agus cuirtear na hearraí ar thraenacha a théann díreach chuig Mapútó. “Ní gá an leoraí a pháirceáil, ní gá teacht amach as an leoraí, agus ní gá a bheith ag útamáil le páipéir,” arsa Anton Potgieter, príomhfheidhmeannach The Logistics Group. Anuas ar am a spáráil, cabhraíonn an tsaoaráid le custaiméirí airgead a shábháil agus a n-astaíochtaí carbóin a laghdú.

Chun tacú le cuideachtaí amhail The Logistics Group a gcuidíonn a dtionscadail le spriocanna beartais an Aontais Eorpaigh i réigiúin amhail deisceart na hAfraice, déanann an Banc Eorpach Infheistíochta infheistíocht i gcistí ardtionchair a bhfuil taithí agus saineolas acu. “Cothromas atá ag teastáil más mian leat athrú a bhaint amach ar an talamh,” arsa Gergely Horvath, oifigeach infheistíochta ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. “Is leis an gcothromas a bhaintear spriocanna amach i ndáiríre.” Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag obair i gcomhar le Africa Infrastructure Investment Managers ó bhí 2008 ann. Rinne sé infheistíocht bhreise €30 milliún i gcistí an ghnólachta in 2024.

Déanta sa Téaváin

Ach infheistíocht a dhéanamh i gcistí spriocdhírthe ag a bhfuil bainisteoirí a bhfuil taithí na mblianta acu, is féidir leis an mBanc Eorpach Infheistíochta cur le spriocanna beartais an Aontais Eorpaigh le comhpháirtithe ar fud an domhain. Mar shampla, trína infheistíocht \$100 milliún in Global Markets Fund II de chuid Copenhagen Infrastructure Partners, tá an Banc ag cabhrú chun tionscal na cumhachta ón ngaoth amach ón gcósta a fhorbairt i margaí atá ag teacht chun cinn. Tá páirc gaoithe amach ón gcósta Changfang-Xidao de chuid an bhainisteora cistí Dhanmhargaigh lonnaithe 11 km amach ó chósta thiar na Téaváine agus cuireadh an pháirc i gcrích i mí na Bealtaine 2024. Meastar go soláthrófar beagnach 600 MW de chumhacht nuair a bheidh an pháirc faoi lán seoil, rud a chuirfidh méadú 25% ar an acmhainneacht giniúna cumhachta ón ngaoth ar an oileán.

“Cothromas atá ag teastáil más mian leat athrú a bhaint amach ar an talamh.”

ÉAGSÚLACHT NA TODHCHAÍ

Cuireann banc áitiúil sa Mháratáin iasachtaí ar fáil chun deis níos fearr a thabhairt d'fhiontraithe mná agus do dhaoine óga gnólacht a stiúradh nó post a fháil

Nuair a thóg Cheikh Mohamed Elkarachi ceannas ar ghnólacht a athar le linn phaindéim COVID-19, ceann de na chéad athruithe a rinne sé ná díriú ar cabhrú le mná san ionad oibre. “Theastaigh uaim mná a fhostú, ach ní raibh leithris do mhná againn, fiú amháin,” arsa Elkarachi, príomhfheidhmeannach Rim Foam, ceann de na soláthróirí cúir agus tochtaí is mó sa Mháratáin. “Chuir mé leithris ar leith isteach le go mbeadh mná ar a gcompord ag obair anseo, agus thosaigh mé ar mhná a fhostú le haghaidh ról thábhachtacha mar measaim gur gá cur leis an éagsúlacht i ngnólachtaí na tíre seo.”

Chun cabhrú leis na feabhsuithe sin a dhéanamh agus an táirgeadh a fhairsingiú, thóg Elkarachi iasacht bheag amach i mí na Bealtaine 2024 ó bhanc áitiúil, mar atá an Banc don Tráchtáil agus don Tionsclaíocht sa Mháratáin. Bhí sé ar chumas an bhainc sin tacú le Elkarachi agus le go leor fiontraithe eile mar fuair sé iasacht €20 milliún ón mBanc Eorpach Infheistíochta. Shínigh an Banc an iasacht sin i mí Feabhra 2024 chun cabhair airgeadais a chur ar fáil do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide, go háirithe iad sin ina bhfostaítear daoine óga agus mná sa Mháratáin. Ag druidim ar dheireadh 2024, bhí an Banc don Tráchtáil agus don Tionsclaíocht tar éis iasachtaí beaga a thabhairt amach arbh fhiú thart ar leath an mhaoinithe a fuair sé ón mBanc Eorpach Infheistíochta iad.

Misneach chun infheistíocht a dhéanamh i smaointe

Is é príomhspríoc na hiasachta sin ón mBanc Eorpach Infheistíochta cur leis an bhfostaíocht agus breis daoine a spreagadh chun gnólachtaí a bhunú. D'fhulaing geilleagar na Mháratáine go mór i rith na paindéime, agus tá géarghá le hinfeistíocht i bhfairsingiú gnólachtaí. Ar na gnólachtaí a fuair cabhair ón mBanc don Tráchtáil agus don Tionsclaíocht in 2024, bhí oibríochtaí cúir Elkarachi, clinicí liachta príobháideacha, suiteálaithe grianphainéal, monaróir pasta, agus cuideachta a dhíolann trealamh chun rís a phróiseáil.

Is íle an cuimsiú eacnamaíoch, go háirithe do mhná, sa Mháratáin ná in go leor tíortha comharsanachta mar shampla Maracó agus an tSeineagáil. Is é thart ar 26% céatadán na mban sa lucht saothair. Is mar an gcéanna an leibhéal sin, a bheag nó a mhór, le roinnt deicheada de bhlianta anuas, de réir an Bhainc Dhomhanda. Beagnach 60% an leibhéal rannpháirtíochta fear sa lucht saothair. Cuirfear borradh mór faoin olltáirgeacht intíre má chabhraítear le mná poist a fháil. Tá ráta ard dífhostaíochta (thart ar 24%) i measc an ógra sa Mháratáin freisin.

“**Measaim gur gá cur leis an éagsúlacht i ngnólachtaí na tíre seo.**”

Chun tacaíocht a fháil ón mBanc don Tráchtáil agus don Tionsclaíocht, ní mór do ghnólachtaí sa Mháratáin a thaispeáint go bhfuil iarracht á déanamh acu teacht le tionscnamh domhanda ar a dtugtar Dúshlán 2X. Cuireadh tús le Dúshlán 2X ag cruinniú eacnamaíoch den Ghrúpa 7 in 2018 chun cabhrú le bainc forbartha infheistiú i mná. An sprioc is déanaí de Dhúshlán 2X is ea infheistíocht \$20 billiún ar a laghad a dhéanamh chun cabhrú le mná idir 2024 agus 2027. “Tá acmhainneacht ollmhór sa Mháratáin ó thaobh an fháis inbhuanaithe de, go háirithe mar gheall ar na hacmhainní nádúrtha saibhre, forbairtí fuinnimh in-athnuaite agus iascaigh fhairsinge atá ann,” arsa Marc-Antoine Coursaget, oifigeach iasachtaí le haghaidh Iarthar na hAfraice ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. “Is féidir linn tógáil ar na láidreachtaí sin agus geilleagar níos athléimní a chruthú ach mná agus daoine óga a chumhachtú.”



8

AONTAS NA MARGAÍ CAIPITIL

“

Leanaimid ar ár n-aistear ceannródaíoch chun acmhainneacht na teicneolaíochta mórleabhar dáilte a léiriú chun an trédhearcacht, an éifeachtúlacht agus an tslándáil a chothú i margaí caipitil. Chuireamar ceithre idirbheart leictreonacha i gcrích i mí na Samhna – trí eisiúint bannaí agus aon infheistíocht bannaí amháin – i ndlúthchomhar le rannpháirtithe móra sa mhargadh. Is céim thábhachtach é sin chun réitigh leictreonacha a thástáil agus a fhorbairt agus chun a gcomhtháthú san éiceachóras airgeadais Eorpach a chur chun cinn. ”

Marco Zimmermann, ceann na rannóige cistíochta agus margaí caipitil, Stiúrthóireacht Airgeadais an BEI

ARDÁIN LE HAGHAIDH CAIPITIL

Cuirfidh aontas na margaí caipitil borradh faoi na margaí urrúsúcháin agus caipitil fiontair chun cur leis an infheistíocht san fhíorgheilleagar. Tá sé léirithe ag ceannródaithe áirithe san Eoraip cheana féin cén chaoi a bhféadfaí é sin a dhéanamh

Nuair ba ghá do IPM Rubi a línte táirgthe stampála miotail a uasghrádú, chuaigh an chuideachta mheánchaipitilíthe ó Vitoria-Gasteiz i dteagmháil le Banco Santander chun maoiniú a fháil. Chabhraigh iasacht €4 milliún ón mbanc Spáinneach le IPM Rubi a monarchana sa Ghailís agus i réigiún Álava a aisfheistiú. Mar thoradh air sin, bronnadh gradam inbhuanaitheachta ar an gcuideachta i mí Dheireadh Fómhair 2024 as an tomhaltas fuinnimh agus, dá bhrí sin, astaíochtaí a laghdú faoina leath. Cinntíodh leis an aisfheistiú freisin gur féidir le IPM Rubi, ina bhfuil 400 duine fostaithe, coinneáil suas le forbairtí i dtionscal na ngluaisteán agus an dá chliant is mó atá acu a choinneáil, mar atá Mercedes Benz agus Stellantis ar leis roinnt monaróirí carranna, Fiat, Opel agus Peugeot ina measc.

“Is drámatúil agus is bunriachtanach an rud é seo dúinne. Níorbh fhéidir linn teacht slán gan an tionscadal seo,” arsa Ricardo Romo, Príomhfheidhmeannach. “Agus níorbh fhéidir linn é a dhéanamh gan an maoiniú.”

D’fheithiclí paisinéirí na línte táirgthe uasghrádaithe. Measann Romo, áfach, go mbeidh air feabhsuithe cosúla a dhéanamh go gairid ar na línte le haghaidh feithiclí earraí. “Tá súil againn teacht ar ais chuig an mbanc chun maoiniú breise a lorg,” ar sé, “le gur féidir linn coinneáil suas le leictriú thionscal na ngluaisteán.”

Is ann a thagann cúrsaí praiticiúla ghnó stampála miotail IPM Rubi, lena mbaineann láimhdeachas €128 milliún, le chéile le réimse diamhair dobhraite an urrúsaithe airgeadais. Déanann Banco Santander iasachtaí amhail an iasacht a thug sé do IPM Rubi a phacáistiú ina n-urrúis, díolann sé le hinfheisteoirí iad agus úsáideann sé na fáiltais chun iasachtaí nua a dhéanamh, amhail an iasacht a bheidh ag teastáil ó IPM Rubi le haghaidh líne na bhfeithiclí earraí. Is margadh leachtach ollmhór é an t-urrúsú sna Stáit Aontaithe agus san Áise. Teastaíonn ón Eoraip breith suas leo, le go mbeidh maoiniú sa bhreis ar fáil do ghnólachtaí amhail IPM Rubi atá ríthábhachtach don fhíorgheilleagar. Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ag infheistiú in idirbhearta urrúsúcháin ó bhainc Eorpacha agus ag forbairt struchtúir urrúsúcháin nuálacha a bhfuil an banc ag súil go n-eascróidh margadh níos mó astu, mar chuid dá thacaíocht le haghaidh an mhargaidh aonair le haghaidh caipitil ar fud na mór-roinne ar a dtugtar aontas na margaí caipitil.

“**Níorbh fhéidir linn teacht slán gan an tionscadal seo.**”

Maoiniú éifeachtúil le haghaidh FBManna

I gcomparáid leis na Stáit Aontaithe agus leis an Áise, chuir rialáil dhocht moill áirithe ar fhás an urrúsúcháin san Eoraip – go háirithe an chuid sin den mhargadh le haghaidh oibríochtaí urrúsúcháin lena ngabhann rátáil níos airde agus toradh níos lú. Chun dul i ngleic leis sin, tá Grúpa an BEI ag tacú le bainc nuálacha le hinfheistíochtaí móra in idirbhearta urrúsúcháin lena gcruthaítear margadh níos leachtaí.

Tá sé sin ina chuid de phlean atá ag brainse maoinithe an Aontais Eorpaigh aontas na margaí caipitil a chur chun cinn. San am céanna, soláthraítear maoiniú le haghaidh cuideachtaí beaga agus meánmhéide (FBManna) in earnálacha éagsúla, príomhréimsí amhail an aeráid agus an nuálaíocht ina measc. “Táimid ag cur lenár rannpháirtíocht sa mhargadh urrúsúcháin,” arsa Manuel Conthe, oifigeach iasachtaí ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. “Bealach éifeachtúil atá ann chun iasachtaí do FBManna a mhaoiniú.”

“ **Ní mór dúinn infheistíochtaí agus iarrachtaí Ghrúpa an BEI a dhéanamh go straitéiseach sna háiteanna sin ina bhfuil an gá is mó linn ó thaobh an mhargaidh agus na dtionscnóirí de.** ”

Is ar an gcúis sin a d'oibrigh Grúpa an BEI ar infheistíocht €530 milliún in oibríocht urrúsúcháin le Banco Santander a síníodh i mí na Bealtaine 2024. Rinne an Banc Eorpach Infheistíochta infheistíocht €440 milliún i dtránsí adráitilte urrús a bhí bunaithe ar chomhthiomsú iasachtaí Santander dá chliant, agus leithdháileadh €60 milliún ar thránsí ar ghrád neamhinfheistíochta. Mar chúiteamh air sin, thoiligh Santander dhá oiread an mhéid sin a thionscnamh in iasachtaí nua do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe sa Spáinn. Tá siad ríthábhachtach do gheilleagar na tíre agus tá ról mór acu chun an fhostaíocht agus an fás a spreagadh. “Trí na bannaí sin a dhíol, scaoilimid acmhainneacht le haghaidh iasachtaí dár gcustaiméirí,” arsa Koldo Oleaga Gascue, ceann na húsáide sócmhainní ag Santander i Maidrid. “Déanaimid caipiteal a athchúrsáil, agus cuirimid leis an tacaíocht a thugaimid do phobail agus dár gcustaiméirí.”

Bearna a líonadh sa mhargadh urrúsúcháin

Tá méadú áirithe ar an margadh urrúsúcháin Eorpach ó lár na deacáide seo a chuaigh thart. Tá an méadú sin teoranta do na tránsí d'aon idirbheart lena ngabhann riosca níos lú, áfach. Is lú an riosca agus, dá bhrí sin, an brabús a bhaineann le tránsí sinsearach, agus tá siad sin ar an gcion is mó d'fhormhór na struchtúir urrúsaithe – gar do 80% go minic, mar atá in oibríocht urrúsúcháin Santander. Ciallaíonn sé sin gur gá do bhainc amháil Santander cuid mhór den chineál tráinse sin a chur sa mhargadh.

Is ann a bhíonn ról mór ag an infheistíocht ó Ghrúpa an BEI. “Trí chuid thábhachtach den tráinse sinsearach a cheannach, éascaíonn Grúpa an BEI láithriú struchtúir iomlán idirbheart an-mhór sa mhargadh,” arsa Bálint Kónya, anailís ar an airgeadas struchtúrtha ag an gCiste Eorpach Infheistíochta.

Is é an Ciste Eorpach Infheistíochta fochuideachta an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a dhíríonn ar FBManna. Cé go raibh a infheistíocht in idirbheart urrúsúcháin Santander i bhfad níos lú – ar luach €30 milliún – tá ról mór ag a shaineolas in urrús shintéiseacha chun oibríochtaí urrúsúcháin a struchtúráil, a chaibidliú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh an Chiste Eorpaigh Infheistíochta agus an Bhainc araon. Mar thoradh ar ranníocaíocht an Chiste Eorpaigh Infheistíochta, thoiligh Santander punann €60 milliún a thionscnamh d'iasachtaí a thabharfar do FBManna agus do chuideachtaí beaga meánchaipitlithe. Bhí gealltanais ann freisin gur cheart 30% de na hiasachtaí nua a dhíriú ar infheistíochtaí inbhuanaithe agus ba cheart 20% a thabhairt don “mhaoiniú cothromaíochta inscne,” mar shampla cuideachtaí atá á stiúradh ag fiontraithe mná.

Creideann Karen Huertas, bainisteoir sinsearach infheistíochta ag an gCiste Eorpach Infheistíochta, go léirítear leis na comhaontuithe sin luach Ghrúpa an BEI in aontas na margaí caipitil. “Léiríonn rannpháirtíocht Ghrúpa an BEI sna comhaontuithe seo go mbíonn idirbhearta urrúsúcháin éifeachtúil go heacnamaíoch agus go láithriúil go héifeachtach sa mhargadh iad, agus cuirimid le fás an gheilleagair Eorpaigh i gcónaí,” arsa Huertas. “Ní mór dúinn infheistíochtaí agus iarrachtaí Ghrúpa an BEI a dhéanamh go straitéiseach sna háiteanna sin ina bhfuil an gá is mó linn ó thaobh an mhargaidh agus na dtionscnóirí de.”

Smaointe de bhunús na hEorpa

Is mó a bhraitheann cuideachtaí Eorpacha ar mhaoiniú bainc go hiondúil ná cuideachtaí sna Stáit Aontaithe agus san Áise, áit a bhfuil margadh caipitil fiontair níos mó. Dá bhrí sin, is minic a cheannaíonn infheisteoirí ó na Stáit Aontaithe gnólachtaí nuathionscanta Eorpacha. Níl doimhneacht mhargaí na Stát Aontaithe ag na margaí caipitil Eorpacha ach an oiread mar is margaí náisiúnta iad agus, dá bhrí sin, tá siad réasúnta teoranta ó thaobh scála de.

Cuireadh tús leis an bhfeachtas is nuaí ar son aontas na margáí caipitil le tionscnamh ón gCoimisiún Eorpach in 2020. Ag Cruinniú Mullaigh Euro sa Bhruiséil i mí an Mhárta 2023, d'iarr na ceannairí rialtais "go gcuirí dlús leis na hiarrachtaí comhchoiteanna, agus lucht ceaptha beartas agus rannpháirtithe na margáí ar fud an Aontais rannpháirteach iontu, chun aontas na margáí caipitil a thabhairt chun cinn." I mí Dheireadh Fómhair 2024, chuir airí airgeadais an Aontais fáilte roimh mholtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta aontas na margáí caipitil a neartú.

Labhair an tUachtarán Nadia Calviño faoi roinnt bealaí inar féidir leis an mBanc Eorpach Infheistíochta cuid de bhloic thógála aontas na margáí caipitil a sholáthar, ionas gur san Aontas Eorpach féin a fhanfaidh na smaointe a thagann chun cinn san Aontas. Ar na smaointe sin, tá ardán urrúsúcháin lena bhféadfaí níos nó idirbhearta caighdeánaithe a dhéanamh, rud a chuimseodh bainc níos lú agus a shaorfaidh a gcaipiteal dá réir sin le haghaidh iasachtaí do FBManna.

Am-íditheach

Ba thábhachtach an rud é an caighdeánú, mar bíonn sé casta agus fadálach oibríochtaí urrúsúcháin saincheaptha a bhunú.

I mí Iúil, shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta comhaontú le BPCE, grúpa mór baincéireachta ón bhFrainc. Cheannaigh an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta nótaí sinsearachta – rinne an Banc infheistíocht €750 milliún agus rinne an Ciste infheistíocht €50 milliún. Mar chúiteamh air sin, thoiligh BPCE a dhá oiread sin a chur ar fáil mar iasachtaí nua laistigh de thrí bliana. Den chéad uair don Bhanc Eorpach Infheistíochta sa Fhrainc, beidh na hiasachtaí nua ag díriú ar chuideachtaí beaga in earnáil na nuálaíochta, teicneolaíochtaí sláinte ina measc. "Is cinnte go dteastaíonn uainn níos mó comhaontuithe mar seo a dhéanamh," arsa Nicolas Mardam-Bey, an t-oifigeach iasachtaí ag an mBanc Eorpach Infheistíochta a bhí ag obair ar an gcomhaontú. "Ba cheart go maolófaí na rialacháin faoi aontas na margáí caipitil le gurbh fhéidir eisiúintí níos mó a dhéanamh."

“**Is féidir éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaint amach mar thoradh ar scála oibríochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.**”

Go dtí go ndéanfar dul chun cinn ar aontas na margáí caipitil, éascaíonn rannpháirtíocht féin an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta comhaontuithe a bhféadfadh sé nach ndéanfaí iad ar chor ar bith murach an rannpháirtíocht sin. "Is féidir éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaint amach mar thoradh ar scála oibríochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta," arsa Jean-

Philippe Foeillet, ceannaire is saineolaí ag aonaid baincéireachta infheistíochta Natixis de chuid BCPE. "Tá na hidirbhearta sin dian ar acmhainní, ar am agus ar theicneolaíocht faisnéise, mar sin baineann siad tairbhe as barainneachtaí scála a fhágann gurb inmharthana a mbainistíú."

I bhfianaise scála an bhirt leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, tá a fhios ag Foeillet go mbeidh sé ábalta infheisteoirí eile a thabhairt isteach sa struchtúr céanna.

Struchtúir a d'fhéadfadh a bheith ina n-ardáin

An struchtúr a forbraíodh do bheart BPCE, is casta – agus is nuálaí – é arís ná an gnáth-urrúsúchán.

Is é atá i bhformhór na n-oibríochtaí urrúsúcháin comhthiomsú ar leith de bhun-iasachtaí a dhéantar le linn tréimhse ar leith. Cuireann an beart seo le BPCE ar a chumas don bhanc Francach iasachtaí nua a chur in ionad na mbun-iasachtaí ar bhonn tréimhsiúil. Go bunúsach, d'fhéadfadh an Banc an struchtúr céanna a choinneáil ar bun agus é a úsáid ar feadh blianta fada, go ceann tamall fada tar éis aisíoc na chéad bhun-iasachtaí. Is gaire é, dá bhrí sin, don chineál ardáin urrúsúcháin a d'fhéadfadh an Banc Eorpach Infheistíochta a chur ar bun mar chuid dá thacaíocht le haghaidh aontas na margáí caipitil, arsa Jesper Skoglund, bainisteoir airgeadais struchtúrtha ag an gCiste Eorpach Infheistíochta a bhí ag obair ar an gcomhaontú le BPCE. "Teastaíonn uainn leanúint ar aghaidh leis na cineálacha seo ionstraimí urrúsúcháin a úsáid chun iasachtú nua a spreagadh," ar sé. "Ar an gcaoi sin, cruthófar margadh urrúsúcháin níos gníomhaí san Eoraip agus cuirfeair borradh faoin iasachtú leis an bhfíorghuilleagar."

Curaidh na teicneolaíochta

Tá an Ciste Eorpach Infheistíochta taobh thiar de thionscnamh eile d'aontas na margáí caipitil ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta freisin, agus is ardán infheistíochta ina cheart féin atá sa tionscnamh sin i ndáiríre.

Is é is aidhm do Thionscnamh Crann Taca Teicneolaíochta na hEorpa bearna sa mhargadh caipitil fiontair san Eoraip a dhruim trí úsáid a bhaint as acmhainní poiblí agus príobháideacha araon. Is amhlaidh an scéal mar is iad infheisteoirí eachtracha a mhaoiníonn formhór de na cuideachtaí teicneolaíochta doimhne san Eoraip. Ní bhíonn ach cion beag díobh á mhaoiniú ag infheisteoirí Eorpacha, agus is ar éigean a thagann aon chuid den mhaoiniú sin ó na margáí caipitil.

Leis an gCiste Eorpach Infheistíochta a bhaineann cuid mhór den chaipiteal fiontair atá ar fáil san Eoraip, agus déanann sé infheistíocht i gcistí a dhéanann infheistíocht ar a seal i ngnólachtaí nuathionscanta agus i gcuideachtaí atá i mbun fáis. Déanfaidh Tionscnamh Crann Taca Teicneolaíochta 2.0 é sin freisin – ach díreoidh sé chomh maith ar úsáid a bhaint as na comhthiomsuithe móra acmhainní ó chistí pinsean Eorpacha agus ó chuideachtaí árachais, mar shampla, a thiocfaidh chuig an tionscnamh trí ionstraim infheistíochta. Infheisteoirí den sórt sin, ní mheasann siad gur fiú an caipiteal fiontair an t-am agus na hacmhainní go léir is gá chun infheistíochtaí caipitil fiontair réasúnta beag a dhéanamh; beidh deis acu faoi Thionscnamh Crann Taca Teicneolaíochta 2.0 infheistíocht níos mó a dhéanamh trí ionstraim a thabharfaidh rochtain dóibh ar phunann caipitil fiontair éagsúlaithe Eorpach in éineacht. “Nuair a thosóidh infheisteoirí ar dhul i dtaithe ar an gcineál sócmhainní, beidh spéis níos mó acu acmhainní móra a thiomnú,” arsa Adrian Zambrano, saineolaí struchtúraithe ag an gCiste Eorpach Infheistíochta.

Cuirfidh an Tionscnamh Crann Taca Teicneolaíochta borradh faoi mhargadh caipitil fiontair na hEorpa ar dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos, tiocfaidh infheisteoirí amhail cistí pinsean isteach sa mhargadh trí infheistiú san ardán Crann Taca Teicneolaíochta. Ansin, leis an méadú a thiocfaidh ar an infheistíocht i gcistí caipitil fiontair mar thoradh air sin, bainfear amach na spriocanna tiomsaithe airgid le níos mó de na cistí sin agus, dá bhrí sin, cuirfear leis an maoiniú a bheidh ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do chuideachtaí atá i mbun fáis. “Tá iarracht á déanamh againn rochtain ar an gcineál sócmhainní sin a oscailt d’infheisteoirí ón Eoraip,” arsa Zambrano. “Cé go bhfuil sé an-dúshlánach, measaimid gur réiteach ceannródaíoch é.”

Chun tús a chur leis an gciste, rinne sé Bhallstát den Aontas Eorpach agus an Banc Eorpach Infheistíochta infheistíocht €3.7 billiún. Tá coinne leis go mbeidh an ciste ar oscailt d’infheisteoirí príobháideacha in 2025.


“**Measaimid gur réiteach ceannródaíoch é.**”

CÁ AS A dTAGANN AN tAIRGEAD?


Tá an Banc Eorpach Infheistíochta ar cheann de na hinstitiúidí airgeadais iltaobhacha agus na soláthraithe maoinithe don aeráid is mó ar domhan, agus tá sé tiomanta do thionscadal a mhaoiniú ina spreagtar an fás eacnamaíoch, ina dtacaítear le gníomhú ar son na haeráide, agus ina spreagtar an dul chun cinn sóisialta ar fud na hEorpa agus an domhain mhóir. Chun na huaimhianta sin a bhaint amach agus a spriocanna iasachtaithe a chomhlíonadh, tiomsaíonn an Banc Eorpach Infheistíochta cistí fadtéarmacha trí bhannaí a eisiúint ar na margaí caipitil idirnáisiúnta. Meallann na bannaí sin infheisteoirí ar fud na cruinne.

Thiomsaíomar €63.4 billiún in 2024 trí bhannaí a eisiúint, lena n-áirítear €18.3 billiún i bhformáidí glasa agus inbhuanaitheachta, in 13 airgeadra éagsúla. Cé gurbh ar an euro agus ar dhollar na Stát Aontaithe a díriodh go príomha, d'eisigh an Banc bannaí freisin in airgeadraí eile amhail dollar na hAstráile, franc na hEilvéise, punt na hÉigipte, punt steirling, dollar Hong Cong, rúpí na hIndia, peso Mheicsiceo, krone na hIorua, złoty na Polainne, krona na Sualainne, agus rand na hAfraice Theas chun a fhoinsí maoinithe a éagsúlú.

EISIÚINT DE RÉIR AIRGEADRA




CRÍOCHA MHEIRICEÁ




Is Eorpaigh iad na hinfheisteoirí sna heisiúintí sin den chuid is mó, agus baineann siad le thart ar dhá thrian den infheistíocht iomlán. Ó infheisteoirí san Áise, i gCríocha Mheiriceá, sa Mheán-Oirthear agus san Afraic an trian eile, rud a léiríonn a tharraingtí atá an Banc Eorpach Infheistíochta ar fud an domhain.

Mar cheannaire i nuálaíocht na margáí caipitil, tá an Banc Eorpach Infheistíochta ar thús cadhnaíochta ó thaobh maoiniú inbhuanaithe agus aistriú digiteach de. In 2024, sháraíomar luach €100 billiún in eisiúint bannaí glasa agus inbhuanaitheachta ó d'eisiómar an chéad bhanna glas in 2007. Tá na bannaí sin tiomnaithe do thionscadail chomhshaoil agus shóisialta a mhaoiniú. Tá eisiúint roinnt bannaí digiteacha ar ár n-iarrachtaí ceannródaíochta is déanaí. Neartaíomar ár gceannaireacht sa nuálaíocht dhigiteach in 2024 trí pháirt a ghlacadh in obair thrialach an Eurochórais le teicneolaíochtaí nua le haghaidh socrú mórdhíola airgid bainc ceannais.


AN EORAIP



AN ÁISE



AN MEÁNOIRTHEAR AGUS AN AFRAIC



■ 2021 ■ 2022 ■ 2023 ■ 2024

RIALACHAS

Is éard atá sa BEI comhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh atá freagrach do na Ballstáit, agus banc a chloíonn leis an dea-chleachtas baincéireachta is infheidhme ó thaobh cinnteoireachta, bainistíochta agus rialuithe de.

Tá an Bord Gobharnóirí comhdhéanta d'airí rialtais, Airí Airgeadais de ghnáth, ó gach ceann de na 27 mBallstát den Aontas Eorpach. Is iad na gobharnóirí a leagann síos na treoirlínte maidir le beartas creidmheasa an Bhainc agus a dhéanann formheas ar na cuntais bhliantúla uair sa bhliain. Déanann siadsan na cinntí faoi mhéaduithe caipitil agus faoi rannpháirtíocht an Bhainc in oibríochtaí maoinithe taobh amuigh den Aontas Eorpach. Déanann siad an Bord Stiúrthóirí, an Coiste Bainistíochta agus an Coiste Iniúcháireachta a cheapadh chomh maith.

Is é an Bord Stiúrthóirí a dhéanann cinntí ar iasachtaí, cláir iasachta agus ábhair eile a bhaineann le cúrsaí maoinithe. Tagann na stiúrthóirí le chéile uair sa mhí lena chinntiú go mbíonn an Banc á rith de réir chonarthaí an Aontais Eorpaigh, reacht an Bhainc féin, agus treoracha ginearálta arna leagan síos ag an mBord Gobharnóirí. Is ann do 28 stiúrthóir, stiúrthóir amháin arna ainmniú ag gach Ballstát agus stiúrthóir amháin arna ainmniú ag an gCoimisiún Eorpach. Is ann do 31 stiúrthóir malartach chomh maith. Chun cur le saineolas gairmiúil an Bhoird Stiúrthóirí, tá seisear saineolaithe comhthofa chun bheith páirteach i gcruinnithe an bhoird mar chomhairleoirí gan ceart vótála. Is trí thromlach a ionadaíonn nach lú ná 50% de chaipiteal suibscríofa na mBallstát agus aon trian de na comhaltaí boird a bhfuil ceart vótála acu a dhéantar cinntí, mura bhforáiltear a mhalairt sa Reach. Déanann an t-uachtarán cathaoirleacht ar an mbord, ach gan ceart vótála a bheith aige ná aici.

Is é an Coiste Bainistíochta an comhlacht cinnteoireachta ar an láthair. Déanann sé maoirseacht ar reáchtáil an Bhainc ó lá go lá, ullmhaíonn cinntí don Bhord Stiúrthóirí agus déanann cinnte de go gcuirtear na cinntí sin chun feidhme. Tagann na comhaltaí le chéile uair sa tseachtain. Bíonn an Coiste Bainistíochta ag obair faoi údarás an uachtaráin agus faoi mhaoirseacht an Bhoird Stiúrthóirí. Is iad leasuachtaráin an BEI an t-ocht ar comhaltaí eile. Maireann téarma in-athnuaite na gcomhaltaí sé bliana agus níl siad freagrach ach don Bhanc amháin.

Tá Coiste Iniúcháireachta neamhspleách ag an mBanc, agus é freagrach go díreach don Bhord Gobharnóirí. Tá sé freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an BEI agus Ghrúpa an BEI, as a dheimhniú gach bliain go mbíonn oibríochtaí an BEI á seoladh – agus na leabhair á gcoinneáil – ar bhealach ceart, agus as a dheimhniú go mbíonn gníomhaíochtaí an Bhainc ag teacht leis an dea-chleachtas baincéireachta. Cuirtear tuairisc bhliantúil an Choiste Iniúcháireachta don bhliain airgeadais, i dteannta fhreagra an Choiste Bainistíochta uirthi, faoi bhráid an Bhoird Gobharnóirí. Seisear comhaltaí a bhíonn ar an gCoiste Iniúcháireachta agus maireann a dtéarma neamh-inathnuaite sé bliana airgeadais as a chéile. Ina theannta sin, féadann an Bord Gobharnóirí triúr breathnóirí a cheapadh chun tacaíocht a thabhairt don choiste le cúraimí ar leith.

PLEAN OIBRIÚCHÁIN AN GHRÚPA 2025-2027: BUAICPHOINTÍ

- Fás gnó agus iomaíochas
- Infheistíochtaí fiachais fiontair ar riosca níos mó
- Taighde agus forbairt i dteicneolaíochtaí suaiteacha
- Fuinneamh in-athnuaite agus bonneagar inbhuanaithe
- Slándáil agus cosaint

Tá coinne leis go mbeifear ag díriú idir 2025 agus 2027 ar athruithe teicneolaíochta fadréimseacha, costais níos mó an athraithe aeráide agus an t-éileamh ar infheistíocht níos mó sa chosaint, i dtithíocht agus i riachtanais dhomhanda.

Meastar go dtiocfaidh méadú ar iomlán na gcomhaontuithe a shíneoimid go dtí thart ar €95 bhiliún in 2025.

Leanfaidh maoiniú an Bhainc le haghaidh an ghníomhaithe ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil de bheith níos mó ná 50% in 2025. Cuirfimid lenár dtacaíocht le haghaidh fás agus iomaíochas gnólachtaí agus déanfaimid níos mó airgid a infheistiú i dtionscadail cothromais agus fiachais fiontair ar riosca níos mó.

Tacóidh ár gcuid oibre san Eoraip in 2025 le hearnálacha amhail an fuinneamh in-athnuaite agus an bonneagar inbhuanaithe, gréasáin fuinnimh agus idirnascairí, monaraíocht carranna níos fearr, hidrigin ghlas agus stóras glas níos mó, agus laghdú ar astaíochtaí carbóin ón tionscal trom.

Tacóimid le clár nua AE maidir le teicneolaíochtaí straitéiseacha chun cur leis an maoiniú le haghaidh taighde, digitiú agus teicneolaíochta. Cuirfimid leis na hinfeistíochtaí le haghaidh teicneolaíochtaí nua amhail an ríomhaireacht chandamach, an intleacht shaorga, an bhith-theicneolaíocht agus eolaíochtaí na sláinte.

Cuirfidh Grúpa an BEI leis an gcabhair a thugann sé do thionscail na slándála agus na cosanta. Síníodh comhpháirtíochtaí cheana féin le Ciste Nuálaíochta ECAT agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint.

Déanfaimid an tacaíocht airgeadais agus chomhairleach le haghaidh tithíocht inacmhainne a fhairsingiú, go háirithe don ghlúin óg. Cuirfimid béim níos mó ar thrí réimse: taighde le haghaidh teicneolaíochtaí tógála nua; éifeachtúlacht fuinnimh na tithíochta níos sine; agus tógáil nua tithíochta inacmhainne.

Tá coinne againn tionscnaimh nua a chur ar fáil in 2025 le haghaidh aontas margaí caipitil níos láidre. Cuirfimid moltaí i láthair le haghaidh margaí bannaí glasa agus digiteacha níos láidre chun cabhrú le cuideachtaí Eorpacha níos mó maoiniú poiblí agus príobháideach a fháil. Beidh ról mór ag an gCiste Eorpach Infheistíochta i stiúradh na hearnála caipitil fiontair.

Díreoidh BEI Domhanda ar earnálacha amhail soláthairtí uisce, gnólachtaí beaga agus éifeachtúlacht fuinnimh. Leanfaimid de thacú leis an Úcráin agus le méadú an Aontais Eorpaigh san oirthear. Is i réigiún na Meánmhara agus an Afraic fho-Shahárach a mbeidh ár gcuid oibre domhanda go príomha.

Ar deireadh, leanfaidh Grúpa an BEI de phróisis a shimpliú chun tacaíocht níos gasta airgeadais agus chomhairleach a thabhairt le haghaidh iomaíochas na hEorpa. Cuirfimid tograí uailmhianacha chun cinn chun sainorduithe maoinithe a shimpliú, agus chun ceanglais tuairiscithe agus an rómhaorlathas a laghdú.



Príomhthosaíochtaí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta
Tá tuilleadh eolais le fáil [anseo](#)

TOSAÍOCHTAÍ CHUN RATHÚNAIS



An Banc Eorpach
Infheistíochta | Grúpa